An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

DCU
SEALBHÚ
Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge

# Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla

## *Léirbhreithniú ar an Litríocht agus Dearcthaí na bPáirtithe Leasmhara Náisiúnta*

## TUARASCÁIL 1

*I dTreo Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla*

Aisling Ní Dhiorbháin, Patrick Burke, Pádraig Ó Duibhir, Deirbhile Nic Craith, Conall Ó Breacháin, Pearse Ahern, Eithne Ní Dhubhghaill & Anne English

**Foireann Taighde SEALBHÚ, OCBÁC**

***Comh-Phríomhthaighdeoirí***

an Dr Patrick Burke

an Dr Aisling Ní Dhiorbháin

***An Grúpa Stiúrtha***

an tOllamh Pádraig Ó Duibhir

an Dr Deirbhile Nic Craith

***Taighdeoirí***

an Dr Conall Ó Breacháin

Pearse Ahern

Eithne Ní Dhubhghaill

Anne English

**Meán Fómhair 2025**

**Nótaí buíochais**

Ba mhian leis an bhfoireann taighde buíochas a ghabháil leis na baill seo a leanas den AGSMB sa Roinn Oideachais agus Óige as an gcaoi ar chomhoibrigh siad linn nuair a bhí an comhairliúchán ar siúl: Seán Ó hAdhmaill, Odhrán Ó Súilleabháin, Micheál Ó Caoilte, agus Yvonne Ní Mhurchú. Tá buíochas ar leith ag dul do Phádraig Mac Fhlannchadha as an aiseolas a chuir sé ar fáil dúinn nuair a bhí an tuarascáil seo á dréachtadh agus as dul i ngleic leis an taighde/bpróiseas comhairliúcháin ar bhonn proifisiúnta agus tiomanta. Ár mbuíochas, freisin, lenár gcomhghleacaithe in OCBÁC a thacaigh leis an obair ar bhonn inmheánach, go háirithe, an Dr Claire Dunne, an Dr Jacqueline de Brún, an Dr Conchúr Mac Lochlainn, Orla Dawson, an Dr Tríona O'Hanlon, Kieran O'Dwyer agus an Dr Geraldine French. Mar fhocal scoir, is mian linn a chur in iúl go bhfuilimid buíoch de na rannpháirtithe as a gcuid tuairimí a chur in iúl go macánta nuair a bhí an próiseas comhairliúcháin ar siúl.

**Tagairt**

Ní Dhiorbháin, A., Burke, P., Ó Duibhir, P., Nic Craith, D., Ó Breacháin, C., Ahern, P., Ní Dhubhghaill, E., & English, A. (2025). *Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge sna Scoileanna Meán-Bhéarla: Léirbhreithniú ar an Litríocht agus Tuairimí na bPáirtithe Leasmhara Náisiúnta.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Óige.

**Nóta don Léitheoir**

Is é an aidhm atá le Tuarascáil 1 agus le Tuarascáil 2 araon ná réimse tuairimí éagsúla a bhaineann le teagasc agus foghlaim na Gaeilge – de réir mar a léiríodh iad le linn an chomhairliúcháin náisiúnta – a chur in iúl agus achoimre a dhéanamh orthu. Ní gá gurb ionann na tuairimí a chuirtear i láthair sna ranna ábhartha agus na tuairimí atá ag foireann taighde SEALBHÚ, ar bhonn aonair ná go comhpháirteach.

# Clár na nÁbhar

**Clár na nÁbhar** ... **3**
**Réamhrá** ... **6**
**Cuid A: Léirbhreithniú ar an litríocht** ... **8**
An Comhthéacs ... 8
Teagasc agus foghlaim na Gaeilge ón am atá thart go dtí an lá atá inniu ann ... 12
Taighde ar theagasc agus foghlaim na Gaeilge: An cleachtas ranga agus úsáid/cumas teanga ... 16
Taighde ar theagasc agus foghlaim na Gaeilge: Dearcthaí agus inspreagadh ... 18
Teoiricí foghlama teanga ... 20
Oideachas múinteoirí ... 23
Cuir chuige oideolaíochta chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla ... 25
Méadaigh an líon teagmhála leis an teanga agus méadaigh deiseanna úsáide na teanga ... 26
Cur chuige scoile uile ... 26
Gaeilge neamhfhoirmiúil a úsáid ... 26
Cur chuige ilteangach ... 27
FCÁT, an fhoghlaim thascbhunaithe, an fhoghlaim ghníomhdhírithe ... 28
Fócas ar fhoirm na teanga ... 29
Tabhair tacaíocht do pháistí chun scileanna litearthachta a fhorbairt sa Ghaeilge ... 29
An Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) ... 30
Acmhainní digiteacha ... 31
Measúnú ... 32
Oideachas Ionchuimsitheach ... 34
Conclúid ... 35
**Cuid B: Na torthaí ón gcéad ócáid chomhairliúcháin a reáchtáladh leis na páirtithe leasmhara** ... **37**
**An Mhodheolaíocht** ... **37**
Rannpháirtithe ... 37
Giniúint agus taifeadadh sonraí ... 37
Anailísiú sonraí ... 37
**Na torthaí** ... **39**
Fís don Ghaeilge a bheadh uaillmhianach agus comhnasctha ... 39

Curaclam agus measúnú: Dul chun cinn a chinntiú, tús áite a thabhairt don teanga labhartha .......... 41
Oideolaíocht teanga: Láidreachtaí, dúshláin agus deiseanna .......... 43
Úsáid na Gaeilge taobh amuigh den cheacht gaeilge: Deiseanna cumarsáide trí Ghaeilge a chruthú .......... 45
Ag tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile .......... 48
Cumas Gaeilge na múinteoirí agus an mhuinín atá acu as a gcuid Gaeilge .......... 48
An fhoghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí .......... 49
Féidearthachtaí maidir le tuilleadh comhoibrithe .......... 49
Ceannaireacht .......... 50
Acmhainní agus tacaíochtaí don Ghaeilge i scoileanna meán-Bhéarla .......... 51
Meastóireacht .......... 51
Páirt a thabhairt do thuismitheoirí, do chaomhnóirí agus don phobal i gcoitinne .......... 52
Ionchuimsitheacht a chinntiú .......... 53
Seisiún a hAon: Meon agus úsáid .......... 55
Achoimre ar na príomhthéamaí a bhaineann leis an anailís ar an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara .......... 55
Seisiún a Dó: Comhtháthú agus comhordú .......... 58
**Cuid C: Cruinnithe comhairliúcháin déthaobhacha/iltaobhacha sa Roinn Oideachais agus Óige .......... 63**
Achoimre ar na príomh-mholtaí a rinne na páirtithe leasmhara .......... 63
Eagraíochtaí bainistíochta scoile (1) .......... 68
Eagraíochtaí bainistíochta scoile (2) .......... 69
Eagraíochtaí ionadaíochta na bpríomhoidí .......... 71
Soláthróirí oideachas tosaigh múinteoirí (leibhéal na bunscoile) .......... 73
Soláthróirí oideachais tosaigh múinteoirí (Iar-bhunleibhéil) .......... 74
Ceardchumainn na múinteoirí .......... 75
Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do thuismitheoirí agus don aos óg (1) .......... 77
Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do thuismitheoirí agus don aos óg (2) .......... 78
Na ranna Gaeilge sna hollscoileanna éagsúla .......... 79
Na heagrais Ghaeilge .......... 80
Eagraíochtaí a phléann le cúrsaí ionchuimsithe/riachtanais bhreise .......... 83
Seirbhísí tacaíochta na Roinne do mhúinteoirí .......... 84
Seirbhísí Gaeilge do dhaoine óga .......... 86
Saineolaithe ar theagasc na Gaeilge .......... 88
Saineolaithe ar oideachas múinteoirí .......... 91
Saineolaithe ar chúrsaí measúnaithe .......... 93

Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do ghrúpaí mionlaigh ........ 94
Áisíneachtaí Stáit ........ 95
Saineolaithe teicneolaíochta ........ 96
**Tagairtí ........ 98**
**Aguisín A: Eagraíochtaí a ghlac páirt sa chéad ócáid chomhairliúcháin ........ 107**
**Aguisín B: Na ceisteanna a cíoradh ag na seisiúin plé ........ 109**
**Aguisín C: An teimpleád taifeadta a d'úsáid gach taifeadóir ........ 111**

# Réamhrá

Is é SEALBHÚ, Lárionad Taighde OCBÁC um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge, a d'ullmhaigh an tuarascáil seo mar chuid de phróiseas comhairliúcháin a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla a fhorbairt. Seo an chéad cheann den dá thuarascáil atá coimisiúnaithe ag an Aonad Gaeilge um Scoileanna Meán-Bhéarla (AGSMB) sa Roinn Oideachais agus Óige (ROÓ).

Bunaíodh an taighde a rinneadh don tuarascáil seo ar na trí phríomhphrionsabal thíos, a bheidh mar threoir don Phlean Gnímh don Ghaeilge:

I. an tábhacht a bhaineann le meon dearfach a chothú i leith na Gaeilge
II. gealltanas chun úsáid na Gaeilge a mhéadú
III. beartais, gníomhaíochtaí, struchtúir agus acmhainní a chomhtháthú le chéile.

Tá trí phríomhchuid sa tuarascáil:

- **Cuid A: Léirbhreithniú ar an Litríocht;** tugtar eolas sa chuid seo ar thorthaí ardleibhéil a bhaineann le taighde, teoiric agus cleachtas a bhí ann cheana agus atá ábhartha don chomhairliúchán reatha.
- **Cuid B: Torthaí na Chéad Ócáide a Reáchtáladh leis na Páirtithe Leasmhara;** tugtar eolas anseo ar phríomhthorthaí na chéad ócáide comhairliúcháin a reáchtáladh i bPáirc an Chrócaigh in Eanáir 2025.
- **Cuid C: Moltaí ó Chruinnithe Déthaobhacha/Iltaobhacha leis na Páirtithe Leasmhara**; tugtar eolas sa chuid seo ar na príomh-mholtaí a rinne na páirtithe leasmhara sa tsraith cruinnithe déthaobhacha/iltaobhacha a tionóladh ag deireadh an chomhairliúcháin in Aibreán/Bealtaine 2025.

Ba chóir an tuarascáil seo a léamh i gcomhar leis na torthaí a léirítear i dTuarascáil 2 (Burke et al., 2025). Sa tuarascáil sin, déantar plé ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara scoilbhunaithe, i.e., páistí, daoine óga, múinteoirí, múinteoirí faoi oiliúint, príomhoidí agus tuismitheoirí/caomhnóirí.

# CUID A

# *Léirbhreithniú ar an Litríocht*

# Cuid A: Léirbhreithniú ar an litríocht

Sa chuid seo, tugtar forbhreathnú ar theagasc agus foghlaim na Gaeilge ó bunaíodh an Stát ar mhaithe le cur le tuiscint an léitheora ar chomhthéacs na scoileanna meán-Bhéarla san am atá thart agus sa lá atá inniu ann freisin. Déantar athbhreithniú ar chuid den litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta chun bonn láidir a chur faoi spriocanna a bheidh fianaisebhunaithe, inghníomhaithe agus intomhaiste. Dírítear aird ar leith ar chomhthéacs na teanga mionlaigh. Ní mór do léitheoirí a thuiscint nach athbhreithniú fairsing ar an taighde ná ar an litríocht ábhartha ar fad atá anseo, ach athbhreithniú giorraithe a rinneadh ar an litríocht ar mhaithe le tacú leis an bpróiseas comhairliúcháin.

Tá an léirmheas litríochta leagtha amach de réir na míreanna seo a leanas: (i) An comhthéacs reatha, (ii) Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge ón am atá thart go dtí an lá atá inniu ann, (iii) Taighde ar Theagasc agus Foghlaim na Gaeilge – An Cleachtas sa Seomra Ranga agus Úsáid/Cumas Teanga (iv) Taighde ar Theagasc agus Foghlaim na Gaeilge - Dearcthaí agus Inspreagadh, (v) Teoiricí Foghlama Teanga, (vi) Oideachas Múinteoirí agus (vii) Cuir Chuige Oideolaíochta chun Tacú le Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla. Ag deireadh chuid a seacht, cuirtear moltaí i láthair a eascraíonn ón taighde agus ón litríocht agus arbh fhiú iad a chur san áireamh chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla.

## An Comhthéacs

Aithnítear gurb í an Ghaeilge an chéad cheann de trí theanga oifigiúla an Stáit i.e., Gaeilge, Béarla agus Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (Rialtas na hÉireann, 2017). Is é an Béarla príomhtheanga an phobail sa tsochaí a bhfuil borradh mór faoin éagsúlacht teanga agus chultúrtha inti. Sa lá atá inniu ann, déantar an Ghaeilge a theagasc i dtír ilteangach ina labhraítear breis is 200 teanga gach uile lá (An Phríomhoifig Staidrimh [POS], 2017; 2023). Is í an Pholainnis an teanga bhaile is mó a labhraítear taobh amuigh den Bhéarla agus den Ghaeilge (POS, 2023). Tá an Ghaeilge fite fuaite le hoidhreacht, cultúr, polaitíocht agus oideachas na hÉireann leis na blianta fada. Cuireann éagsúlacht teanga agus chultúrtha a lán deiseanna nua ar fáil maidir le teagasc agus foghlaim na Gaeilge agus maidir le foghlaim teangacha ar scoil i gcoitinne (Little & Kirwan, 2019; Murray et al., 2023; Ní Dhiorbháin et al., 2024).

Is teanga mhionlaigh í an Ghaeilge in Éirinn, agus labhraíonn 1.4% den daonra í ar bhonn laethúil lasmuigh den scoil (POS, 2023). Braitear ar chóras oideachais na hÉireann de

shíor chun tacú le caomhnú na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta agus chun an teanga a athbheochan lasmuigh den Ghaeltacht (Rialtas na hÉireann, 2010). Agus meath leanúnach ag teacht ar sheachadadh idirghlúine na Gaeilge (Ní Chuaig et al., 2021; Ó Giollagáin & Charlton, 2015), tá ról ríthábhachtach ag an gcóras oideachais go fóill maidir le cumas Gaeilge a chothú, agus tá úsáid na teanga amach anseo ag brath ar an gcumas sin freisin. Is fiú a lua go bhféintuairiscíonn 40.4% den daonra go bhfuil cumas maith nó ardchumas Gaeilge acu (POS 2023), rud a léiríonn go bhfuil rath éigin ar an gcóras oideachais, ar a laghad. Mar sin féin, tá sé léirithe gur beag úsáid a bhaintear as an gcumas sa Ghaeilge lasmuigh den chóras oideachais. Tá méadú beag tagtha ar líon na 'nuachainteoirí' Gaeilge a d'fhoghlaim an Ghaeilge ar scoil agus a labhraíonn an Ghaeilge ar bhonn laethúil lasmuigh den Ghaeltacht (O'Rourke & Walsh, 2020). Tá úsáid na teanga lasmuigh den scoil nasctha le fearainn teanga nó comhthéacsanna a sholáthraíonn deiseanna chun teanga a úsáid, chomh maith le toilteanas an teanga a úsáid. Aithnítear go forleathan nach féidir le córas oideachais leis féin teanga mhionlaigh a athbheochan (Fishman, 1991; Rialtas na hÉireann, 2010). Tá buntáistí féideartha ag baint le foghlaim na Gaeilge do gach foghlaimeoir; mar shampla, tá buntáistí ag baint leis an dátheangachas agus leis an ilteangachas i gcoitinne, agus tá buntáistí cultúrtha ar leith a bhaineann le foghlaim na Gaeilge. Tá sé curtha in iúl cheana go dtéann buntáistí an dátheangachais i bhfeidhm ar réimsí cognaíocha, réimsí soch-chultúrtha, réimsí idirchultúrtha agus réimsí teangeolaíochta, agus go bhfuil baint acu freisin le deiseanna breise fostaíochta i ngairmeacha ar leith (Baker & Wright, 2017).

In ainneoin na ndúshlán a bhaineann le teagasc agus foghlaim na Gaeilge, tá dearcthaí dearfacha i leith na teanga léirithe ag an bpobal (Darmody & Daly, 2015). Léiríodh sa staidéar Uile-Oileáin *Attitudes Towards Irish* go raibh dearcadh dearfach i leith na Gaeilge ag 67% de fhreagróirí agus gur cheap 78% de thuismitheoirí go raibh sé tábhachtach go bhfoghlaimeodh a gcuid páistí Gaeilge (Darmody & Daly, 2015). Cé go ndearnadh an suirbhé sin roinnt blianta ó shin, is fiú a thabhairt faoi deara nach raibh ach 1% de na freagróirí ag an am i bhfabhar deireadh a chur le teagasc na Gaeilge. Sa suirbhé bliantúil is deireanaí a choimisiúnaigh Conradh na Gaeilge (2024) maidir le tuairimí i leith na Gaeilge sa Tuaisceart agus sa Deisceart, suirbhé a raibh breis is 2700 rannpháirtithe páirteach ann, tuairiscíodh gur mhaith le 67% de na freagróirí ó Phoblacht na hÉireann "deis a bheith acu níos mó Gaeilge a fhoghlaim" agus gur mhaith le 63% díobh "deis a bheith acu Gaeilge a labhairt níos minice". Léiríodh i gcomhairliúchán a rinneadh le déanaí chun tacú le polasaí don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht a fhorbairt (Ó Duibhir et al., 2024) go raibh

ró-éileamh ar scoileanna lán-Ghaeilge, agus go raibh an t-éileamh a bhí orthu ní ba mhó ná an soláthar reatha do na scoileanna sin.

Is croí-ábhar í an Ghaeilge a mhúintear sna bunscoileanna agus sna iar-bhunscoileanna ar fud na tíre. Tá íosmhéid ama leagtha amach do theagasc na Gaeilge ag an mbunleibhéal (An Roinn Oideachais, (RO) 2023a) agus ag an iar-bhunleibhéal (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), 2023). I gCreatchuraclam na Bunscoile, a foilsíodh le déanaí, (RO, 2023a), cuirtear in iúl go bhfuil laghdú de 30 nóiméad sa tseachtain le teacht ar an am scoite a leagtar amach do theagasc na Gaeilge i mbunscoileanna meán-Bhéarla. Sa bhreis ar an am scoite a leagtar amach do theagasc na Gaeilge ag an mbunleibhéal, moltar go n-úsáidfí an Ghaeilge mar mhodh cumarsáide ar bhonn neamhfhoirmiúil i gcaitheamh an lae. Moltar freisin go múinfí ábhair nó gnéithe d'ábhair eile trí mheán na Gaeilge, cur chuige ar a dtugtar: An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT) (Rialtas na hÉireann, 2019). Chuige sin, tá clár píolótach ar FCÁT trí Ghaeilge á reáchtáil ag an Roinn Oideachais agus Óige i roinnt suíomhanna luathbhlianta, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna faoi láthair (RO, 2023b). Sna glúnta roimhe seo, bhíodh FCÁT ina ghné lárnach de na bunscoileanna agus mhúintí gach uile ábhar nó roinnt ábhar trí mheán na Gaeilge i 55% de na bunscoileanna sna 1940idí (Harris, 2005). Tháinig sé chun solais i measúnú gnóthachtála náisiúnta ar scileanna labhartha agus scileanna éisteachta na Gaeilge sa bhunscoil in 1985 go raibh leibhéal gnóthachtála na ndaltaí ar múineadh ábhar nó dhó dóibh trí mheán na Gaeilge cuid mhaith ní b'airde ná an leibhéal a bhí bainte amach ag daltaí eile (Harris & Murtagh, 1988a). Léiríonn staitisticí na Roinne Oideachais gur beag scoil a mhúineann ábhair eile trí mheán na Gaeilge na laethanta seo, taobh amuigh de na scoileanna píolótacha a luadh thuas (Féach Táblaí 1,2,3). Tá aiseolas dearfach ann i leith úsáid na Gaeilge mar mheán neamhfhoirmiúil cumarsáide i scoileanna meán-Bhéarla (Cigireacht na Roinne Oideachais, 2022).

Múintear an Ghaeilge mar ábhar freisin i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta arb í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile. Múintear gach ábhar trí mheán na Gaeilge sna scoileanna seo, seachas an Béarla agus na nua-theangacha iasachta. Tá an teanga teagaisc a thuairiscigh na scoileanna in 2024/2025[1] ar fáil i dTábla 1 (Leibhéal na Bunscoile), Tábla 2 (Leibhéal na hIar-bhunscoile) agus i dTábla 3 (Scoileanna Speisialta). Foghlaimíonn formhór mór de scoláirí ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na hiar-bhunscoile an Ghaeilge mar

---

[1] Fuarthas na staitisticí seo ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Óige: https://www.gov.ie/en/collection/primary-schools/; https://www.gov.ie/en/collection/post-primary-schools

ábhar i scoileanna meán-Bhéarla. De dheasca stádas mionlaigh na teanga lasmuigh den scoil, is dócha gur tríd an scoil amháin a chruthaítear deiseanna teagmhála do mhórchuid na bhfoghlaimeoirí leis an nGaeilge. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh eispéiris dhearfacha ag na scoláirí a fhreastalaíonn ar scoileanna meán-Bhéarla i dtaca le foghlaim na Gaeilge (Dunne, 2020a, 2020b; ROÓ, 2025). Sa chéad chuid eile, tugtar aghaidh ar an gcúlra stairiúil a bhaineann le teagasc agus foghlaim na Gaeilge sna scoileanna meán-Bhéarla.

**Tábla 1:** Teanga teagaisc na mBunscoileanna (2024/5)

| LEIBHÉAL NA BUNSCOILE | Scoileanna | Scoláirí | % Scoileanna | % Scoláirí |
|---|---|---|---|---|
| Gan ábhar ar bith trí Ghaeilge | 2802 | 493442 | 90.91% | 90.97% |
| Gach ábhar trí Ghaeilge | 248 | 43192 | 8.05% | 7.96% |
| Roinnt ábhar trí Ghaeilge | 32 | 5783 | 1.04% | 1.07% |
| Iomlán (ar fad) | 3082 | 542,417 | | |

**Tábla 2:** Teanga teagaisc na nIar-bhunscoileanna (2024/5)

| LEIBHÉAL NA hIAR-BHUNSCOILE | Scoileanna | Scoláirí | % Scoileanna | % Scoláirí |
|---|---|---|---|---|
| Is trí Ghaeilge a mhúintear gach ábhar do gach scoláire | 50 | 14199 | 6.93% | 3.34% |
| Ní mhúintear ábhar ar bith trí Ghaeilge | 648 | 396486 | 89.75% | 93.20% |
| Múintear gach ábhar trí Ghaeilge do roinnt scoláirí | 13 | 8198 | 1.80% | 1.93% |
| Múintear roinnt ábhar trí Ghaeilge do roinnt daltaí | 11 | 6550 | 1.52% | 1.54% |
| Iomlán (ar fad) | 722 | 425433 | | |

**Tábla 3:** Teanga teagaisc na Scoileanna Speisialta (2024/5)

| SCOILEANNA SPEISIALTA | Scoileanna | Scoláirí | % Scoileanna | % Scoláirí |
|---|---|---|---|---|
| Ní mhúintear ábhar ar bith trí Ghaeilge | 138 | 9488 | 95.83% | 98.01% |
| Múintear gach ábhar trí Ghaeilge | 0 | 0 | 0.00% | 0.00% |
| Múintear roinnt ábhar trí Ghaeilge | 6 | 193 | 4.17% | 1.99% |
| Iomlán (ar fad) | 144 | 9681 | | |

## Teagasc agus foghlaim na Gaeilge ón am atá thart go dtí an lá atá inniu ann

Cuireadh teagasc na Gaeilge sna scoileanna in oiriúint d'fhíseanna éagsúla an Stáit i leith úsáid agus athbheochan na teanga. Cuireadh in oiriúint é freisin d'athruithe sa churaclam a bhain le tuiscintí idirnáisiúnta ar fhoghlaim páistí a tháinig chun cinn de réir a chéile. Ar mhaithe leis an ngontacht, pléitear le teagasc na Gaeilge sna scoileanna meán-Bhéarla anseo de réir ceithre phríomhthréimhse a bhaineann le curaclaim teanga 1922, 1971, 1999 agus 2019. Tháinig borradh faoin náisiúnachas, faoin tírghrá agus faoin idéalachas nuair a bunaíodh an Saorstát. Tugadh ról lárnach do na scoileanna maidir leis an aistriú teanga i dtreo an Bhéarla a chasadh thart (Coolahan, 1981). Sna cásanna inarbh fhéidir é a dhéanamh, bhí ar mhúinteoirí gach ábhar a mhúineadh trí Ghaeilge, go háirithe i ranganna na naíonán. Cuireann Dunne (2020a) síos ar an iliomad cúiseanna nár dhócha go n-éireodh leis an bpolasaí ón mbarr anuas maidir le teagasc na n-ábhar go léir trí Ghaeilge ag an am, ag léiriú, mar shampla, (i) nach athrú de réir a chéile a bhí ann agus nár cuireadh na hacmhainní cuí ar fáil ach an oiread, (ii) nach raibh go leor múinteoirí ann a raibh cumas teanga acu ag an am, (iii) gur cailleadh múinteoirí ar chainteoirí líofa Gaeilge iad i ngeall ar an mbac pósta, (iv) go raibh coinníollacha dúshlánacha teagaisc agus foghlama ann ag an am, lena n-áirítear seomraí ranga róphlódaithe agus an-chuid páistí ar an ngannchuid, (v) go raibh brú ar mhúinteoirí mar gheall ar chúrsaí measúnaithe agus, (vi) gur tugadh le fios i dtuairisc MacNamara (1966) go bhféadfadh an dátheangachas dochar a dhéanamh do pháistí (tuairisc a bréagnaíodh ina dhiaidh sin). Maíonn Ó Duibhir agus Ní Thuairisg (2019) go bhfuil seans ann go raibh drochthionchar fadtéarmach ag an iarracht an iomarca a bhaint amach róluath ar theagasc na Gaeilge - gan go leor pleanála comhordaithe agus gan acmhainní leordhóthanacha a bheith ar fáil. Bheadh seans ann freisin go n-éireodh ní b'fhearr leis dá mbeadh pleanáil ní b'fhearr déanta agus dá mbeadh an pobal

agus institiúidí eile an stáit ag tacú leis. Faoi 1972, ní raibh ach 11 scoil ag teagasc trí mheán na Gaeilge (Ó Duibhir & Ní Dhiorbháin, 2025).

Faoin am a foilsíodh curaclam 1971, bhí fís nua ag an rialtas don tír; ní raibh siad ag díriú ar thír lán-Ghaeilge a thuilleadh ach ar shochaí dhátheangach ina mbeadh Gaeilge agus Béarla á labhairt. Sa churaclam seo, cuireadh breis béime ar an gcur chuige páistelárnach; cuireadh an páiste ina iomláine san áireamh agus cuireadh breis béime ar chuir chuige tógachaíocha i dtaca leis an teagasc agus an fhoghlaim. Cuireadh an modh closamhairc i bhfeidhm i dteagasc na Gaeilge agus dearadh áiseanna amhail *Buntús Cainte* agus *Nuachúrsaí Gaeilge ABC.* Cé go raibh gnéithe ar leith den chur chuige a bhí go maith, go háirithe chomh fada is a bhain sé le hionchur struchtúrtha agus soláthar áiseanna, bhíodh dúshlán roimh pháistí dul ar aghaidh chuig úsáid na n-eiseamláirí teanga i saorchomhrá (comhrá neamhspleách) (Dunne, 2020a).

Cuir chuige chumarsáideacha a bhí chun tosaigh maidir le teagasc teangacha san Eoraip ó na 1970idí ar aghaidh. Rinne Harris agus Murtagh (1999) léirmheas beacht ar theagasc na Gaeilge sa tréimhse 20 bliain roimhe sin agus mhol siad cur chuige cumarsáideach a chur i bhfeidhm i dteagasc teangacha. Díríodh aird sa staidéar ar an tábhacht a bhaineann le dearcthaí tuismitheora chomh maith. Tugadh faoi deara go raibh dea-cheangal idir spreagadh gníomhach ó thuismitheoirí i leith fhoghlaim na Gaeilge agus gnóthachtáil daltaí sa Ghaeilge, chomh maith le dearcthaí/inspreagadh daltaí i leith na teanga. Cé nach raibh ach líon beag scoileanna meán-Bhéarla ann inar múineadh ábhair eile trí Ghaeilge ag an am, bhí tionchar dearfach aige sin ar ghnóthachtáil sa Ghaeilge (Harris & Murtagh, 1999). Bhí curaclam bunscoile 1999 don Ghaeilge bunaithe ar an gcur chuige cumarsáideach, agus cuireadh béim ann ar úsáid na teanga chun feidhmeanna cumarsáide a chomhlíonadh (Flynn, 2021). Cuireadh treoirlínte ar fáil do mhúinteoirí in 1999, mar aon le doiciméad curaclaim inar leagadh amach snáitheanna, snáithaonaid, téamaí agus feidhmeanna teanga do gach rang. Tugadh aitheantas áirithe d'fhoghlaim na Gaeilge sna scoileanna lán-Ghaeilge agus sna scoileanna Gaeltachta, trí thorthaí foghlama ar leith a sholáthar dóibh. Moladh go múinfí an Ghaeilge trí Ghaeilge, agus go mbeadh sult, cluichí agus tascanna idirghníomhacha ina gcuid lárnach den fhoghlaim. D'fhéadfaí an curaclam a cháineadh sa mhéid is nár cuireadh go leor béime ar fhorbairt scileanna léitheoireachta na bpáistí mar gheall go raibh béim láidir á cur ar labhairt na Gaeilge (Hickey & Stenson, 2016). Aithníodh toisc gur teanga mhionlaigh í an Ghaeilge nach mbaintear an oiread sin feidhmeanna aisti lasmuigh den scoil, gur chóir an cur chuige cumarsáideach a leathnú chuig téamaí a bhain le saol na bpáistí (Flynn, 2021). Tá an cur chuige cumarsáideach

go fóill ina chuid lárnach de Churaclam Teanga na Bunscoile reatha (Rialtas na hÉireann, 2019).

Tá Curaclam Teanga na Bunscoile, 2019, ag tógáil ar an gcur chuige cumarsáideach a bhain le curaclam bunscoile 1999, agus tá sé ailínithe anois le fís ilteangach an Stáit i leith an oideachais don Ghaeilge (Rialtas na hÉireann, 2024). Sa leagan athbhreithnithe de Churaclam Teanga na Bunscoile (CNCM, 2024), cuirtear béim bhreise ar inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha. Ní mór athrú ó fhís an dátheangachais go fís an ilteangachais chun seasamh le héagsúlacht teanga agus chultúrtha in Éirinn agus chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i sochaí a bhfuil éagsúlacht teanga agus chultúrtha inti. De réir an ilteangachais agus an ilchultúrachais, ba chóir go n-úsáidfeadh foghlaimeoirí an t-eolas teanga agus cultúrtha ar fad atá acu ar scoil. Nuair is creat ilteangach atá i gceist, bíonn gach eolas teangeolaíoch mar acmhainn a bhfuil luach air (Comhairle na hEorpa, 2001, 2022). Aithníonn Batardière et al. (2023) gur gá teangacha a mhúineadh ar bhealaí ina gcuirtear breis béime ar an gcur chuige iolraíoch. Tríd an lionsa seo, féadann foghlaim na Gaeilge mar theanga bhreise cabhrú le páistí scileanna foghlama teanga a fhorbairt, ar féidir iad a úsáid agus teangacha eile á bhfoghlaim acu. Anuas air sin, féadann foghlaim an dara teanga ag leibhéal na bunscoile spéis a spreagadh i bhfoghlaim teangacha eile (Hawkins, 2005). Ós rud é go bhfuil formhór na bpáistí in Éirinn ag foghlaim na Gaeilge mar dhara teanga, d'fhéadfadh an Ghaeilge nasc a chruthú idir teangacha éagsúla agus an t-oideachas idirchultúrtha a chur chun cinn, toisc foghlaimeoirí a bhfuil cúlraí éagsúla teanga agus cultúrtha acu a bheith ag foghlaim na Gaeilge le chéile (Little & Kirwan, 2019; Murray et al., 2023; Ní Dhiorbháin et al., 2024a).

Tagann Curaclam Teanga na Bunscoile (An Roinn Oideachais, 2019) le tuiscintí na linne seo go n-aistrítear scileanna teanga agus litearthachta thar teangacha agus go dtacaíonn foghlaim teangacha breise le buninniúlacht choiteann a chabhraíonn leis an bhfoghlaim teanga ar fad (Cummins, 1981, 2021; Ó Duibhir & Cummins, 2012). Ó thaobh struchtúir de, cuirtear torthaí foghlama gaolmhara don Bhéarla agus don Ghaeilge ar fáil sa churaclam, ach cuirtear torthaí foghlama idirdhealaithe ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge/Gaeltachta agus do scoileanna meán-Bhéarla. Táthar ag súil gur curaclam don uile fhoghlaimeoir a bheidh ann ina n-aithneofar go ndéanann páistí dul chun cinn ag rátaí difriúla ag brath ar a gcúlra teanga agus ar theanga teagaisc na scoile. Leagtar béim sa churaclam ar thraschur scileanna ó theanga go teanga agus ar theangacha baile seachas an Ghaeilge agus an Béarla a chur san áireamh sa bhunscoil. De réir Cummins (1981), ciallaíonn sé sin gur féidir le páistí scileanna litearthachta a sealbhaíodh sa chéad teanga a úsáid nuair a bhíonn an dara teanga á foghlaim acu, má bhíonn go leor teagmhála acu leis an dara teanga agus má bhíonn siad spreagtha chun na foghlama.

Mar sin, ar bhonn teoiriciúil, féadann an chéad teanga tacú le páistí agus iad ag foghlaim na Gaeilge, agus féadann foghlaim na Gaeilge tacú leo chun scileanna a fhorbairt a chabhróidh leo agus iad ag foghlaim teangacha eile. De réir theoiric Cummins, áfach, aithnítear go bhfuil gnéithe áirithe den teanga nach féidir a thraschur, mar shampla, fuaimeanna agus struchtúir gramadaí áirithe. Cé nach ndearnadh athbhreithniú foirmiúil air go fóill, d'fhéadfaí a léamh ón taighde go bhfuil dúshláin ag baint leis na céimeanna tosaigh de chur i bhfeidhm Churaclam Teanga na Bunscoile (MacDomhnaill & Nic an Bhaird, 2022; Cigireacht na RO, 2022). Is beag fianaise atá ann go fóill a léiríonn an tionchar atá ag an gcuraclam ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge.

I dTábla a Ceathair, léirítear na hathruithe a cuireadh i bhfeidhm ar an gcuraclam agus ar na spriocanna maidir le teagasc agus foghlaim na Gaeilge ag leibhéal na bunscoile.

**Tábla 4:** Treocht na Modhanna Teagaisc sna Curaclaim Náisiúnta

| Curaclam | Fís an Stáit | Modhanna Teagaisc | Teoiricí Foghlama Teanga |
|---|---|---|---|
| 1971 | Dátheangach Gaeilge/Béarla | Modh Closamhairc | Iompraíoch/soch-chultúrtha |
| 1999 | Dátheangach Gaeilge/Béarla | Cur Chuige Cumarsáideach | Teoiric shoch-chultúrtha |
| 2019 / 2024 | Ilteangach – an Ghaeilge mar chuid de stór ilteangach | Cur Chuige Cumarsáideach; Béim ar Thraschur Scileanna | Soch-chultúrtha |

Le scór éigin blianta anuas, tá na treochta céanna á leanúint ag na curaclaim ag leibhéal na hiar-bhunscoile agus ag leibhéal na bunscoile, sa mhéid is go gcuirtear béim ar theanga na cumarsáide. Léirítear sa taighde áfach go gcothaíonn an cúltionchar a bhaineann leis na scrúduithe suimitheacha deacrachtaí ar leith do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge ag an dara leibhéal (Nic Eoin, 2017). Cuireadh curaclam idirdhealaithe ar fáil don Ghaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge/Gaeltachta (T1) agus i scoileanna meán-Bhéarla (T2) san iar-bhunscoil íochtarach in 2017 chun tógáil ar an soláthar idirdhealaithe ag an mbunleibhéal. Tá soláthar idirdhealaithe ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí curtha siar go dtí go ndéanfaí athbhreithniú ar chur i bhfeidhm Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (Ní Dhiorbháin & O'Grady, 2025). Rinneadh athbhreithniú ar luathchur i bhfeidhm Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí T1 agus T2 in 2023 (Mac Gearailt & Ó Duibhir, 2023), agus leasaíodh gnéithe áirithe de na sonraíochtaí reatha dá bharr. Faoi láthair, tá 40% de na marcanna i scrúdú na hArdteistiméireachta ag dul don Bhéaltriail Ghaeilge, agus ní ann do bhéaltriail Ghaeilge sa tSraith Shóisearach (NCCA, 2023). Leagtar béim ar chur chuige cumarsáideach tascbhunaithe a chur i bhfeidhm i sonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí. Úsáidtear téacsanna i réimse

seánraí chun foghlaim teanga na scoláirí a shaibhriú sa tSraith Shóisearach agus sa tSraith Shinsearach araon. Léirítear sa taighde a rinneadh ar chur i ngníomh shonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí go dtí seo go bhfuil leas áirithe á baint as cuir chuige ghníomhacha sa teagasc agus san fhoghlaim. Tarraingítear aird freisin ar na dúshláin éagsúla atá ann, lena n-áirítear ról na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB) agus an bhearna atá ann maidir le measúnú suimitheach ar an nGaeilge labhartha (Ní Dhiorbháin & O'Grady, 2025).

## Taighde ar theagasc agus foghlaim na Gaeilge: An cleachtas ranga agus úsáid/cumas teanga

Baineadh leas as modheolaíochtaí éagsúla sa taighde atá déanta go dtí seo ar theagasc agus foghlaim na Gaeilge agus díríodh ar ghnéithe éagsúla den oideolaíocht, lena n-áirítear an cleachtas ranga, úsáid/cumas teanga na scoláirí, agus dearcthaí na scoláirí. Rinneadh dhá mhórstaidéar chainníochtúla ar theagasc agus foghlaim na Gaeilge sna bunscoileanna. Thuairiscigh Harris agus Murtagh (1988b) ar thaighde bunscoile in 1978 agus in 1985, agus thug Harris et al. (2006) tuairisc ar mhórstaidéar a rinneadh in 2002. Cuireann an dá staidéar seo in iúl go bhfuil meath tagtha ar chumas Gaeilge na bpáistí i scoileanna meán-Bhéarla, le himeacht ama. Ní mór a lua, áfach, go bhfuil an meath sin ag teacht le laghdú comhfhreagrach ar an am a leagtar amach don Ghaeilge i scoileanna meán-Bhéarla le linn na tréimhse céanna (Ó Duibhir & Ní Dhiorbháin, 2025). Anuas air sin, fuair Harris et al. (2006) amach go raibh éagsúlacht ní ba mhó idir na leibhéil a baineadh amach sa léitheoireacht Ghaeilge sna scoileanna éagsúla ná mar a bhí idir na leibhéil a baineadh amach sa Bhéarla ná sa Mhatamaitic. D'fhéadfaí a léamh ón taighde gur mhó an éagsúlacht a bhain le teagasc na Gaeilge ná mar a bhain le teagasc na n-ábhar eile, rud a dhíríonn aird ar ról tábhachtach na múinteoirí aonair. Ní dhearnadh tréanstaidéir chainníochtúla le scór bliain anuas, agus ciallaíonn sé sin nach bhfuil ach faisnéis theoranta ar fáil maidir leis an gcumas teanga atá ann faoi láthair ag leibhéal na bunscoile.

Ós rud é nach bhfuil staidéir den chineál sin ar fáil, is fiú breathnú ar thuarascálacha na Cigireachta chun teacht ar eolas faoin gcleachtas reatha. Tá sé léirithe go seasta i dtuarascálacha an Phríomhchigire le roinnt blianta anuas (Cigireacht na Roinne Oideachais & Scileanna (ROS), 2007, 2013, 2018; Cigireacht RO, 2022) go bhfuil dúshláin ag baint le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla. Sna tuairiscí seo, luaitear cleachtais a bhfuil fadhbanna ag baint leo amhail róspleáchas ar théacsleabhair, teagasc na Gaeilge trí Bhéarla, múineadh ainmfhocal seachas struchtúr abairte, agus easpa deiseanna ag na páistí chun an Ghaeilge a úsáid, rudaí a mbíonn baint acu le drochthorthaí foghlama. Measadh go raibh páistí bunscoile ag baint idir shult agus thairbhe as an nGaeilge

neamhfhoirmiúil agus as amhráin agus dánta. Tá imní léirithe maidir le heaspa cumas cumarsáide na bpáistí sa Ghaeilge.

I dtaighde a rinneadh le déanaí ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (Mac Gearailt & Ó Duibhir, 2023; Ní Dhiorbháin & O'Grady, 2025), chuir múinteoirí in iúl go raibh éagsúlacht ag baint le cumas Gaeilge na scoláirí sa chéad bhliain. D'fhéadfaí a léamh ó na torthaí go bhfuil difríocht mhór idir caighdeán theagasc na Gaeilge sna bunscoileanna éagsúla. Tuairiscíonn múinteoirí go mbíonn dúshláin rompu ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí dá bharr, mar airíonn siad go gcaithfidh siad scileanna bunúsacha a theagasc ar chóir a bheith sealbhaithe ag leibhéal na bunscoile. Tuairiscíonn múinteoirí freisin go bhfuil sonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí ródheacair do roinnt mhaith de na scoláirí.

Tacaíonn léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge le forbairt scileanna teanga sa Ghaeilge agus cuireann siad ionchur agus aschur luachmhar teanga ar fáil freisin. Tá imní léirithe maidir le forbairt scileanna litearthachta sa Ghaeilge ag leibhéal na bunscoile (Cigireacht ROE, 2007; Hickey & Stenson, 2016; Parsons & Lyddy, 2009; 2015). Tá fianaise áirithe ann nach bhfuil léitheoireacht na Gaeilge á teagasc ar bhonn córasach agus go bhfuil go leor páistí ann nach múintear dóibh conas focail Ghaeilge a dhíchódú (DES, 2007; Hickey & Stenson, 2016; Parsons & Lyddy, 2009, 2015). Tugtar le fios sna staidéir seo go mbíonn páistí i scoileanna meán-Bhéarla ag brath ar chur chuige na bhfocal iomlán (nó 'whole-word approach' mar a thugtar air i mBéarla) maidir le léitheoireacht na Gaeilge (i.e. Féach agus Abair) nó go mbíonn siad ag brath ar fhónaic an Bhéarla a úsáid chun ortagrafaíocht na Gaeilge a dhíchódú. Áitíonn Stenson agus Hickey (2019) nár mhór do na múinteoirí iad féin tuiscint a fháil ar ortagrafaíocht na Gaeilge. Léiríonn an taighde go mbíonn drochthionchar ag an róspleáchas ar théacsleabhair ar ghnóthachtáil sa léitheoireacht Ghaeilge agus ar an inspreagadh i leith na léitheoireachta freisin (Hickey & Stenson, 2016). Tá baol ann gur cur chuige neamhchórasach i dtaca le comhfhreagairt litreacha agus fuaimeanna a bhíonn ar fáil sna téacsleabhair agus go mbíonn na téacsleabhair ag brath ar théacsanna gairide nach leor iad chun scileanna léitheoireachta a fhorbairt. Ar an dóigh chéanna, leagtar béim i dtéacsleabhair áirithe ar theagasc an litrithe de réir téamaí seachas de réir patrúin litrithe, rud nach gcuireann leis an tuiscint ar ortagrafaíocht ná ar mhoirfeolaíocht na Gaeilge. Maíonn Hickey agus Stenson (2016) go bhféadfadh múinteoirí a bheith róspleách ar théacsleabhair i ngeall ar na cúiseanna seo a leanas: an tréimhse ama an-teoranta a thugtar do theagasc na Gaeilge, lagmhuinín na múinteoirí, easpa áiseanna, agus easpa ullmhúcháin maidir le léitheoireacht na Gaeilge a theagasc. Is féidir a léamh ó thionscnaimh a rinneadh le déanaí go dtéann sé chun tairbhe do na foghlaimeoirí nuair a bhaintear úsáid as fíorleabhair do pháistí

chun tacú le léitheoireacht na Gaeilge. Is féidir teacht ar dhea-shampla de sin sa tionscnamh *Bosca Leabharlainne ó* Leabhair Pháistí Éireann, a thug 25 leabhar Gaeilge do 1,800 scoil (O'Kane Boal, 2023).

Is beag taighde a rinneadh ar ghnóthachtáil sa Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal (Batardière, et al., 2023). Sna staidéir a rinne Murtagh (2003, 2007), ghnóthaigh scoláirí a bhí ag freastal ar scoileanna meán-Bhéarla meánscór de 51% i dtriail neamhspleách teanga ach thug sí le fios go soiléir go dtugtar níos lú ama do theagasc na Gaeilge ná mar a mholfaí agus ná mar a bheadh ag teastáil chun torthaí ní b'fhearr a bhaint amach. Cé go bhfuil torthaí na hArdteistiméireachta ag fanacht seasmhach (Ó Duibhir & Ní Dhiorbháin, 2025), tá sé le tabhairt faoi deara nach bhfuil an córas atá ann do theagasc, foghlaim agus measúnú na Gaeilge ag teacht le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha/ Fráma Comónta Tagartha na hEorpa (FCTE), ina gcuirtear tuairisceoirí caighdeánaithe teanga ar fáil. Anuas air sin, cloíonn córas marcála na scrúduithe stáit leis an gclogchuar, agus ciallaíonn sé sin nach gá gurb ionann torthaí seasmhacha scrúduithe agus leibhéil sheasmhacha maidir le cumas teanga. Tá na scrúduithe tar éis dul i bhfeidhm go mór ar phríomhbhéim an teagaisc agus na foghlama ag an iar-bhunleibhéal agus glactar leis go forleathan go mbíonn go leor den fhoghlaim de ghlanmheabhair ar siúl ag scoláirí (Nic Eoin, 2017). Ní bhíonn sé sin ina chuidiú maidir le húsáideoirí neamhspleácha teanga a fhorbairt. Cuirtear in iúl i mórstaidéar fadtéarmach a rinne Ollscoil Luimnigh (McGarr, et al. 2024) ar chur i bhfeidhm shonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí gur mó an míshásamh a bhaineann múinteoirí Gaeilge as a bpost ná mar a bhaineann múinteoirí na n-ábhar eile. Tharraing Ní Dhiorbháin agus O'Grady (2025) aird ar dheacrachtaí maidir leis an gcleachtas ionchuimsitheach sa Ghaeilge ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí i scoileanna meán-Bhéarla, toisc nach bhfuil béaltriail Ghaeilge nó cúrsa bonnleibhéil ar fáil agus toisc go bhfuil bearna sa soláthar do scoláirí nuathagtha. Léirigh múinteoirí agus ceannairí scoile an tuairim nach n-oireann scrúdú suimitheach, a dhíríonn ar scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta go príomha, do gach foghlaimeoir. Mhol na rannpháirtithe go láidir gur chóir go mbeadh béaltriail Ghaeilge sa tSraith Shóisearach.

## Taighde ar theagasc agus foghlaim na Gaeilge: Dearcthaí agus inspreagadh

Tugann staidéir cháilíochtúla agus chainníochtúla léargas dúinn ar dhearcthaí na bpáistí a fhreastalaíonn ar scoileanna meán-Bhéarla i leith fhoghlaim na Gaeilge. Agus iad ag tagairt do shonraí cainníochtúla an mhórstaidéir *Ag Fás Aníos in Éirinn*, léirigh Devitt et al. (2018) nasc idir dearcthaí i leith na Gaeilge agus teagmháil leis an teanga, is é sin le rá go mbíonn dearcthaí

níos dearfaí ag páistí a mbíonn níos mó teagmhála acu leis an nGaeilge sa bhaile agus ar scoil. Léirigh Devitt et al. (2018) agus Martinez-Sainz et al. (2024) go bhfuil dearcthaí níos diúltaí ag páistí i leith na Gaeilge ná i leith na n-ábhar eile. Is fiú a lua gur mór an difríocht idir na tuairimí sin agus dearcthaí na bpáistí a fhreastalaíonn ar scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge. Léiríonn na páistí seo dearcthaí dearfacha i leith fhoghlaim agus úsáid na Gaeilge ar bhonn seasta, toisc go mbíonn i bhfad níos mó deiseanna acu chun an teanga a úsáid (Devitt et al., 2018; Kiely et al., 2024; Martinez-Sainz et al., 2024). Chuir Martinez-Sainz et al. (2024) in iúl go mbíonn meas ag páistí ar an luach cultúrtha a bhaineann le foghlaim na Gaeilge, cé go measann cuid acu go bhfuil an Ghaeilge níos deacra ná na hábhair eile agus gur lú úsáid is féidir a bhaint aisti. Tháinig sé chun solais freisin go raibh an Ghaeilge agus an Mhatamaitic ar na hábhair ba mhó a chruthaigh deacrachtaí do thuismitheoirí agus iad ag tacú le foghlaim a gcuid páistí. Léirigh Kiely et al. (2024) go raibh sé dúshlánach páistí a spreagadh chun an Ghaeilge a fhoghlaim i mbunscoileanna meán-Bhéarla freisin. Léiríodh sa taighde seo gur fearr le páistí oideolaíochtaí atá gníomhach agus foghlaimeoirlárnach. Ós rud é go mbíonn fonn níos lú ar pháistí i scoileanna meán-Bhéarla an Ghaeilge a fhoghlaim ná na hábhair eile, tá sé ríthábhachtach feidhm a bhaint as oideolaíochtaí nua a spreagann rannpháirtíocht dhearfach sa teanga, chun na torthaí seo a fheabhsú (Kiely et al., 2024). Thaispeáin Nic Fhionnlaoich (2022) gur lú spéis a chuireann páistí bunscoile i bhfoghlaim na Gaeilge sna ranganna sinsearacha ná mar a chuireann páistí atá sna ranganna sóisearacha. Cuireadh in iúl go raibh tionchar diúltach ag cleachtais ar leith ar dhearcthaí i leith na Gaeilge agus ar úsáid na teanga, mar shampla: róspleáchas ar théacsleabhair; easpa deiseanna chun an Ghaeilge a úsáid; teagasc ainmfhocal aonair sa Ghaeilge; agus easpa gníomhaíochtaí struchtúrtha éisteachta. Cuireann na staidéir seo ar fad béim ar a thábhachtaí is atá sé aird a dhíriú ar thorthaí mothachtálacha i dtaca le teagasc agus foghlaim na Gaeilge.

Cé gur díríodh aird ar dhúshláin sa taighde a pléadh go dtí seo, tá an tslí ar féidir dearcthaí *dearfacha* a chothú i leith na Gaeilge léirithe sa litríocht freisin. Rinne Dunne agus Ní Aogáin (2024) iniúchadh ar chuimhní dearfacha na rannpháirtithe maidir le foghlaim na Gaeilge. Baineadh feidhm as an tsampláil bhreithiúnais sa staidéar seo chun rannpháirtithe a raibh Gaeilge ar ardchaighdeáin acu a earcú, daoine a raibh an Ghaeilge in úsáid acu ina ngairm, mar shampla. B'fhéidir gurbh fhiú machnamh a dhéanamh ar na deachuimhní seo chun tacú le foghlaimeoirí cumas agus muinín sa Ghaeilge a fhorbairt. Léiríodh go raibh nasc idir cuimhní dearfacha maidir le foghlaim na Gaeilge agus: (i) foghlaim na Gaeilge trí mheán na n-ealaíon (an Ghaeilge a cheangal le finscéalta, ceol, amhráin agus drámaíocht na hÉireann); (ii) úsáid na teanga ar bhealach spraíúil lasmuigh den cheacht (Gaeilge neamhfhoirmiúil a úsáid, tréimhsí a chaitheamh sa Ghaeltacht, an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den seomra ranga); agus

(iii) caidreamh le múinteoirí agus dearcthaí na múinteoirí aonair. Aithnítear sa staidéar seo, agus i staidéir eile freisin, go mbíonn baint mhór ag múinteoirí aonair le dearcthaí foghlaimeoirí i leith na Gaeilge agus leis an oiread spéise a chuireann na foghlaimeoirí i bhfoghlaim na Gaeilge (Harris et al., 2006; Smyth, 2017).

Tá treochtaí comhchosúla le feiceáil sna scoileanna meán-Bhéarla ag an iar-bhunleibhéal i dtaca leis an spéis a chuireann foghlaimeoirí i bhfoghlaim na Gaeilge (Murtagh, 2007; Smyth & Darmody, 2016), a léiríonn nach mbíonn foghlaimeoirí sin chomh dearfach céanna i leith na Gaeilge is a bhíonn siad i leith na n-ábhar eile. Bhain Barnes et al. (2024) leas as sonraí a bhain le breis is 7,000 scoláirí a bhí páirteach sa staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn* chun grinnstaidéar a dhéanamh ar dhearcthaí i leith fhoghlaim na Gaeilge. Léirigh na sonraí go bhfanann na dearcthaí sin sách seasmhach ó leibhéal na bunscoile ar aghaidh go dtí leibhéal na hiar-bhunscoile. De réir mar a tháinig chun cinn i dtaighde eile, léirigh siad go mbíonn inspreagadh níos airde ag scoláirí i scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge. Léirigh siad freisin gurb í teanga teagaisc na scoile an réamhtháscaire is láidre atá ann maidir le spreagadh dearfach a chothú i leith fhoghlaim na teanga. Chuir na scoláirí níos mó spéise sa Ghaeilge, agus ní fhacthas dóibh go raibh sí chomh deacair céanna nuair a bhí modhanna teagaisc a bhí scoláirelárnach in úsáid agus nuair a bhí caidreamh dearfach ag na scoláirí leis na múinteoirí. Tarraingíonn Barnes et al. (2024) aird ar a thábhachtaí is atá sé foghlaim na Gaeilge a dhéanamh chomh taitneamhach agus chomh sodhéanta agus is féidir chun foghlaimeoirí a spreagadh chun í a fhoghlaim. Cuireadh béim sa staidéar seo freisin ar an ról lárnach a bhíonn ag tuismitheoirí maidir le dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a chur chun cinn.

Tá sé léirithe go gcuireann oideolaíochtaí amhail FCÁT le hinspreagadh na bhfoghlaimeoirí (Ó Ceallaigh et al., 2017). Tá scéimeanna Gaeilge amhail Gaelbhratach agus Gaeilge 24 ann freisin a d'fhéadfadh an teanga a chur chun cinn agus dearcthaí dearfacha chothú i leith na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla (Kiely et al., 2024; Ní Dhiorbháin & O'Grady, 2025). Léiríodh freisin go mbíonn baint idir cur chuige ilteangach i leith theagasc na Gaeilge – cur chuige a chuireann an Béarla agus teangacha baile na scoláirí san áireamh – agus dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge. Léiríonn sé seo an tslí a bhféadfadh an Ghaeilge an fhoghlaim teanga a chur chun cinn agus seasamh le héagsúlacht teanga agus chultúrtha (Little & Kirwan, 2019; Ní Dhiorbháin et al., 2024a).

## Teoiricí foghlama teanga

Leagtar béim sna teoiricí foghlama teanga agus sa taighde araon ar an tábhacht ar leith a bhaineann le hionchur agus aschur teanga nuair a bhíonn teanga á sealbhú nó á

foghlaim ag foghlaimeoirí (Flynn, 2021; Muñoz, 2008). Cuireann Flynn (2021) in iúl go láidir go bhfuil go leor cosúlachtaí idir foghlaim na chéad teanga agus foghlaim an dara teanga agus léiríonn sé freisin go bhfuil an-tábhacht go deo ag baint le hionchur teanga agus le deiseanna úsáide teanga, is cuma cé acu an chéad teanga nó an dara teanga atá i gceist. Ní bhíonn scileanna cognaíocha na bhfoghlaimeoirí óga chomh forbartha céanna is a bhíonn scileanna na bhfoghlaimeoirí níos sine agus, dá bharr sin, bíonn go leor ionchuir ag teastáil uathu, de réir mar a bhíonn ar fáil sna tumchláir, le cinntiú go n-éireoidh leo an dara teanga a fhoghlaim (Muñoz, 2008; Ó Duibhir & Ní Dhiorbháin, 2025). Léirítear sa taighde gurb é an tumoideachas an bealach is éifeachtaí atá ann chun teanga bhreise amhail an Ghaeilge a shealbhú gan drochthionchar a imirt ar thorthaí sa teanga thromlaigh ná ar thorthaí sna hábhair eile (Ní Dhiorbháin et al., 2024b). Tá baint dhíreach aige sin leis an ionchur sách ard agus leis na deiseanna úsáide teanga a bhaineann leis an tumoideachas, i gcomparáid le suíomhanna neamhthumoideachais (Ó Duibhir, 2018). Ionas go bhfoghlaimeoidh na páistí i scoileanna meán-Bhéarla a oiread Gaeilge agus is féidir i luathfhoghlaim na teanga, caithfidh siad neart teagmhála a bheith acu leis an nGaeilge agus caithfear go leor deiseanna maithe ionchuir, aschuir agus idirghníomhaithe teanga a chur ar fáil dóibh (Ó Duibhir & Harris, 2023). Is fiú a lua gur léiríodh san anailís a rinne McCoy et al. (2012) ar shonraí ón staidéar *Ag Fás Aníos in Éirinn* nach ionann an t-am a thugtar do theagasc na Gaeilge i ngach uile bhunscoil. Tháinig sé chun solais go bhfuil baint idir an t-am a thugtar do theagasc na Gaeilge agus teanga teagaisc agus comhthéacs na scoile araon. Cuireadh in iúl go gcaitheann scoileanna DEIS níos lú ama ar theagasc na Gaeilge agus go dtugann siad níos mó ama do theagasc an Bhéarla.

Aithnítear go bhféadfadh foghlaimeoirí, a múintear iad de réir modhanna traidisiúnta a bhaineann le 'teagasc teangacha iasachta', uasteorainn (nó '*ceiling effect*' mar a thugtar air sa Bhéarla) a bhaint amach. Nuair a tharlaíonn sé sin, bíonn sé deacair dóibh cumas ardleibhéil a bhaint amach mura mbíonn eispéiris thumthacha nó dianeispéiris sa sprioctheanga ann dóibh (Muñoz, 2012). Tugtar le fios freisin go bhféadfadh na difríochtaí idir na foghlaimeoirí aonair teacht chun cinn níos mó nuair a dhéanfaidh foghlaimeoirí áirithe iarracht an t-uasteorainn sin a shárú (Muñoz, 2012). Chuige sin, d'fhéadfaidís páirt a ghlacadh i mbreisfhoghlaim teanga nó d'fhéadfaidís gníomhaíochtaí a lorg a chuirfeadh níos mó deiseanna ar fáil dóibh a bheith ag plé leis an teanga. Creidtear gur fearr dianteagasc teanga ar feadh tréimhse ghairid ná teagasc *de réir a chéile*, is é sin nuair nach mbíonn teagmháil ag foghlaimeoirí ach le méid teoranta den teanga thar thréimhse fhada (Harris & Ó Duibhir, 2011; Muñoz, 2012). Is gá dóthain cleachtadh teanga a bheith ann sula n-eascróidh úsáid ghnásúil (uathoibríoch) as an eolas fógrach (Van Patten, 1996). Tá sé riachtanach go mbeadh neart deiseanna úsáide agus teagmháil leordhóthanach ag foghlaimeoirí leis an teanga chun teanga ar bith a shealbhú.

Maíonn Flynn (2021, lch, 99) gur "gá iarracht a dhéanamh comhthéacs dílis teanga a chruthú sa seomra ranga le go mbeidh deis ag foghlaimeoirí cumarsáid bhríoch a bhfuil cuspóir léi a dhéanamh le chéile". Léiríonn peirspeictíochtaí teoiriciúla gur féidir modhanna próiseasbhunaithe amhail foghlaim thascbhunaithe nó FCÁT a úsáid chun tacú le foghlaim teanga. Cruthaíonn na modhanna seo deiseanna bríocha do na foghlaimeoirí cumarsáid a dhéanamh sa sprioctheanga. Méadaíonn úsáid neamhfhoirmiúil na teanga agus FCÁT na deiseanna a bhíonn ag scoláirí chun an teanga mhionlaigh a úsáid lasmuigh den cheacht teanga (Thomas et al., 2018). I gcomhthéacs teanga mhionlaigh amhail an Ghaeilge, ba chóir gach uile iarracht a dhéanamh an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an ionchur teanga agus as úsáid na teanga sa scoil.

Tá réimse teoiricí ann a phléann leis na cúiseanna a mbíonn fonn ar dhuine teanga bhreise a fhoghlaim. D'imir teoiric an fhéinchinntiúcháin (Ryan & Deci, 2000, 2020) tionchar nach beag ar chúrsaí oideachais i gcoitinne agus ar fhoghlaim an dara teanga go háirithe (Al-Hoorie et al., 2025). Sa teoiric seo, déantar idirdhealú leathan idir an spreagadh *intreach*, a bhaineann le spéiseanna agus sásamh an duine aonair, agus an spreagadh *eistreach*, a bhaineann le dearbhú seachtrach nó luach saothair éigin. De réir theoiric an fhéinchinntiúcháin, cuirtear leis an spreagadh nuair a thugtar tacaíocht do na foghlaimeoirí maidir le forbairt na ngnéithe thíos:

(i) **féinriar:** nuair a airíonn an foghlaimeoir go bhfuil seilbh aige ar an bhfoghlaim (m.sh. nuair a bhíonn roghanna ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéantar sna ceachtanna Gaeilge nó maidir leis an gcuid den fhoghlaim teanga ar a bhfuiltear ag díriú).

(ii) **inniúlacht:** nuair a airíonn an foghlaimeoir go bhféadfadh sé rath a bhaint amach agus forbairt a dhéanamh (m.sh. a bheith in ann an dul chun cinn i bhfoghlaim na teanga a leagan amach agus machnamh a dhéanamh air; a bheith in ann forbairt sna scileanna teanga a aithint).

(iii) **gaolmhaireacht:** nuair a airíonn an foghlaimeoir go bhfuil baint aige le daoine eile (m.sh. an teanga a úsáid chun caidreamh a bhunú agus a chothú le daoine eile).

Tá impleachtaí ag na trí ghné sin i dtaca le comhthéacsanna spreagúla a chruthú sa seomra ranga chun tacú le foghlaim na Gaeilge. De réir teoiric a bhaineann le Córas an Fhéin Inspreagtha T2 (*Motivational Self System Theory* mar a thugtar air sa Bhéarla*)* (Dörnyei , 2005; 2009), is í an íomhá atá ag an duine aonair air féin mar úsáideoir teanga T2 sa todhchaí a spreagann an duine sin chun an teanga a fhoghlaim. Tá trí chomhpháirt taobh thiar den teoiric:

(i) **An Féin Idéalach T2:** An féin ar mhaith leo a bhaint amach, m.sh. samhlaíonn an duine aonair iad féin mar úsáideoir rialta líofa sa teanga amach anseo, agus iad spreagtha ag rólchuspaí a labhraíonn an teanga.

(ii) **An Féin ba Chóir T2:** An féin ba chóir dóibh a bhaint amach le go seachnóidh siad torthaí diúltacha, m.sh. samhlaíonn an duine aonair an féin ba chóir dóibh a bhaint amach de réir noirm shóisialta nó de réir ionchais daoine eile. ("Caithfidh mé torthaí maithe a fháil sa Ghaeilge ionas go n-éireoidh liom áit a fháil ar mo rogha cúrsa").

(iii) **Eispéireas Foghlama T2:** Tionchar na garthimpeallachta foghlama ar an duine aonair, m.sh., an curaclam, an múinteoir, na hacmhainní foghlama.

De réir léirmheasanna a rinneadh ar an taighde, is fiú go mór aird a dhíriú ar na cúinsí a chuireann le hinspreagadh an scoláire chun an dara teanga a fhoghlaim nó a chuireann ina choinne (Al-Hoorie, 2018; Yousefi & Mahmoodi, 2022). Is gá a bheith cúramach maidir le straitéisí spreagtha a leagann béim ar thairbhí gearrthéarmacha (m.sh. duaiseanna/luach saothair) in ionad a bheith ag díriú ar na gnéithe a chothaíonn an spreagadh ar bhonn fadtéarmach. Tá sé ríthábhachtach freisin go mbraitheann na scoláirí féin go bhfuil rath ar a gcuid foghlama (Barnes et al., 2024). Is fiú machnamh a dhéanamh ar an tslí ar féidir cur le húsáideacht na Gaeilge sna scoileanna, mar shampla, trí bhéim a chur ar bhuntáistí ginearálta amhail scileanna cognaíocha agus deiseanna fostaíochta (Murray et al., 2023).

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an timpeallacht foghlama dearfach agus spreagúil chun tacú le hinspreagadh na bhfoghlaimeoirí agus chun imní teanga a sheachaint. Rinne Teimouri et al. (2019) meatanailís ar staidéir a bhain le himní teanga. Cuireadh 97 tuairisc, ina raibh 105 sampla neamhspleách (*N*= 19,933) ó 23 tír san áireamh. Tháinig siad ar an tuairim go mbíonn drochthionchar ag imní teanga ar ghnóthachtáil i bhfoghlaim an dara teanga/i bhfoghlaim teangacha iasachta, bíodh is go ndéantar an ghnóthachtáil sin a mheas ar bhealaí difriúla i gcomhthéacsanna éagsúla. D'fhéadfadh imní teanga níos mó a bheith ar fhoghlaimeoirí óga nach mbeadh na scileanna acu go fóill chun an imní sin a láimhseáil, agus ar fhoghlaimeoirí níos sine nuair a bheadh baint ag scrúduithe leis an bhfoghlaim teanga. Bíonn tionchar níos mó ag imní teanga ar theangacha eile seachas an Béarla.

## Oideachas múinteoirí

Nuair a bunaíodh an Saorstát, tugadh ról lárnach do na múinteoirí in athbheochan na Gaeilge. Cé nár éirigh leis an aistriú teanga ar iliomad cúiseanna (Dunne, 2020a), tá ról ríthábhachtach ag múinteoirí go fóill maidir le hionchur Gaeilge a sholáthar, agus maidir le deiseanna bríocha a chur ar fáil do na scoláirí chun an teanga a úsáid (Harris et al., 2006;

Thomas & Dunne, 2022). Tá athrú tagtha ar an gcaoi a n-ullmhaítear múinteoirí do theagasc na Gaeilge, le himeacht ama. Tá ról tábhachtach ag na cúrsaí Gaeltachta go fóill i bhforbairt inniúlacht na múinteoirí, agus ó na 1970idí ar aghaidh coinníodh 10% de na háiteanna ar chúrsaí oideachais do mhúinteoirí bunleibhéil d'iarratasóirí ón nGaeltacht (Dunne, 2020b). Bhí coláistí ullmhúcháin ann do mhúinteoirí bunscoile go dtí 1961 (Jones, 1993). Ó lár na 1970idí go dtí 2012, d'fhéadfadh mic léinn san oideachas tosaigh do bhunmhúinteoirí staidéar a dhéanamh ar an oideachas mar phríomhábhar acadúil (60%) agus ar ábhar a bhain leis na daonnachtaí mar mhionábhar acadúil (40%) (Nic Eoin, 2018). Measann Nic Eoin (2018) go ndearna thart ar 25% de na mic léinn staidéar ar an nGaeilge ag leibhéal na céime sular cuireadh deireadh leis an múnla sin in 2012. Laghdaíodh an méid ama a tugadh do theagasc na Gaeilge mar ábhar nuair a tugadh isteach an chéim B.Oid. ceithre bliana agus clár dhá bhliain don Mháistir Gairmiúil san Oideachas (MGO) in 2012 (Nic Eoin, 2018).

Cé go bhfuil bunriachtanas iontrála Gaeilge ann don oideachas tosaigh múinteoirí ag leibhéal na bunscoile, agus do roinnt cúrsaí fochéime ag an iar-bhunleibhéal, tá an riachtanas sin nasctha leis an Ardteistiméireacht. Ní ann do riachtanas caighdeánaithe iontrála ná fágála i leith na teanga sna cúrsaí oideachais do mhúinteoirí bunscoile (Nic Eoin, 2018). Caithfidh iarratasóirí iarchéime atá ag iarraidh áit a fháil ar chúrsaí oideachais do mhúinteoirí marc áirithe a fháil i mbéaltriail atá ag teacht le leibhéal B1 ar an FTCE. Is cuid éigeantach é an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht de chúrsaí oideachais do mhúinteoirí bunscoile, agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile na Gaeilge (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2020). De dheasca na riachtanas teanga atá ann don oideachas tosaigh múinteoirí, d'fhéadfadh díolúintí ón nGaeilge bac a chur ar scoláirí an bhunmhúinteoireacht a chur san áireamh mar shlí bheatha. Luann Burns et al. (2024) conair mhaith eile don oideachas tosaigh múinteoirí a thugann deis do mhic léinn cumas a fhorbairt sa Ghaeilge sula dtugann siad faoin gcúrsa. Cuireann siad in iúl gur gá conairí eile a chur ar fáil don oideachas múinteoirí ar mhaithe le cur leis an ilchineálacht i ngairm na múinteoireachta.

Tá sé léirithe ag go leor mórstaidéar gur mó an tábhacht a bhaineann le teagmháil leis an teanga agus le ról an mhúinteora ná mar a bhaineann leis na modhanna teagaisc a úsáidtear ina leith (Concannon-Gibney et al., 2022; Fitzpatrick et al., 2018; Harris & Ó Duibhir, 2011). Ní mór go mbeadh eolas ábhair ag múinteoirí ar an teanga, lena n-áirítear inniúlacht agus léireolas teanga, chomh maith leis na scileanna cuí oideolaíochta (Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2021). Meastar go bhfuil go leor múinteoirí ann nach bhfuil muiníneach as a gcuid scileanna Gaeilge toisc go bhfuil an Ghaeilge ina teanga mhionlaigh acu freisin, rud a fhágann gur beag teagmháil a bhíonn acu leis an teanga lasmuigh den scoil. Tá sé léirithe i meastóireachtaí de

chuid na Cigireachta gur mó éifeacht a bhíonn ag teagasc na Gaeilge, ar an iomlán, nuair a bhíonn na múinteoirí inniúil ar an teanga (Cigireacht na ROE, 2007). Léirítear i staidéir a rinneadh roimhe seo go bhfuil múinteoirí bunscoile ann nach bhfuil muinín acu as a gcumas Gaeilge (Cigireacht na ROE, 2007; Dunne, 2019; Harris et al., 2006). Tá an-tábhacht ag baint le hoideachas múinteoirí, ag gach cuid den leanúntas in oideachas múinteoirí, chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla.

Tá sé fíorthábhachtach aird a thabhairt ar an taighde atá ar fáil ar fhoghlaim ardchaighdeáin ghairmiúil nuair a bhíonn tacaíocht á tabhairt do mhúinteoirí chun cur lena n-eolas teanga agus lena n-eolas ábhair oideolaíoch. Go ginearálta, léirítear sa taighde go mbaineann na tréithe seo a leanas le foghlaim éifeachtach ghairmiúil: (i) bíonn cur chuige ábhar-lárnach i gceist; (ii) bíonn foghlaim ghníomhach san áireamh; (iii) spreagtar comhoibriú; (iv) baintear úsáid as múnlaí den chleachtas éifeachtach; (v) cuirtear cóitseáil agus saintacaíocht ar fáil; (vi) cuirtear aiseolas agus deiseanna athmhachnaimh ar fáil; agus (vii) bíonn tréimhse leanúnach i gceist (Darling-Hammond et al., 2017). Fuarthas amach i roinnt staidéar beagscála a rinneadh ar theagasc na Gaeilge go mbíonn rath ar an gcóitseáil, is é sin, nuair a chuirtear tacaíocht duine ar dhuine ar fáil do mhúinteoirí (Ní Dhiorbháin et al. 2024a; Ní Dhiorbháin et al. 2024c).

## Cuir chuige oideolaíochta chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla

Sa chuid seo den tuarascáil, dírítear ar thrí mhór-léirbhreithniú atá ábhartha do theagasc agus foghlaim na Gaeilge (Concannon-Gibney, et al., 2022; Fitzpatrick et al., 2018; Thomas et al., 2018). Tá na staidéir seo cabhrach sa mhéid is go dtugtar acmhoimre iontu ar na torthaí a bhaineann le go leor staidéar eile. Mar shampla, rinne Concannon-Gibney et al. (2022) athbhreithniú ar 78 meatanailís a rinneadh ó 2011 agus ar 56 staidéar a bhí dírithe ar an nGaeilge. Cuireadh moltaí ó litríocht ábhartha eile san áireamh freisin. Deimhnítear sa taighde a rinneadh ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta gur gá cur leis an líon teagmhála atá ag foghlaimeoirí leis an nGaeilge agus le deiseanna úsáide na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla chun torthaí foghlama a fheabhsú agus chun inspreagadh a mhéadú (Concannon-Gibney, et al., 2022; Fitzpatrick et al., 2018; Thomas et al., 2018). Léirítear sa taighde a bhaineann le cúrsaí inspreagtha (Deci & Ryan, 2000; Dörnyei, 2005; 2009) go bhfuil sé ríthábhachtach go mbainfeadh na scoláirí taitneamh as bheith ag foghlaim na teanga agus go mbeadh rath orthu san fhoghlaim teanga (Barnes et al., 2024).

B’fhiú machnamh a dhéanamh ar na cuir chuige oideolaíochta seo a leanas a chur san áireamh chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla.

### Méadaigh an líon teagmhála leis an teanga agus méadaigh deiseanna úsáide na teanga

Is léir ón taighde gur ghá go mbeadh go leor teagmhála ag an bhfoghlaimeoir leis an sprioctheanga chun go mbeadh an fhoghlaim teanga éifeachtach (Lightbown & Spada, 2020; Muñoz, 2012, Ó Duibhir & Harris, 2023). Bíonn go leor ionchuir agus deiseanna úsáide ag teastáil ó fhoghlaimeoirí óga. Nuair a bhíonn srian ar an ionchur teanga atá ar fáil lasmuigh den scoil, bíonn sé ríthábhachtach an teagmháil leis an teanga mhionlaigh a uasmhéadú i rith am scoile chun tacú le sealbhú na teanga. I gcás na luathchlár teanga, is é an réamh-mheastóir gnóthachtála is iontaofa ná an méid ama a chaitear ar an teanga (Edelenbos et al., 2006). Tá bonn láidir taighde ann ina léirítear go mbaineann foghlaimeoirí leas as eispéiris thumthacha teanga (Muñoz, 2012); nuair nach mbíonn lántumadh ann, is féidir leas a bhaint as cuir chuige amhail FCÁT (féach na codanna ar lean). Féadann dianchúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh den Ghaeltacht deiseanna breise a chur ar fáil d’fhoghlaimeoirí chun cur lena gcumas sa Ghaeilge. Tugtar le fios sa taighde agus sa teoiric go léir atá ann gur gá an teanga mhionlaigh a úsáid a oiread agus is féidir ionas go mbainfidh na foghlaimeoirí cumas ardleibhéil cumarsáide amach.

### Cur chuige scoile uile

Is dócha go bhfuil gá le cur chuige scoile uile, a dtacaíonn ceannaireacht na scoile leis, chun teagasc agus foghlaim na Gaeilge a chur chun cinn.  Caithfear cur le húsáid na Gaeilge sna scoileanna agus lasmuigh de na scoileanna chun dearcthaí dearfacha a chothú. Tá scéimeanna tacaíochta ann don Ghaeilge (an scéim Gaelbhratach, mar shampla) a dhíríonn ar úsáid na teanga a mhéadú agus ar dhearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge a chothú. Ba chóir machnamh a dhéanamh ar an tslí a bhféadfadh tuismitheoirí a bheith rannpháirteach i bhfoghlaim Gaeilge a gcuid páistí, beag beann ar an eolas atá acu féin ar an teanga. D’fhéadfadh áiseanna digiteacha a bheith ina gcuidiú ag tuismitheoirí, agus d'fhéadfaidís leas a bhaint as cleachtais ‘thrasteangaithe’ a thabharfadh deis do scoláirí an obair bhaile sa Ghaeilge a phlé ina dteanga bhaile.

### Gaeilge neamhfhoirmiúil a úsáid

Cuireann úsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge go mór le teagmháil na bhfoghlaimeoirí leis an teanga agus le deiseanna an teanga a úsaid i gcomhthéacs bríoch. Molann Thomas et al. (2018), agus iad ag tagairt do chomhthéacs na Breatnaise i scoileanna meán-Bhéarla,  gur

chóir pleanáil a dhéanamh d'úsáid theagmhasach na teanga. Molann siad freisin go ndíreofaí ar chaint an mhúinteora agus ar chaint na scoláirí, ar chomhréir na teanga, agus ar dhul chun cinn sa teanga ó chéim go céim. Ní mór a chinntiú go mbeadh an teanga neamhfhoirmiúil in úsáid ar bhonn comhsheasmhach agus leanúnach. Is oideolaíocht éifeachtach í seo a thacaíonn leis an bhfoghlaim intuigthe agus tá seans ann nach mbeadh úsáid neamhfhoirmiúil na teanga chomh dúshlánach céanna do mhúinteoirí nach mbeadh muiníneach astu féin sa dara teanga (T2).

## Cur chuige ilteangach

Táthar ag tabhairt níos mó airde anois ar na féidearthachtaí a bhaineann leis an gcur chuige ilteangach chun tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge, mar a léirítear i mbeartas (RO, 2024a) agus i gcúrsaí curaclaim (CNCM, 2024a) in Éirinn le gairid. Sa chur chuige seo, aithnítear go mbíonn stór teangacha dá chuid féin ag gach uile dhuine agus gur féidir le gach duine an t-eolas atá acu ar *gach* ceann de na teangacha sin a úsáid don chumarsáid agus don fhoghlaim (Comhairle na hEorpa, 2022). Tá dlúthbhaint idir an cumas ilteangach agus an cumas ilchultúrtha, sa mhéid is go spreagtar na scoláirí lena stór iomlán teangeolaíoch agus cultúrtha a úsáid ar bhealach solúbtha, comhtháite agus dinimiciúil. Ní ann d'ordlathas teangeolaíoch sa chreat seo agus léirítear meas ann ar gach uile theanga agus ar an eolas teangeolaíoch agus cultúrtha ar fad (Comhairle na hEorpa, 2022). Tugann Little agus Kirwan (2024) achoimre ar cheithre bhunphrionsabal a bhaineann le cur chuige ilteangach i dtaca le teagasc teangacha:

1. Éiríonn níos fearr leis an bhfoghlaim teanga nuair a tharlaíonn sé ar bhealach atá dílis agus spontáineach; cuirtear féinriar na bhfoghlaimeoirí san áireamh.
2. Nuair a bhíonn teanga nua á foghlaim, úsáideann an foghlaimeoir an t-eolas teangeolaíoch *ar fad* atá aige; is é sin le rá, ní bhreathnaítear ar theangacha mar theangacha scartha nár chóir a mheascadh le chéile; spreagtar na foghlaimeoirí chun eolas ar theangacha baile agus ar theangacha breise a chomhroinnt lena chéile agus a chomhtháthú.
3. Cé go mbíonn baint ag teangacha éagsúla lena chéile, bíonn scileanna scoite dá gcuid féin ag gach ceann acu freisin; ciallaíonn sé sin gur ghá go mbeadh dóthain ionchuir agus úsáide ann i dtaca leis na teangacha aonair *astu féin* – agus mar chuid de sin go ndéanfaí sainscileanna litearthachta a theagasc – chun cumas teanga ar leith a fhorbairt.
4. Beidh ar na foghlaimeoirí a stór teangeolaíoch féin a fhorbairt i gcaitheamh na mblianta, agus dá bharr sin ba chóir a chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh

ar a bhfoghlaim teanga féin agus an fhoghlaim teanga sin a phleanáil agus a bhainistiú, de réir mar a oireann.

Tá fianaise áirithe i dtaighde agus treoir de chuid Little agus Kirwan (2019; 2024) go bhféadann borradh teacht faoin nGaeilge nuair a ghlactar cur chuige ilteangach ina leith. Sa taighde is deireanaí, feictear go bhfuil féidearthachtaí ar leith ag baint le cur chuige ilteangach maidir le feasacht teanga agus gramadach na Gaeilge á teagasc i scoileanna meán-Bhéarla (Ní Dhiorbháin et al., 2024).

## FCÁT, an fhoghlaim thascbhunaithe, an fhoghlaim ghníomhdhírithe

Leagann cuir chuige chomhaimseartha i leith an oideachais teanga béim ar ról gníomhach an fhoghlaimeora agus é ag úsáid teanga nua i bhfíor-chomhthéacsanna a bhfuil feidhm leo.

San **Fhoghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT)**, is *tríd* an eispéireas foghlama a bhaineann le hábhar eile a fhorbraíonn na scoláirí cumas sa dara teanga nó sa teanga bhreise (Coyle et al., 2010). D’fhéadfaí leas a bhaint as FCÁT chun teagmháil leis an teanga lasmuigh den cheacht teanga a chur chun cinn, agus chun inspreagadh agus scileanna teanga ó bhéal na bhfoghlaimeoirí a fheabhsú. Níor chóir ligean d’fhoghlaim na teanga cur isteach ar an bhfoghlaim ábhair. Caithfear FCÁT a phleanáil go cúramach agus tá impleachtaí aige seo d’oideachas múinteoirí freisin (Ó Ceallaigh et al., 2017; Villabona & Cenoz, 2022). Is féidir úsáid a bhaint as creat Coyle (2008) a dhíríonn ar ábhar, cumarsáid, cognaíocht agus cultúr, nó *the 4C's Framework* mar is fearr aithne air sa Bhéarla. Tá FCÁT an-oiriúnach do cheachtanna praiticiúla, agus glactar leis go coitianta go bhféadfadh múinteoirí meascán den sprioctheanga agus an Béarla a úsáid sa cheacht céanna. Is dócha go bhféadfaí leas ar leith a bhaint as FCÁT i gceachtanna ceoil, ealaíne agus corpoideachais ag leibhéal na bunscoile (Hood, 2020). Le himeacht ama, d’fhéadfaí níos mó ábhar a mhúineadh trí Ghaeilge i scoileanna meán-Bhéarla chun forbairt a dhéanamh ar chláir thosaigh FCÁT, de réir mar atá á chur i bhfeidhm sa Bhreatain Bheag. Molann Hood (2020) go bhféadfadh cur chuige scoile uile i leith úsáid neamhfhoirmiúil na teanga a bheith ina chéad chéim chun aghaidh a thabhairt ar FCÁT. D’fhéadfaí tógáil air sin agus codanna de ceachtanna áirithe a mhúineadh tríd an sprioctheanga, agus ina dhiaidh sin d’fhéadfaí díriú ar ranganna dátheangacha nó ar ranganna FCÁT. Is gá go mbeadh dóthain acmhainní agus forbairt ghairmiúil ar fáil do mhúinteoirí chun go mbeidh rath ar FCÁT trí Ghaeilge (Ní Dhiorbháin & Murphy, 2025). Dá gcuirfí FCÁT i bhfeidhm ar bhonn céimseach, d'fhéadfaí conair a leagan amach i dtreo chláir pháirt-tumtha, ina mbeadh deiseanna ní b’fhearr ar fáil d’fhoghlaimeoirí chun an Ghaeilge a úsáid i gcomhthéacs bríoch.

Leagann an FTCE béim ar an g**cur chuige dírithe ar ghníomh** i dtaca le foghlaim teanga. Tá saintréithe ar leith ag baint leis an gcur chuige seo. Is gníomhaithe gníomhacha sóisialta iad na foghlaimeoirí a bhaineann leas as na hacmhainní teangeolaíocha ar fad atá acu agus iad i mbun tascanna comhoibríocha a bhfuil nasc acu le spriocanna ón bhfíorshaol. Baintear táirge nó toradh amach seachas teanga.  Leagtar béim ar leith ar fhíorthascanna chun teanga a fhoghlaim. Tarlaíonn foghlaim **thascbhunaithe** nuair a bhíonn teanga á húsáid agus á foghlaim ag scoláirí chun tasc a bhaineann leis an bhfíorshaol a chur i gcrích (Bryfonski & Mc Kay, 2019). Tarlaíonn sé sin sa cheacht teanga agus d'fhéadfadh sé na scoláirí a spreagadh chun an sprioctheanga a úsáid. Leantar an tsraith Réamhthasc, Tasc, agus Iarthasc i gceachtanna atá tascbhunaithe (Flynn, 2021). Is bealach é seo chun an cur chuige cumarsáideach a chur i ngníomh nuair a bhíonn toradh eile i gceist seachas **foghlaim na teanga**.

### Fócas ar fhoirm na teanga

Chomh maith leis an bhfócas ar úsáid na teanga ar bhonn cumarsáideach, glactar leis go forleathan gur chóir aird ar leith a dhíriú ar struchtúir ghramadaí (Ellis, 2005). Tá gá le teagasc atá dírithe ar fhoirm na teanga chun go mbeidh na foghlaimeoirí in ann scileanna cruinne teanga a fhorbairt; d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chuid de chur chuige cumarsáideach. Meastar go dtagann cothromaíocht idir an teagasc foirm-dhírithe agus an teagasc brí-dhírithe le dea-chleachtas maidir le teagasc an dara teanga (Harris & Ó Duibhir, 2011).

### Tabhair tacaíocht do pháistí chun scileanna litearthachta a fhorbairt sa Ghaeilge

Cé go nglactar leis go bhfuil sé ríthábhachtach béim a chur ar an nGaeilge labhartha, agus gur trí ghníomhaíochtaí teanga ó bhéal is fearr a fhoghlaimíonn páistí óga, tá sé fíorthábhachtach aird a dhíriú ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do pháistí a gcuid scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt sa Ghaeilge. Mar a dúradh cheana, léirítear sa taighde agus sa teoiric sheanbhunaithe atá ann i dtaca le foghlaimeoirí dátheangacha agus ilteangacha gur féidir le scileanna litearthachta a bhaineann le céad teanga an pháiste tacú leis an litearthacht sa dara teanga, chomh fada is a bhíonn na tacaíochtaí cuí ar fáil (Cummins 1981; Ó Duibhir & Cummins, 2012). Léirítear sa treoir idirnáisiúnta ar theagasc an dara teanga, lena n-áirítear an FTCE (Comhairle na hEorpa, 2020), go dtacaítear le forbairt na teanga nuair a dhéantar na scileanna éisteachta, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta a *chomhtháthú*. D'fhéadfadh forbairt scileanna litearthachta sa Ghaeilge foghlaim na Gaeilge a shaibhriú, inspreagadh an fhoghlaimeora a mhéadú, agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt scileanna dátheangacha agus ilteangacha. Nuair a chuirtear deiseanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a bhaineann le seánraí éagsúla ar fáil d'fhoghlaimeoirí,

cuirtear forbairt teanga na scoláirí chun cinn agus faigheann na scoláirí blaiseadh de stór focal nua agus ilchineálach nach dtiocfaidís air taobh amuigh de sin (Hickey & Stenson, 2016). Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh téacsanna na bpáistí ar an leibhéal iomchuí agus nach mbeifí ag dul sa seans maidir le scileanna aitheanta focal. Mar a luadh cheana, tá fianaise áirithe sa litríocht nach dtugtar go leor tacaíochta do pháistí maidir le forbairt scileanna códbhunaithe sa Ghaeilge, i.e., na scileanna a bhíonn ag teastáil chun focail nach mbíonn ar eolas acu a léamh (Cigireacht ROS, 2007; Hickey & Stenson, 2016; Parsons & Lyddy, 2009, 2016). Sa léirbhreithniú a rinne siad ar an litríocht, díríonn Concannon-Gibney et al. (2022) aird ar réimse cleachtas, taighde-bhunaithe, ina bhforbraítear an teanga agus an litearthacht taobh le taobh lena n-áirítear: leabhair mhóra a léamh i gcomhpháirt; leabhair dhátheangacha dhigiteacha a úsáid; agus scafláil a thabhairt don phróiseas scríbhneoireachta sa Ghaeilge (tá moltaí breise ar fáil sa tuarascáil iomlán). Féadann múinteoirí timpeallacht ábhair i bprionta a chruthú chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'fhorbairt na scileanna léitheoireachta. Tugtar le fios gur fiú go mór a bheith ag léamh os ard do pháistí mar go gcabhraíonn sé sin leo comhréir, foclóir agus eolas ar fhuaimeanna a shealbhú (Harris & Ó Duibhir, 2011). Is fiú go mor freisin an leabhar céanna a léamh arís is arís eile agus scéalta a nascadh le gnáthchaint an lae (Mhic Mhathúna, 2009). Is féidir tuismitheoirí a spreagadh chun leabhair dhigiteacha a úsáid agus chun breathnú ar TG4, mar shampla, chun go mbeidh siad páirteach i bhfoghlaim a gcuid páistí sa Ghaeilge (Dunne, 2020b). Anuas air sin, nuair a léitear téacsanna oiriúnacha sa Ghaeilge, bíonn teacht ag páistí ar ionchur cruinn teanga ar féidir le múinteoirí tógáil air chun tacú le forbairt teanga na bpáistí.

### An Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE)

Cuireann an FTCE pointe tagartha coiteann ar fáil maidir le hinniúlachtaí teangeolaíocha a bhaineann le gach scil theangeolaíoch agus le gach teanga san Eoraip. An aidhm a bhí leis an FTCE ná teagasc agus foghlaim teanga san Eoraip a chomhoiriúnú sa chaoi is go mbeadh an tuiscint thrédhearcach chéanna ar inniúlachtaí teangeolaíocha i ngach uile chomhthéacs. Cuireann sé creat ar fáil chun teagasc, foghlaim agus measúnú teangacha a ailíniú le chéile. Tá sé leibhéal ann a théann ar aghaidh ó A1 agus A2 (an bonnleibhéal) go B1 agus B2 (an leibhéal neamhspleách) agus go C1 agus C2 (an t-ardleibhéal). Cuireann tuairiscíní dearfacha '*Is féidir liom*' in iúl don fhoghlaimeoir an tairseach nach mór a bhaint amach ag na leibhéil éagsúla. Aithnítear sa FTCE go dtarlaíonn sé nach mbíonn an leibhéal céanna bainte amach ag foghlaimeoirí sna scileanna teanga difriúla agus moltar go n-úsáidfí cur chuige bunaithe ar láidreachtaí. Dá nascfaí teagasc agus foghlaim na Gaeilge leis an FTCE, d'fhéadfaí conair thrédhearcach a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun a gcuid foghlama teanga a chur chun

cinn agus chun tacú leo machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim sin. Dá ndéanfaí teagasc agus foghlaim na Gaeilge a ailíniú leis an FTCE, d'fhéadfaí bonnleibhéil foghlama agus teagaisc a leagan amach agus d'fhéadfaí leanúnachas agus dul chun cinn i leith theagasc agus foghlaim na Gaeilge a éascú sa chóras oideachais ina iomláine. Cuireann Punann na dTeangacha Eorpacha, acmhainn a théann leis an FTCE, deiseanna féinmhacnaimh ar fáil don fhoghlaimeoir. Cuireadh Imleabhar Comhghabhálach Nuashonraithe den FTCE ar fáil in 2020. Is fiú a lua nach ndíríonn an FTCE ar an measúnú amháin ach ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim freisin; mar a luadh cheana, molann an FTCE go n-úsáidfí cur chuige dírithe ar ghníomh.

Tá cás-staidéar úsáideach maidir leis an tslí ar féidir an FTCE a chur i bhfeidhm ag leibhéal an chórais ar fáil i mBille Teanga agus Oideachais na Breataine Bige, bille a rith Parlaimint na Breataine Bige in 2025. Sa bhille sin is féidir teacht ar aon slat tomhais amháin, atá bunaithe ar an FTCE, chun an cumas Breatnaise a bhaineann le trí chineál scolaíochta a mheas – oideachas trí Bhreatnais den chuid is mó (80% den teagasc trí Bhreatnais), oideachas dátheangach (50% trí Bhreatnais) agus oideachas trí Bhéarla den chuid is mó (10% den oideachas trí Bhreatnais). Meastar go gcuirfidh cuspóirí teanga atá bunaithe ar an FTCE conair shoiléir ar fáil i dtaca le foghlaim na Breatnaise agus go ndúnfaidh sé sin an bhearna idir na foghlaimeoirí sna cineálacha éagsúla scoileanna. Tá sé beartaithe go dtabharfaidh an bille seo tacaíocht do mhilliún cainteoirí Breatnaise – is é sin an sprioc a leag Cymraeg 2025 amach (An Straitéis um Bhreatnais) – faoi 2050. Cé go bhfuil spriocanna leagtha amach ag an rialtas, tá freagracht ar na húdaráis áitiúla tacú le scoileanna agus bunaíodh Institiúid Náisiúnta um Bhreatnais (*National Institute for Welsh*) chun tacú le teagasc agus foghlaim na Breatnaise sna scoileanna go léir.

## Acmhainní digiteacha

Baintear leas fónta as an bhFoghlaim Ríomhchuidithe Teangacha (*Computer Assisted Language Learning*, i.e., CALL), as an bhFoghlaim Ghléaschuidithe Teangacha (*Mobile Assisted Language Learning* (MALL)), agus as an bhFoghlaim Dhigiteach agus Chluichebhunaithe Teangacha (*Digital Game-Based language learning* (DGBLL)) sa chomhthéacs idirnáisiúnta (féach Concannon-Gibney et al., 2022, áit a bhfuil eolas ar fáil maidir le hathbhreithniú a rinneadh ar mheatanailísí). Is féidir le foghlaimeoirí CALL agus MALL a úsáid chun teanga a fhoghlaim lasmuigh den cheacht, ar bhonn aonair nó i gcomhar le daoine eile, rud a chuireann le spreagadh an fhoghlaimeora agus a chuireann an fhoghlaim neamhspleách teanga chun cinn. Féadann úsáid na teicneolaíochta ionchur teangeolaíoch a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus deiseanna cumarsáide a chur ar fáil dóibh sa teanga bhreise. Tuigtear go mbíonn dea-

thionchar ar leith ag cluichí digiteacha ar stór focal an fhoghlaimeora (Dixon et al., 2022). D'fhéadfadh foghlaimeoirí leas ar leith a bhaint as cluichí a mbeadh bunús siamsaíochta seachas bunús oideachais leo toisc cuma dhílis a bheith ar na cluichí sin; baineann foghlaimeoirí tairbhe ar leith as cluichí nuair a chuireann na múinteoirí ábhar breise leo (Dixon et al., 2022).

Tá na hacmhainní digiteacha atá ar fáil do theagasc agus foghlaim na Gaeilge ag dul chun cinn (Ní Dhúbhda, 2023; Nic Réamoinn & Devitt, 2019; Ward et al., 2025). Mar shampla, d'úsáid Ward et al. (2025) teicneolaíochtaí na hintleachta saorga, téacs go teanga agus an réaltacht fhíorúil, chun aip foghlama dhigiteach atá chluichebhunaithe a fhorbairt don Ghaeilge. Thriail líon beag daltaí bunscoile an aip sin i suíomh meán-Bhéarla. Thacaigh Ní Dhubhda (2023) le scoláirí chun scéalta digiteacha a chruthú i nGaeilge, agus d'úsáid Nic Réamoinn agus Devitt (2016) timpeallacht fhíorúil 3T chun tacú le foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla. D'fhéadfaí cur leis na staidéir beagscála seo. Moltar na hacmhainní digiteacha atá ann faoi láthair a úsáid chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge. Cuirtear in iúl go sonrach sa litríocht gur chóir úsáid CALL a bhunú ar thorthaí foghlama teanga. Luann Ward et al. (2025) a dheacra is a bhíonn sé foirne ildisciplíneacha a thabhairt le chéile i gcomhthéacs teangacha amhail an Ghaeilge nach bhfuil mórán acmhainní ar fáil di. Maíonn siad gur chóir go mbeadh múinteoirí teanga, teangeolaithe, forbróirí bogearraí, dearthóirí comhéadan úsáideora, agus speisialtóirí i leith próiseáil teanga nádúrtha ar na foirne ildisciplíneacha sin.

## Measúnú

Is é atá i gceist le measúnú ná fianaise a bhailiú chun tuiscint a fháil ar fhoghlaim scoláirí (CNCM, 2007; Heritage, 2018). Tá saintréithe ar leith a bhaineann le measúnú maith ranga; ba chóir: go mbeadh cuspóir ar leith aige; go gcabhródh sé le tuiscintí bailí a chruthú ar dhul chun cinn na scoláirí; go mbeadh na breithiúnais a dhéanfaí cothrom agus; go bhféadfaí brath ar na breithiúnais sin chun eolas cruinn agus comhsheasmhach a chur ar fáil (Burke & Lehane, 2023; Murchan & Shiel, 2017). Le blianta beaga anuas, táthar ag athrú ó mheasúnú a rangú mar mheasúnú múnlaitheach nó measúnú suimitheach (Lysaght et al., 2019), mar, le fírinne, is féidir modh measúnaithe ar leith a úsáid chun an dá chuspóir a bhaint amach. Ag leibhéal na bunscoile, tá réimse modhanna measúnaithe ar fáil chun tacú le múinteoirí na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim na bpáistí a aithint (féach: Burke & Lehane, 2023, áit a bhfuil léirbhreithniú ar fáil). Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh tuiscint ardleibhéil ag múinteoirí ar mheasúnú na Gaeilge ionas go mbeidís in ann dul chun cinn na bpáistí a aithint

go cruinn agus na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim a aithint. Dírítear go sonrach ar chúrsaí measúnaithe ag leibhéal na hiar-bhunscoile sa chuid eile den mhír seo.

Is fiú machnamh ar leith a dhéanamh ar na Scrúduithe Stáit agus ar a bhfuil i gceist leo ag leibhéal na hiar-bhunscoile. Mar a luadh thuas, bíonn cúltionchar ag scrúdú na hArdteistiméireachta ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge i ngeall ar an tábhacht mhór a bhaineann leis (Nic Eoin, 2017). Bíonn cúltionchar diúltach ann nuair a chuireann an measúnú srian leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim, mar shampla: nuair a bhíonn an teagasc dírithe ar na scrúduithe, nuair a bhíonn foghlaim de ghlanmheabhair ar siúl agus nuair nach mbíonn na heispéiris foghlama dílis. Bíonn cúltionchar dearfach ann nuair a bhíonn tionchar tógaíoch ag an measúnú ar an bhfoghlaim, is é sin nuair a chúitítear na scileanna cuí agus forbairt an eolais chuí, agus nuair a chuireann sé le soiléireacht na dtorthaí foghlama. Tugann scrúdú na hArdteistiméireachta stádas don Ghaeilge mar theanga agus mar ábhar. Rinneadh cinneadh na marcanna a thugtar do Bhéaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta a mhéadú ó 25% to 40% ó 2012 ar aghaidh. An sprioc a bhain leis an leasú seo ná cultionchar dearfach a imirt ar an gcleachtas sa seomra ranga. Mhol Maunsell (2009), áfach, nár chóir a bheith ag súil go dtiocfadh feabhas ar chaighdeáin mura ndéanfaí ach breis marcanna a bhronnadh. Mhol sé gur chóir míreanna measúnaithe a úsáid sa bhéaltriail a sheachnódh an réamhphleanáil agus an réamhchleachtadh. Cruthaítear deacrachtaí ó thaobh cleachtais de nuair a chuirtear tasc a bhaineann le cur síos a dhéanamh ar phictiúr (sraith pictiúr) agus tasc a bhaineann le filíocht a léamh ar fáil roimh an scrúdú. Léiríodh i dtaighde a choimisiúnaigh an CNCM (Nic Eoin, 2017; Ó Curraoin, 2017; Ó Laoire, 2017) agus COGG (Ní Mhaonaigh, 2013, 2017) nár tháinig feabhas ar chumas cainte na scoláirí sa Ghaeilge nuair a ardaíodh líon na marcanna do bhéaltriail na hArdteistiméireachta, agus go raibh foghlaim de ghlanmheabhair ar siúl i ngeall ar an tsraith pictiúr agus léamh na filíochta. Dírítear aird an léitheora ar an staidéar cuimsitheach a rinne Ní Ghloinn et al. (2024), áit a ndéantar plé ar bhealaí a bhféadfaí na laigí sin a shárú. Níor cuireadh na moltaí sna tuarascálacha taighde a luadh thuas i bhfeidhm go hiomlán, taobh amuigh de roinnt athruithe beaga maidir le hord na míreanna sa bhéaltriail Ghaeilge agus laghdú ar líon na sraithe pictiúr a mbíonn staidéar le déanamh orthu.

Tugann na pointí a ndíríodh aird orthu anseo le fios go bhfuil saincheisteanna struchtúir ag baint le dearadh agus cur i bhfeidhm na sonraíochtaí iar-bhunleibhéil agus leis an athbhreithniú ar na sonraíochtaí sin freisin. Chun go mbeadh dearadh curaclaim agus dearadh siollabais éifeachtach ann, níor mhór na torthaí foghlama, an t-inneachar ábhar léinn, an oideolaíocht agus an measúnú a bheith ailínithe le chéile go soiléir agus ar bhonn tógachaíoch. Tá leithne na dtorthaí foghlama sna sonraíochtaí iar-bhunleibhéil cáinte ag daoine áirithe

(Hyland & Kennedy, 2023; Mac Gearailt & Ó Duibhir, 2023; Ní Dhiorbháin & O'Grady, 2025). Tharraingeodh cur chuige comhtháite i leith dhearadh an tsiollabais an t-inneachar ábhar léinn, an oideolaíocht agus an measúnú le chéile, d'aon iarraidh amháin. Dá gcuirfí an próiseas sin i bhfeidhm, chuirfí treoirlínte soiléire ar fáil do mhúinteoirí roimh an gcur i ngníomh, mar aon le hacmhainní foghlama agus forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí. Léirítear sa taighde go mbíonn tionchar nach beag ag scrúduithe ar fhoghlaim na scoláirí. Nuair a dhearaítear go héifeachtach iad, féadann scrúduithe an tslí a ndéantar an fhoghlaim a leagan síos freisin.

Ní mór don mheasúnú béim a leagan ar úsáid na teanga go cumarsáideach chun tacú le rathúlacht na scoláirí uile. Ba chóir gach uile mhodh measúnaithe a úsáid chun aiseolas dearfach a chur ar fáil, chun foghlaim na Gaeilge a spreagadh, agus chun tacú leis an bhfoghlaim sin. Is léir go bhfuil ról ríthábhachtach ag an measúnú i dtaca le teagasc agus foghlaim na Gaeilge. Níor mhór aird iomchuí a thabhairt ar na cineálacha measúnaithe atá in úsáid sa chóras oideachais ina iomláine, agus ar na cineálacha cur chuige a bhaineann leo, nuair a dhéantar athbhreithniú ar pholasaí, ar churaclam nó ar an oideolaíocht.

## Oideachas Ionchuimsitheach

Léiríonn an taighde ar an oideachas ionchuimsitheach gur chóir tacaíochtaí a chur ar fáil do scoláirí atá ag foghlaim mionteanga chun go mbeidh rochtain ag gach foghlaimeoir ar an gcuraclam de réir mar a oireann dá gcuid riachtanas. Ba chóir soláthar curaclaim a bheith ann a thacódh le gach uile fhoghlaimeoir an Ghaeilge a fhoghlaim, foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu (Nic Aindriú et al., 2021) agus scoláirí atá ag tosú ar scoil in Éirinn (Ní Dhiorbháin & O'Grady, 2025) san áireamh. Is féidir na prionsabail a bhaineann leis an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF), nó '*Universal Design for Learning*' (UDL) mar a thugtar air sa Bhéarla (Centre for Applied Special Technology [CAST], 2024) a úsáid ionas go mbeidh gach foghlaimeoir in ann an Ghaeilge a fhoghlaim ar bhealach a oireann dá gcuid buanna, dá gcuid riachtanas, do na rudaí a gcuireann siad spéis iontu, agus dá bpearsantachtaí (Dunne & Ní Aogáin, 2024; Nic Aindriú et al. 2021). Leagann Nic Aindriú et al. (2021) béim ar a thábhachtaí is atá sé cúrsaí ionchuimsithe a chur san áireamh agus, chuige sin, pleanáil réamhghníomhach a dhéanamh don difreáil agus solúbthacht a bheith sa teagasc agus san fhoghlaim. Tá neart bealaí ann inar féidir tacú le foghlaimeoirí an Ghaeilge a fhoghlaim. Cuireann Dunne agus Ní Aogáin (2024) samplaí ar fáil de na bealaí inar féidir leas a bhaint as DUF chun tacú leis an rannpháirtíocht trí úsáid a bhaint as modhanna éagsúla rannpháirtíochta, léiriúcháin, gníomhaíochta agus léirithe.

Ar bhonn idirnáisiúnta, úsáidtear na múnlaí Freagairt ar an Idirghabháil (*Response to Intervention*) (*RTI*) nó Córas Ilchéime Tacaíochta (*Multi-Tiered System of Support*) (*MTSS*) de

ghnáth chun tacú le foghlaimeoirí a bhfuil breis tacaíochta ag teastáil uathu chun máistreacht a fháil ar ghnéithe áirithe den churaclam (Fletcher & Vaughn, 2009). I mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna na hÉireann, úsáidtear creat ar a dtugtar an Leanúntas Tacaíochta (An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, 2007) chun an múnla sin a chur i bhfeidhm. Is beag fianaise atá ann, áfach, le tabhairt le fios go gcuirtear an Leanúntas Tacaíochta i bhfeidhm i scoileanna meán-Bhéarla i gcomhthéacs na Gaeilge mar T2. Sa treoir is deireanaí faoin oideachas ionchuimsitheach a chuir an Roinn Oideachais ar fáil, is ar éigean a dhéantar tagairt ar bith don tslí a bhféadfaí tacú le páistí chun an Ghaeilge a fhoghlaim i scoileanna mean-Bhéarla (RO 2024b; 2024c). B'fhiú breis machnaimh a dhéanamh ar an mbearna seo sa treoir.

## Conclúid

Sa chuid seo, tugadh léargas ar an litríocht agus ar an taighde a bhí ábhartha don chomhairliúchán ar an nGaeilge i scoileanna meán-Bhéarla.

# CUID B

## *Na Torthaí ón gCéad Ócáid Chomhairliúcháin a Reáchtáladh leis na Páirtithe Leasmhara*

# Cuid B: Na torthaí ón gcéad ócáid chomhairliúcháin a reáchtáladh leis na páirtithe leasmhara

## An Mhodheolaíocht

### Rannpháirtithe

Sa chuid seo den tuarascáil, déantar cur síos ar thuairimí de chuid réimse páirtithe leasmhara a ghlac páirt sa chéad ócáid chomhairliúcháin a reáchtáladh i bPáirc an Chrócaigh ar an 22 Eanáir, 2025. Ba é an tAonad Gaeilge um Scoileanna Meán-Bhéarla, ROÓ, a bhí freagrach as na páirtithe leasmhara a ghlacfadh páirt ann a roghnú. Tá liosta de na páirtithe leasmhara a bhí páirteach sna comhráite comhstádais/seisiúin plé ar fáil in Aguisín A.

### Giniúint agus taifeadadh sonraí

Reáchtáladh seisiúin plé ag an gcéad ócáid chomhairliúcháin ar mhaithe le díriú ar na ceisteanna atá leagtha amach in Aguisín B. Úsáideadh an teimpléad céanna chun miontaifead a dhéanamh den phlé a rinneadh ag gach bord (féach Aguisín C). Ar mhaithe le hanaithnideacht na rannpháirtithe a chosaint, glacadh nótaí den mhéid a dúradh ar bhonn ginearálta, seachas pointí a lua le duine aonair nó leis an eagraíocht lenar bhain an duine sin. Rinne gach cláraitheoir taifead cruinn ar thuairimí na rannpháirtithe i leith na gceisteanna aonair, agus achoimre ar an bplé i gcoitinne freisin. Ba é an ról a bhí ag an gcláraitheoir ná na tuairimí a pléadh a chlárú go cruinn agus féachaint chuige go dtabharfadh an t-éascaitheoir faoi gach uile cheist. Níor ghlac na cláraitheoirí páirt sa phlé.

Tugadh foirm ar líne do na heagraíochtaí a bhí i láthair ag an ócáid chomhairliúcháin a d’fhéadfaidís a úsáid chun breis aiseolais a thabhairt. Roinneadh sonraí anaithnidithe ón bhfoirm sin le foireann taighde SEALBHÚ agus rinneadh anailís ar na sonraí sin in éineacht le taifid a bhain leis na seisiúin plé.

### Anailísiú sonraí

Is féidir anailís a dhéanamh ar shonraí cáilíochtúla ar iliomad bealaí. Anailís teimpléid a úsáideadh don tionscnamh áirithe seo mar is féidir í a chur i bhfeidhm go solúbtha ar thacair sonraí téacsála (Brooks et al., 2015) ar bhealach a chuireann rian iniúchta soiléir ar fáil (King &

Brooks, 2017). I gcomhréir leis an treoir fhoilsithe atá ann i leith anailís teimpléid (Brooks et al., 2015; King & Brooks, 2017), leanadh na céimeanna seo a leanas:

1. **Eolas a chur ar na sonraí:** Léigh na príomhthaighdeoirí trí na taifid ar fad ina n-iomláine.
2. **Réamhchódú:** Gineadh bunchóid a bhí bunaithe ar théamaí *a priori* (i.e. cóid réamhshocraithe a cuireadh i bhfeidhm ar na sonraí ar bhonn déaduchtach) agus ar chóid ionduchtacha a aimsíodh nuair a bhí eolas á chur ar na sonraí. Molann King agus Brooks (2017) gur chóir na cóid sin a chur i bhfeidhm ar fho-thacar sonraí sula ndéanfaí foirmeálta iad agus sula gcuirfí i bhfeidhm iad ar an tacar sonraí ina iomláine. Chun críche an tionscadail reatha, cuireadh na taifid ar fad a gineadh le linn na seisiún plé ar an gcéad lá comhairliúcháin san áireamh san fho-thacar sonraí sin. Rinneadh an códú sa chás áirithe seo trí úsáid a bhaint as an bhfeidhm 'nóta tráchta' i gcomhcháipéis Google chun na cóid ábhartha a chlibeáil. Aistríodh na haonaid tras-scríbhinne ábhartha go scarbhileog *Google* ansin, áit ar coinníodh taifead ar na haonaid sonraí a sannadh do chód ar leith.
3. **Braisliú:** Tugadh le chéile na cóid a raibh baint acu lena chéile ar bhonn coincheapúil agus eagraíodh ar bhonn ordlathach iad.
4. **Teimpléad códaithe a chur ar fáil:** Nuair a cuireadh na cóid i bhfeidhm ar na sonraí ón ócáid chomhairliúcháin agus nuair a bhí an braisliú déanta, socraíodh ar an mórtheimpléad.
5. **An teimpléad a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt:** Is éard a bhí sa teimpléad tosaigh ná sraith de chóid/téamaí a raibh baint acu le chéile a d'úsáid na príomhthaighdeoirí chun anailís a dhéanamh ar thras-scríbhinní nua. Tugadh cóid nua isteach sa phróiseas a bhain leis an anailís nuair ba ghá.
6. **Léirmhíniú Deireanach:** Úsáideadh an tacar sonraí lánchódaithe chun tuarascáil insinte a ghiniúint inar tugadh tuairisc ar na téamaí agus ar na fothéamaí deireanacha.

Roinneadh dréacht-tuarascáil leis an bhfoireann taighde ina hiomláine (na cláraitheoirí sna áireamh) le cinntiú go raibh cuntas tomhaiste agus ionadaíoch inti ar an bplé a rinneadh ag gach bord.

# Na torthaí

Nuair a bhí códú agus rangú déanta ar na sonraí, aimsíodh réimse téamaí. Cuirtear na téamaí sin i láthair ar bhonn trasearnála; é sin ráite, sna cásanna inar bhain moltaí go sonrach le hearnáil ar leith, luaitear é de réir mar is cuí. Is mar seo a leanas a chuirtear na téamaí i láthair:

- Fís don Ghaeilge a bheadh uaillmhianach agus comhnasctha
- Curaclam agus measúnú: Dul chun cinn a chinntiú, tús áite a thabhairt don teanga labhartha
- Oideolaíocht teanga: Láidreachtaí, dúshláin agus deiseanna
- Úsáid na Gaeilge taobh amuigh den cheacht Gaeilge: deiseanna cumarsáide trí Ghaeilge a chruthú
- Tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile
- Páirt a thabhairt do thuismitheoirí, do chaomhnóirí agus don phobal i gcoitinne
- Ionchuimsitheacht a chinntiú

Tabhair faoi deara gur tuairimí na bpáirtithe leasmhara a ghlac páirt sa chomhairliúchán atá i gceist sna torthaí téamacha seo agus nach gá go bhfuil siad iad ag teacht leis na tuairimí atá ag údair na tuarascála.

## Fís don Ghaeilge a bheadh uaillmhianach agus comhnasctha

*Is é an teachtaireacht shoiléir a tháinig ar ais ón gcuid is mó den phlé ná gur gá fís a chruthú don Ghaeilge a bhfuil aidhm chomhaontaithe aici, a bhfuil ionchais arda ag baint léi, agus a chinntíonn leanúnachas i ngach aoisghrúpa.*

I dtuairim na rannpháirtithe, ní mór do na páirtithe leasmhara ar fad a bheith ag obair as lámha a chéile agus **polasaí uileghabhálach don Ghaeilge a fhorbairt** chun fís mar sin a chur i gcrích. Cé gur luaigh roinnt rannpháirtithe samplaí de chomhordú idir-rannach/ionrannach, tháinig sé chun solais go láidir gur chóir go mbeadh nasc ní ba láidre idir na polasaithe agus na tionscnaimh éagsúla. Mar shampla, díríodh aird ar neamhréir a shíltear a bheith idir an straitéis úr, *Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann, An Polasaí don Oideachas Gaeltachta* agus na moltaí atá ann don pholasaí nua don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Díríodh aird freisin ar choimhlintí a shíltear a bheith sa chóras faoi láthair, lena n-áirítear, mar shampla, líon na scoláirí a thugann faoi Nuatheanga Iasachta ach a bhfuil díolúine ón nGaeilge acu. Chuir rannpháirtithe áirithe in iúl gur chóir a chinntiú nach scoiltfí dualgais idir rannóga éagsúla den Roinn Oideachais agus Óige nó idir ranna, go fiú (go

háirithe idir an Roinn Oideachais agus Óige agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta). Tharraing siad aird freisin ar an ngá a bhaineann le toil agus tacaíocht pholaitiúil.

Ba dhíol suntais ar leith í an tuairim a tháinig chun solais go bhfuil comhtháthú níos mó ag teastáil i dtaca le h**aistear foghlama na Gaeilge ón luathóige ar aghaidh, tríd an mbunscoil, tríd an iar-bhunscoil agus ina dhiaidh sin**. Chuir rannpháirtithe áirithe in iúl go dtógfadh sé tamall dul chun cinn a dhéanamh ach go raibh sprioc shoiléir ag teastáil. Spreagann a leithéid de sprioc gníomh, spreagann sé fonn feabhsaithe agus cuireann sé slat tomhais ar fáil chun dul chun cinn a mheas. Mheas roinnt rannpháirtithe gur chóir painéal saineolaithe a bhunú chun ionchais soiléire teanga a leagan amach do gach leibhéal den chóras oideachais agus go bhféadfaí é sin a dhéanamh i gcomhthéacs plean gnímh dhá bhliain. Rinne rannpháirtithe áirithe tagairt do chás na Breataine Bige agus iad ag áitiú ar son aidhm uileghabhálach agus plean chun í a bhaint amach (féach an mhír a bhaineann leis an FTCE thíos).

Chuir na rannpháirtithe in iúl freisin **nach féidir freagracht don Ghaeilge a bheith ar an gcóras oideachais amháin**. Tá an Ghaeilge ar cheann den iliomad ceisteanna 'du jour' atá ann, lena n-áirítear tosaíochtaí oideachais atá in iomaíocht léi. Cé go bhféadfadh ról lárnach a bheith ag an Roinn Oideachais agus Óige, ba chóir go mbeadh ról tacaíochta ag ranna eile rialtais. Ní mór é sin a roinnt agus a chomhtháthú. De réir na rannpháirtithe sin, níor mhór glacadh leis, in aon straitéis nua a thiocfadh chun cinn, go bhfuil ról ag spásanna lasmuigh den scoil maidir le húsáid agus forbairt teanga. Dhírigh roinnt rannpháirtithe aird freisin ar an gcomhthéacs níos leithne atá ann maidir le cur chun cinn na Gaeilge. Luaigh siad go sonrach gur chóir cuimhneamh ar an gcomhthéacs stairiúil agus sóisialta. Is féidir an easpa measa a léirítear ar an nGaeilge a rianú siar go cúinsí stairiúla ar leith a bhfuil baint acu go fóill le dearcthaí tuismitheoirí. Mhol rannpháirtithe áirithe gur chóir an fáth a bhfoghlaimítear an Ghaeilge a phlé le páistí ó rang a trí ar aghaidh. Tá idir fhéidearthachtaí agus srianta leis an "éiceachóras" don Ghaeilge. Agus an mórphictiúr sin á mheas, níor mhór ualach oibre na múinteoirí agus an ró-ualach tionscnamh a shíltear a bheith ann sna scoileanna a chur san áireamh, mar aon leis na deacrachtaí a bhaineann le hearcú múinteoirí (go háirithe ag an iar-bhunleibhéal).

Dúirt rannpháirtithe áirithe gur chóir go mbeadh **feachtas múscailte feasachta** i gceist le straitéis úr ar bith a thiocfadh ar an bhfód, ionas go ndíreofaí aird ar na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge (m.sh., deiseanna fostaíochta/eacnamaíochta, na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas, meas ar an nGaeilge mar chuid d'oidhreacht na hÉireann sa chomhthéacs idirchultúrtha). Mhol roinnt díobh gur chóir, ina leithéid d'fheachtas, aird a tharraingt ar an áit a bhféadfadh daoine atá ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge

teacht ar acmhainní breise. Bhí rannpháirtithe áirithe den tuairim go ndéanfadh a leithéid d'fheachtas cothromú ar chlaonadh na meán chun an Ghaeilge a mheas ar bhonn diúltach.

Agus **fís 'réabhlóideach' nó 'radacach' go fiú** don Ghaeilge á leagan amach ag na rannpháirtithe, chuir siad in iúl nach bhfuil na freagraí go léir againn go fóill. Éilíodh **breis taighde** agus imscrúdaithe i dtaca le ceisteanna éagsúla, lena n-áirítear breis taighde a bheadh dírithe go sonrach ar thuairimí na múinteoirí agus na bpáistí; taighde i dtaca le rudaí a thuigtear a bheith ag obair/nach bhfuil ag obair; breis imscrúdaithe ar dhlínsí den chineál céanna/ar theangacha mionlaigh i dtíortha éagsúla. Chuir rannpháirtithe eile in iúl go bhfuil an t-am chun gnímh buailte linn agus gur gá bogadh ar aghaidh ón gcomhairliúchán agus an taighde.

## Curaclam agus measúnú: Dul chun cinn a chinntiú, tús áite a thabhairt don teanga labhartha

*Bhí cuid mhaith den phlé dírithe ar an ngá atá ann le hionchais churaclaim an chórais scoile uile a ailíniú le chéile, le béim a chur ar úsáid na teanga labhartha, agus le féachaint chuige go leagfaí amach go leor ama don Ghaeilge i moltaí an churaclaim.*

Mhol go leor de na páirtithe leasmhara gur chóir ionchais i leith na **Gaeilge** a ailíniú le **Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha/Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE)**. Dá mbeidís ailínithe leis an FTCE, d'fhéadfaí caighdeáin shoiléire shothuigthe i dtaca le cumas Gaeilge a leagan amach do chéimeanna éagsúla den chóras oideachais. Bhí rannpháirtithe ann a mheas go rachadh sé chun sochair do mhúinteoirí freisin dá nglacfaí le creat FTCE, ó thaobh riachtanais iontrála/fágála na gclár a bhaineann le hoideachas tosaigh múinteoirí nó mar mhodh féinmheasúnaithe do mhúinteoirí ar mhian leo a n-inniúlacht teanga a fheabhsú. Luaigh rannpháirtithe eile na buntáistí a bhainfeadh leis an ailíniú sin, lena n-áirítear deis a d'fhéadfadh a bheith ann chun díriú ar inniúlachtaí labhartha/cluastuisceana seachas ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht le scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu (m.sh. disléicse). Rinneadh trácht ar a fheabhas ar éirigh le scoileanna áirithe agus iad ag tabhairt faoi mheasúnuithe a bhaineann le Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) san idirbhliain.

Bhí an gá le curaclam náisiúnta ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal a dhíriú (nó a ath-dhíriú) **ar úsáid na Gaeilge labhartha** ar cheann de na téamaí a tháinig aníos arís is arís eile sa phlé ag na boird éagsúla. Cé gur chuir rannpháirtithe áirithe in iúl go raibh rath éigin, ar a laghad, ar an mbéim ar an teanga labhartha ag leibhéal na bunscoile, chuir rannpháirtithe eile in iúl go gcailltear spéis inti sna hardranganna bunscoile nuair a dhírítear níos mó ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht. Luaigh roinnt acu gur ghá fáil réidh

le bheith ag múineadh ainmfhocal as comhthéacs agus béim a chur ina ait ar stór focal a mhúineadh i gcomhthéacs abairtí atá nasctha le húsáid chumarsáideach na teanga. Chuir go leor de na rannpháirtithe in iúl go raibh sé ina ábhar imní acu nach dtugtar tosaíocht don teanga labhartha sa tSraith Shóisearach toisc nach bhfuil béaltriail mar chuid den scrúdú stáit sin (féach thíos). Tháinig sé aníos arís is arís eile sa phlé go síltear go gcuirtear an iomarca béime ar an litríocht ag an iar-bhunleibhéal. De réir na rannpháirtithe, nuair a bhíonn go leor litríochta le múineadh, cuirtear brú ar na múinteoirí agus ar na scoláirí araon agus laghdaítear an méid ama a bhíonn ar fáil chun scileanna teanga a fhorbairt. Bíonn tionchar diúltach aige sin ar fad ar dhearcthaí i leith na Gaeilge. Bhí roinnt rannpháirtithe den tuairim nach raibh baint ag an litríocht le gnáthshaol na scoláirí.

Bhí go leor le rá ag na rannpháirtithe faoin **measúnú.** Thug roinnt rannpháirtithe le fios gur cheap siad go raibh an measúnú ceann cúrsa ina 'scéal rómhór', go háirithe ag an iar-bhunleibhéal, agus go raibh béim an churaclaim á cúngú, dá bharr. Bhí drochthionchar aige sin ar an gcaoi a bpléann na scoláirí leis an nGaeilge, dar leo. Shíl rannpháirtithe eile gur chóir dóibh a bheith ag obair leo laistigh den chóras reatha le cinntiú go dtabharfadh na cleachtais mheasúnaithe tús áite do na gnéithe a raibh meas orthu. Mhol rannpháirtithe áirithe go sonrach gur ghá dul i ngleic leis an stádas sách íseal a bhí á thabhairt do na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB) agus go raibh béaltriail sa tSraith Sóisearach ar cheann de na príomhghníomhartha nár mhór díriú air sa Phlean Gnímh don Ghaeilge. Cuireadh in iúl go raibh an úsáid a bhaintear as an tsraith pictiúr i mbéaltriail na hArdteistiméireachta ina hábhar imní, agus mhol rannpháirtithe áirithe gur chóir an cur chuige a úsáidtear sna béaltrialacha a bhaineann leis na Nuatheangacha Iasachta a chur i bhfeidhm ina háit. Cé gur glacadh leis go raibh sé lasmuigh de raon feidhme na straitéise reatha, chuir rannpháirtithe áirithe in iúl gur cheap siad go raibh sé in am plé a dhéanamh ar an nGaeilge mar ábhar éigeantach Ardteistiméireachta. Rinneadh an moladh go bhféadfaí an Ghaeilge a dhéanamh roghnach agus pointí sa bhreis a chur ar fáil di chun stádas na teanga sa tSraith Shinsearach a ardú.

Cé go raibh na rannpháirtithe buartha faoin róbhéim a chuirtear ar an measúnú ag an iar-bhunleibhéal, tháinig sé chun solais go síltear **nach leor an measúnú a dhéantar ar an nGaeilge ag leibhéal na bunscoile.** Cé go gcaithfidh scoileanna meán-Bhéarla trialacha caighdeánaithe a dhéanamh sa léitheoireacht Bhéarla agus sa Mhatamaitic i rang a dó, i rang a ceathair agus i rang a sé, agus tuairisciú a dhéanamh ar na trialacha sin freisin, ní bhíonn an dualgas céanna orthu maidir leis an nGaeilge. Cé gur glacadh leis go bhfuil scóip na dtrialacha sin sách teoranta, bhí rannpháirtithe áirithe den tuairim gur beag measúnú a dhéantar ar dhul chun cinn sa Ghaeilge nuair nach ndéantar iad. Chuir roinnt rannpháirtithe in iúl gur cheap

siad go dtabharfaí ardú céime don Ghaeilge in aigne na dtuismitheoirí dá ndéanfaí torthaí trialacha caighdeánaithe Gaeilge a thuairisciú (de réir mar a dhéantar torthaí na dtrialacha Béarla agus Matamaitice a thuairisciú). B'fhiú uasdátú a dhéanamh ar na measúnuithe caighdeánaithe don Ghaeilge sna scoileanna meán-Bhéarla.

Ní raibh ach rudaí diúltacha le rá, den chuid is mó, faoin **méid ama a leagtar amach don Ghaeilge ag leibhéal na bunscoile**. Léiríodh imní ar leith faoin laghdú de 30 nóiméad san achar scoite a thugtar don Ghaeilge mar T2 i g**Creatchuraclam na Bunscoile** agus moladh gur chóir athmhachnamh a dhéanamh ar an laghdú sin. Bhí rannpháirtithe ann a bhí den tuairim go bhfágfadh an laghdú ama sin go mbeadh teagmháil ní ba lú ag pobal na scoile leis an teanga, go laghdófaí úsáid na teanga, agus ar deireadh, go ndéanfaí an cumas teanga agus an mhuinín atá ann ina leith a laghdú.

Ar mhaithe lena chinntiú go mbeadh na cleachtais churaclaim agus mheasúnaithe oiriúnach don fheidhm atá leo, chuir na rannpháirtithe in iúl gur ghá cothromaíocht a aimsiú idir saoirse ghairmiúil an mhúinteora agus **an méid treorach a chuirtear ar fáil sna sonraíochtaí curaclaim**. Mar shampla, dúirt roinnt rannpháirtithe nach bhfuil go leor treorach ar fáil i g*Curaclam Teanga na Bunscoile* maidir le cuir chuige atá fianaisebhunaithe.

## Oideolaíocht teanga: Láidreachtaí, dúshláin agus deiseanna

*Chuir na rannpháirtithe in iúl go láidir gur ghá díriú ar chuir chuige spraíúla agus idirghníomhacha i leith fhoghlaim na teanga agus gur ghá go mbeadh dearcadh oscailte mar bhonn taca leis sin ar fad. Rinneadh plé caolchúiseach ar an gcur chuige cumarsáide/cur chuige dírithe ar ghníomh agus ar an tosaíocht a thugtar do na scileanna litearthachta éagsúla.*

Dúirt na páirtithe leasmhara arís is arís eile go raibh teagasc na Gaeilge ní b'éifeachtaí nuair a bhí an teagasc **idirghníomhach agus spraíúil**. Bhí siad den tuairim go ndéanann sé sin cinnte de go mbíonn na paistí agus na daoine óga páirteach san fhoghlaim agus go dtugann siad faoin bhfoghlaim ar bhealach fiúntach. Chuir na rannpháirtithe in iúl go mbíonn cuir chuige spraíúla/idirghníomhacha in úsáid go forleathan sna blianta tosaigh ag an mbunscoil ach go mbaintear níos lú úsáide as na cuir chuige sin de réir mar a théann na páistí ar aghaidh tríd an scoil agus isteach san iar-bhunscoil. Léiríodh imní go bhfuil breis tacaíochta ag teastáil ó na múinteoirí maidir leis an mbealach is fearr chun úsáid a bhaint as struchtúir an churaclaim reatha chun pleanáil a dhéanamh don Ghaeilge. Chuir go leor de na rannpháirtithe in iúl go bhfuil ról rólárnach ag na **téacsleabhair** agus go gcuireann siad isteach ar an gcaoi a dtéann na scoláirí i ngleic leis an nGaeilge. Tarlaíonn sé sin go háirithe nuair a bhíonn réim theanga an leabhair ródheacair, nó nuair nach mbaineann fócas an leabhair le spéis na scoláirí,

lena saol ar scoil nó lasmuigh den scoil, nó le sochaí na hÉireann sa lá atá inniu ann. Ar an taobh eile den scéal, chuir rannpháirtithe eile in iúl go gcuireann cláir dhigiteacha áirithe (a luadh go sonrach iad) le leanúnachas san fhoghlaim teanga agus go mbíonn siad ina gcuidiú ag múinteoirí agus iad i mbun pleanála.

Ar an gcaoi chéanna, rinneadh plé ar an gcur chuige ginearálta a mholtar maidir le teagasc na Gaeilge ag an mbunleibhéal agus tháinig tuairimí chun cinn a bhí sách éagsúil lena chéile. Chuir rannpháirtithe áirithe in iúl nach n-úsáidtear **an cur chuige cumarsáideach** go forleathan sna bunscoileanna, agus go mbíonn drogall ar mhúinteoirí cleachtas a athrú. Chuir rannpháirtithe eile in iúl go raibh forbairt tagtha ar an gcur chuige cumarsáideach agus go raibh sé in am breis airde a dhíriú ar na gnéithe de theagasc na teanga a bhaineann le **cur chuige dírithe ar ghníomh**, de réir mar a mholtar i dtreoirlínte FTCE. Measadh gurbh fhiú breis machnaimh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le moltaí teagaisc agus foghlama FTCE i gcomhthéacs na Gaeilge.

Léiríodh tuairimí éagsúla maidir leis an mbéim ba chóir a chur ar ***scileanna litearthachta* sa Ghaeilge.** Agus iad ag tagairt do leibhéal na bunscoile, chuir roinnt rannpháirtithe in iúl go raibh an róbhéim a chuirtear ar litriú na Gaeilge (go háirithe an bhéim a chuirtear ar na scrúduithe litrithe) ag cur isteach ar rannpháirtíocht na scoláirí sa Ghaeilge. Chuir rannpháirtithe eile in iúl nach mbeadh sé inmholta tosaíocht a thabhairt don teanga labhartha gan a bheith ag díriú ag an am céanna ar an ról tacúil agus comhtháiteach atá ag an léitheoireacht agus ag an scríbhneoireacht i dtaca le foghlaim na teanga. Thug siad le fios go raibh tuairimí i leith thábhacht na léitheoireachta/scríbhneoireachta á ndoiléiriú i ngeall ar na dearcthaí diúltacha a bhí ann i leith téacsleabhar. Chuir rannpháirtithe eile fós in iúl go raibh an cur chuige a bhí in úsáid i leith theagasc an litrithe agus i leith aithint focal as dáta. Luadh go sonrach nach raibh go leor airde á díriú ar léirtheagasc fhónaic na Gaeilge sa churaclam, ná sa ghnáthchleachtas ach an oiread.

Luaigh na rannpháirtithe na féidearthachtaí atá ann maidir le húsáid a bhaint as an **teicneolaíocht agus as acmhainní ar líne** chun tacú leis an oideolaíocht teanga. Rinneadh tagairt do réimse acmhainní, lena n-áirítear stóir d'acmhainní múinteora, podchraoltaí agus nuachtlitreacha ar líne. Dhírigh rannpháirtithe áirithe aird ar an tslí a bhféadfaí breis úsáide a bhaint as na meáin shóisialta chun cur le rannpháirtíocht na scoláirí, cé gur glacadh leis go bhféadfadh sé sin a bheith dúshlánach ar bhealaí éagsúla. Mhol rannpháirtithe eile go bhféadfadh ról a bheith ag an Intleacht Shaorga (IS) maidir le hacmhainní a chruthú ach dúradh go raibh sé róluath go fóill breis sonraí a thabhairt faoi sin.

Bhí na rannpháirtithe ar aon intinn, a bheag nó a mhór, gur chóir do mhúinteoirí **dearcadh oscailte** i leith na Gaeilge, is é sin, **dearcadh den chineál 'bain triail as',** a chothú i measc na scoláirí agus na dtuismitheoirí araon. Bhí go leor de na rannpháirtithe den tuairim go mbeadh dearcadh moltach i leith na Gaeilge ina chuidiú mór maidir le dearcthaí dearfacha a chothú ina leith agus go mbeadh sé sin ina chuidiú freisin maidir le féinmhuinín a spreagadh i leith na Gaeilge. Chuir siad in iúl go tréan gur chóir a thuiscint gur dianiarracht a leanann ar aghaidh ar feadh an tsaoil atá san fhoghlaim teanga agus go luíonn sé le réasún go ndéanfadh foghlaimeoirí botúin le linn dóibh a bheith ag foghlaim. Ba chóir 'cultúr an cheartúcháin' a sheachaint. Chuir roinnt rannpháirtithe in iúl go raibh an meon oscailte sin ann cheana; ní raibh gach duine ar aon intinn faoi sin, áfach. Ar an mbealach céanna, dhírigh rannpháirtithe áirithe aird ar an leas is féidir a bhaint as feasacht teanga na scoláirí a spreagadh, i.e., a gcumas chun patrúin a aithint i dteangacha, lena n-áirítear an Ghaeilge, agus machnamh a dhéanamh ar na patrúin sin. Measadh go raibh sé ríthábhachtach fiosracht faoin teanga a mhúscailt.

## Úsáid na Gaeilge taobh amuigh den cheacht gaeilge: Deiseanna cumarsáide trí Ghaeilge a chruthú

*Ar mhaithe le tacú le fís na Gaeilge mar theanga bheo, ba chóir go mbeadh Gaeilge neamhfhoirmiúil in úsáid go rialta ag gach duine i gcaitheamh an lae scoile. Chuir na rannpháirtithe in iúl gurbh fhiú feidhm a bhaint as an bhFoghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT), cláir ar leith (m.sh. an scéim Gaelbhratach), imeachtaí (m.sh., díospóireachtaí/spórt) agus turais chun na Gaeltachta chun cur le húsáid na Gaeilge.*

Bhain cuid mhaith de na moltaí a tháinig chun cinn maidir le cur le húsáid na Gaeilge leis an ngá atá ann chun tacú leis na scoláirí breathnú ar an teanga mar **theanga bheo** seachas mar ábhar scoile amháin. Bhí rannpháirtithe ann a bhí go láidir den tuairim go gcaithfimid an méid is mó deiseanna agus is féidir a chur ar fáil chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh de chomhthéacs na gceachtanna Gaeilge. Bhí moladh a bhain leis an **nGaeilge neamhfhoirmiúil** ar cheann de na moltaí ba mhó a tháinig chun cinn sa chuid seo den phlé. Cuireadh in iúl gur mhó seans a rachfaí i ngleic leis an nGaeilge neamhfhoirmiúil sa bhunscoil ná san iar-bhunscoil, toisc nach mar a chéile iad na próifílí cáilíochta éagsúla a bhíonn ag na múinteoirí sa dá earnáil sin. In ainneoin na difríochta sin, ba é tuairim na rannpháirtithe go mbíodh an Ghaeilge neamhfhoirmiúil in úsáid ní ba mhó sna bunscoileanna san am atá thart ná mar a tharlaíonn sa lá atá inniu ann. Tháinig moltaí sonracha eile chun cinn, lena n-áirítear: gur chóir frásaí na seachtaine a roinnt leis na tuismitheoirí agus úsáid na bhfrásaí a spreagadh ar fud na

scoile; gur chóir beannachtaí, teachtaireachtaí agus gnáthaimh na scoile (m.sh., an rolla) a bheith trí Ghaeilge den chuid is mó, de ghnáth; agus gur chóir go mbeadh gach ball de phobal na scoile páirteach ins an méid sin (lena n-áirítear rúnaithe agus feighlithe scoile agus múinteoirí na n-ábhar eile ag an iar-bhunleibhéal). Dúradh gur chóir go ndéanfadh an Chigireacht measúnú ar úsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge. Rinneadh plé ar infheictheacht na Gaeilge freisin. Thug rannpháirtithe le fios gur cheap siad **gur chóir go ndéanfaí normalú ar úsáid na Gaeilge** agus gur chóir go mbeadh an Ghaeilge thar a bheith feiceálach i ngach uile scoil, an téarmaíocht a úsáidtear (m.sh., ceann bliana) agus rudaí sa timpeallacht fhisiciúil (m.sh. comharthaí) san áireamh.  Ba chóir go mbeadh sé ar cheann de na haidhmeanna scoile uile *timpeallacht Ghaelach* a chruthú. Dúradh go mbeadh tacaíocht ó cheannaireacht na scoile ag teastáil go géar chun an cultúr sin a chothú.

Luaigh na rannpháirtithe réimse **gníomhaíochtaí agus ócáidí neamhfhoirmiúla seach-churaclaim** a d'fhéadfadh tacú le cur chun cinn na Gaeilge sa scoil. Ina measc siúd bhí clubanna Gaeilge, turais scoile, drámaí, damhsaí/fleadhanna, imeachtaí spóirt, tob-Ghaeltachtaí, zóin Ghaeilge a dhéanamh de limistéir ar leith d'fhearann na scoile, díospóireachtaí scoile, tráth na gceist agus campaí teanga samhraidh/Cásca. Ag an iar-bhunleibhéal, luadh go mbíonn deiseanna ar leith ar fáil san idirbhliain chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim trí Ghaeilge. Measadh go raibh gníomhaíochtaí a bhaineann le Seachtain na Gaeilge ina gcuidiú maidir le dearcthaí dearfacha a chur chun cinn, agus mhol rannpháirtithe áirithe gur chóir go leathnofaí na  laethanta Gaeilge i gcaitheamh na bliana. Moladh go sonrach go bhféadfaí leas a bhaint as an scéim Gaelbhratach chun an Ghaeilge a bhogadh ar aghaidh ó bheith ina hábhar scoile agus chun teanga bheo a dhéanamh aisti. Luaigh rannpháirtithe an leas a bhaintear as gníomhartha a bhaineann leis an scéim **Gaelbhratach**; lena n-áirítear tacaíocht phraiticiúil na múinteoirí, an úinéireacht a thugtar do dhaltaí/scoláirí trí Choiste na Gaeilge, an infheictheacht a chuireann sé chun cinn do thuismitheoirí, agus an mothú gnóthachtála scoile uile a bhaineann lena bhronnadh.  Moladh an t-airgead a chuirtear ar fáil don scéim ach cuireadh in iúl freisin go bhfuil breis maoinithe ag teastáil chun nach mbeidh na liostaí feithimh chomh fada sin do scoileanna atá ag iarraidh a bheith páirteach sa scéim. Cé go raibh an t-aiseolas maidir le scéim Gaelbhratach dearfach den chuid is mó, luadh freisin gur chóir go mbeadh go leor de na gníomhartha a bhaineann leis an scéim mar chuid den dea-chleachtas ar bhonn rialta, bíodh an scoil páirteach sa scéim nó ná bíodh. Lasmuigh den scéim Gaelbhratach, chuir na rannpháirtithe in iúl gur chóir smaoineamh ar bhealaí eile a bhféadfaí aitheantas a thabhairt d'úsáid na teanga (m.sh., comórtais amhail *Eolaí Óg* chun an fhoghlaim a chur os comhair an phobail; gradaim chun aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí scoile chun an teanga a chur chun cinn; tuilleadh úsáide a

bhaint as punanna teanga; níos mó deontas a chur ar fáil chun tréimhsí a chaitheamh sa Ghaeltacht; aitheantas/gradaim do mhúinteoirí).

Ba mhinic a luaigh na páirtithe leasmhara an chaoi a bhféadfadh **an Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT)** eispéiris na scoláirí maidir le foghlaim na Gaeilge a athrú ina n-iomláine. Cé nach raibh na rannpháirtithe ar fad ar aon intinn faoi seo, mheas go leor díobh go bhféadfaí tairbhí ar leith a bhaint as foghlaim teanga a nascadh le hábhair eispéireasacha amhail corpoideachas agus na hamharc-ealaíona. Moladh go mbeadh leathnú ar FCÁT mar chuspóir réasúnta, a bhféadfaí tairbhe a bhaint as, don phlean gnímh nua. Agus tagairt á déanamh acu do na féidearthachtaí a bhaineann le FCÁT, chuir na rannpháirtithe in iúl gur ghá tacaíocht a chur ar fáil ar bhonn leanúnach chun é a chur i bhfeidhm. Díríodh aird ar leith ar na tacaíochtaí a chuireann COGG ar fáil maidir le corpoideachas a mhúineadh trí Ghaeilge, agus ar an tacaíocht ionscoile a chuireann Oide ar fáil freisin.  Measadh nárbh fhiú a bheith ag iarraidh ná ag moladh go mbainfí breis úsáide as FCÁT mura mbeadh an tacaíocht sin ar fáil. Ar an dóigh chéanna, thug roinnt de na rannpháirtithe le fios gur chóir machnamh a dhéanamh ar bhéim níos mó a chur ar eispéiris thumthacha maidir le teagasc na Gaeilge, seachas cur chuige ‘ceacht in aghaidh an lae’ a bheith ann.

Rinneadh go leor plé ar an tionchar – ar dhea-thionchar é ar an iomlán – a d’fhéadfadh turais chun na **Gaeltachta** a imirt ar dhearcthaí na dtuismitheoirí agus na scoláirí i leith na Gaeilge. Chuir na rannpháirtithe in iúl gur féidir blaiseadh níos dílse a fháil de ghnéithe cultúrtha den Ghaeilge sa timpeallacht sin. Mhol roinnt díobh gur chóir go mbeadh turais chun na Gaeltachta ina gcuid éigeantach den churaclam agus gur chóir an deis sin a chur ar fáil do gach páiste/duine óg, fiú mura mbeadh i gceist ach tréimhse ghearr (m.sh., deireadh seachtaine). Tugadh faoi deara go n-athraíonn an cultúr láidir de fhreastal ar chúrsaí Gaeltachta go mór ó scoil go scoil. Agus plé á dhéanamh ar an nGaeltacht, lorgaíodh breis maoinithe do na scoláirí chun dul ann, agus díríodh aird ar leith ar an ngá atá ann leis na scoláireachtaí atá ar fáil do scoileanna DEIS a leathnú. Chuir rannpháirtithe áirithe in iúl gur chóir tacaíocht ar leith a chur ar fáil ionas go mbeadh múinteoirí in ann tréimhsí a chaitheamh sa Ghaeltacht (m.sh. scoláireachtaí, deiseanna chun saoire shabóideach a ghlacadh). Ar an iomlán, bhí rannpháirtithe i bhfabhar tréimhsí a chaitheamh sa Ghaeltacht ach, mar sin féin, ní raibh gach duine ar aon intinn faoi seo. Bhí rannpháirtithe ann a mhol nach i gcónaí a bhíonn dea-thionchar ag na turais chun na Gaeltachta ar an bhfoghlaim teanga. Luaigh rannpháirtithe eile na deacrachtaí a bhaineann le teacht ar óstaigh (mná/fir tí). Ó thaobh na hionchuimsitheachta de, luadh go mbíonn dúshláin ann do scoláirí áirithe, (m.sh. nuair nach mbíonn bia halal ar fáil, i gcásanna ar leith).

# Ag tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile

*Phléigh na rannpháirtithe réimse leathan dúshlán a bhíonn roimh mhúinteoirí agus ceannairí scoile, agus mhol siad bealaí a bhféadfaí na dúshláin sin a shárú. Leagtar amach thíos iad faoi na fo-cheanntheidil seo a leanas: cumas Gaeilge na múinteoirí agus an mhuinín atá acu as a gcuid Gaeilge; foghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí; féidearthachtaí maidir le breis comhoibrithe; ceannaireacht; acmhainní agus; meastóireacht.*

## Cumas Gaeilge na múinteoirí agus an mhuinín atá acu as a gcuid Gaeilge

Agus plé á dhéanamh ar an ngá atá ann le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile, dhírigh na rannpháirtithe aird ar an **gcumas teanga atá sa chóras faoi láthair**. Chuir go leor de na rannpháirtithe in iúl go raibh cumas teanga na múinteoirí bunscoile ina ábhar imní, agus chuir siad in iúl go bhfuil baint aige sin leis an muinín atá acu as úsáid na teanga. Dhírigh na rannpháirtithe aird ar an gcaoi a bhféadfadh *múinteoirí aonair* páistí a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid; bhí éagsúlacht ann ó mhúinteoir go múinteoir. Measadh gur mhó seans go gcothódh na múinteoirí grá don Ghaeilge sna scoláirí dá mbeadh siad féin spreagtha chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid. Measadh go raibh a mhalairt fíor freisin. I gcásanna áirithe, bhí an easpa cumais, a tuigeadh a bheith ann, ar cheann de na deacrachtaí ba mhó a bhí ann maidir le tacú le foghlaim na Gaeilge ar scoil agus ba é sin ceann de na cúiseanna a bhí leis an róspleáchas ar na téacsleabhair, a measadh a bheith ann, freisin. Ceapadh nach raibh cumas Gaeilge na bpáistí chomh láidir is a bhíodh agus iad ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil, agus bhíothas den tuairim go raibh baint ag cumas Gaeilge na múinteoirí leis sin. Moladh gur ghá breis deiseanna a chur ar fáil maidir leis an bhforbairt ghairmiúil ionas go mbeadh múinteoirí in ann cur lena gcuid scileanna (féach thíos).

Díríodh aird ar leith ar na **riachtanais iontrála/fágála** a bhaineann leis na cláir d'oideachas tosaigh múinteoirí (OTM); theastaigh ó rannpháirtithe áirithe go mbeadh riachtanais shainiúla TEG/FTCE ann agus bhí rannpháirtithe eile den tuairim gur thit an caighdeán nuair nach raibh Béaltriail Ghaeilge riachtanach ann do na cláir B.Oid. a thuilleadh. Mheas rannpháirtithe áirithe gur chóir go mbeadh an Ghaeilge ina gné rílárnach de na cláir OTM. Dá bhrí sin, measadh gur ghá breis tacaíochta agus breis ama a thabhairt don Ghaeilge in oideachas tosaigh múinteoirí, agus, mar chuid de sin, gur chóir dianchúrsaí breise teanga a chur ar fáil dóibh siúd a mbeidís ag teastáil uathu. Mhol roinnt rannpháirtithe gur chóir go mbeadh gné thumthach ag baint le gach clár bunleibhéil OTM (m.sh., sa chéad bhliain). Chuir na rannpháirtithe in iúl go bhféadfadh múinteoirí nuacháilithe atá muiníneach as a gcumas cainte sa Ghaeilge an mhuinín sin a chailliúint mura mbeadh an teanga in úsáid acu ar scoil ar

bhonn rialta. Chuir siad in iúl freisin nach mar a chéile é an cumas Gaeilge a bhíonn ag na múinteoirí nuacháilithe ar fad. Bhí tuairimí éagsúla ag na rannpháirtithe maidir le chomh réadúil is a bhí sé a bheith súil go mbeadh an cumas céanna ag na céimithe múinteoireachta ar fad. Labhair siad faoi chúlraí teanga difriúla na mac léinn ar na cláir éagsúla (m.sh. mic léinn arb í an Ghaeilge a gcéad teanga; mic léinn a d'fhoghlaim an Ghaeilge agus iad ag freastal ar Ghaelscoileanna/Gaelcholáistí; mic léinn a d'fhreastail ar scoileanna meán-Bhéarla), mar aon leis na héilimh éagsúla teanga a bhainfeadh leis na poist a bheadh acu amach anseo (scoileanna meán-Bhéarla; scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge). Ar an dul céanna, chuir rannpháirtithe áirithe in iúl gur dhóichí ná a mhalairt go mbeadh na múinteoirí ba mhó spéis/cumas sa Ghaeilge ag múineadh i nGaelscoileanna / i scoileanna Gaeltachta amach anseo, rud a chuireann leis an éagsúlacht idir na hearnálacha ó thaobh cumas teanga de.

Mhol roinnt rannpháirtithe go bhféadfaí machnamh a dhéanamh ar **thacaíochtaí do shainmhúinteoirí** (m.sh., múinteoirí a mbeadh speisialtóireacht sa Ghaeilge acu nó breis pearsanra chun tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí Gaeilge) ach ní hé sin an tuairim a bhí ag gach duine.

## An fhoghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí

Rinneadh moltaí maidir leis an **bhfoghlaim ghairmiúil**, lena n-áirítear cúrsaí samhraidh Gaeilge a chur ar fáil ag leibhéal na bunscoile a bheadh ceadaithe le haghaidh laethanta saoire pearsanta breise (EPV) agus laethanta saoire pearsanta breise a chur ar fáil do mhúinteoirí iar-bhunleibhéil. Tugadh moladh do chúrsaí samhraidh ina gcuirtear béim ar an gcomhrá Gaeilge agus ar an sult a bhaineann na múinteoirí as na cúrsaí (m.sh., na cúrsaí a chuir COGG agus Cumann Múinteoirí Éireann (CMÉ) ar fáil in 2024). Moladh go bhféadfaí cúrsaí ar líne, amhail na cinn a chuireann Gael Linn/Gaelchultúr ar fáil, a úsáid chun múinteoirí a thabhairt le chéile ar bhonn fíorúil chun a gcuid scileanna teanga a fhorbairt sa Ghaeilge. Mhol na rannpháirtithe freisin gur chóir saincháilíochtaí sa Ghaeilge a thabhairt isteach agus gur chóir liúntais a bheith ag gabháil leo. Ba chóir na cúrsaí sin a bheith ag teacht le TEG/FTCE ionas go bhféadfaí an dul chun cinn a thomhas. Mar a luadh cheana, moladh gur chóir go mbeadh deiseanna ann chun freastal ar chúrsaí Gaeltachta.

## Féidearthachtaí maidir le tuilleadh comhoibrithe

Leag go leor de na rannpháirtithe béim ar an tábhacht a bhaineann le **cuir chuige ar bhonn scoile uile** i dtaca le foghlaim na Gaeilge. Measadh go raibh sé fíorthábhachtach a leithéid a bheith ann ag leibhéal na bunscoile le cinntiú go mbeadh an fhoghlaim ag rangleibhéal amháin ag tógáil ar an bhfoghlaim a tharla sa rangleibhéal roimhe sin. Moladh go

raibh sé tábhachtach plean struchtúrtha agus córasach i dtaca le foghlaim na Gaeilge a bheith ann ar bhonn scoile uile, ionas nach mbeadh na páistí ag filleadh ar na heiseamláirí céanna teanga bliain i ndiaidh bliana. Cuireadh in iúl gur samplaí maithe den dea-chleachtas iad na cruinnithe AFMÁ (Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair) ag an iar-bhunleibhéal, go háirithe nuair a reáchtáiltear trí Ghaeilge iad, mar aon le comhroinnt dea-chleachtais ar bhonn rialta le linn cruinnithe rannóige. Mheas na rannpháirtithe gur chóir bealach a réiteach do mhúinteoirí chun go bhféadfaidís dea-chleachtas agus acmhainní úsáideacha a chomhroinnt, le linn 'uaireanta Pháirc an Chrócaigh', mar shampla. Tháinig moltaí eile chun cinn freisin, lena n-áirítear piarmheasúnú, piartheagasc agus cómhúinteoireacht laistigh de scoileanna aonair.

Measadh gurbh fhiú tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an **nasc idir suíomhanna luath-óige, suíomhanna ag leibhéal na bunscoile, agus suíomhanna iar-bhunleibhéil.** Bhíothas den tuairim go bhféadfadh an comhoibriú a bhaineann le himeachtaí Sheachtain na Gaeilge comhaontacht a chothú agus go bhféadfadh sé cur le húsáid na teanga. Dúradh go bhféadfaí úsáid a bhaint as pobail chleachtais a mbeadh scoileanna éagsúla agus grúpaí scoileanna ag leibhéil éagsúla páirteach iontu chun dea-chleachtas a chomhroinnt. Bheadh sé sin ina chuidiú freisin maidir le teacht ar chomhthuiscint ar an gcumas Gaeilge a mbeifí ag súil leis ag na leibhéil éagsúla. Bhí malartú múinteoirí (m.sh., idir scoileanna meán-Bhéarla agus scoileanna lán-Ghaeilge/Gaeltachta) ar cheann de na féidearthachtaí eile a luadh maidir le dea-chleachtas a chomhroinnt idir scoileanna.

### Ceannaireacht

Bhí na rannpháirtithe go láidir den tuairim **go bhfuil ról lárnach ag ceannaireacht na scoile** maidir le cultúr a thacaíonn le foghlaim na Gaeilge a bhunú. Leagann na príomhoidí síos an chaoi ina úsáidtear an Ghaeilge neamhfhoirmiúil, agus tugann siad tacaíocht do chúrsaí ar bhonn praiticiúil freisin, mar shampla, nuair a bhíonn acmhainní le ceannach. Dá bhrí sin, chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh gá le foghlaim ghairmiúil chun tacú le príomhoidí ceannaireacht a thabhairt i leith fhoghlaim na Gaeilge. Chuir rannpháirtithe ar leith in iúl go mbíonn ról lárnach ag an mBord Bainistíochta freisin, mar shampla, nuair a lorgaíonn siad tuairiscí dul chun cinn maidir le foghlaim na Gaeilge ar fud na scoile. Luadh an ról a bhíonn ag ceannaireacht/lucht bainistíochta na scoile freisin maidir le tosaíocht a thabhairt don Ghaeilge sa phróiseas earcaíochta do mhúinteoirí. Chuir go leor de na rannpháirtithe in iúl gur cheap siad gur ghá breis tacaíochta a thabhairt do na poist mheáncheannaireachta (PC1, PC2) don Ghaeilge, agus mhol cuid acu gur chóir post ar leith a bheith ann chun ceannaireacht a

thabhairt i leith FCÁT. Léiríodh imní nach mbíonn post ceannaireachta ann don Ghaeilge ar bhonn réamhshocraithe; braitheann sé sin ar an scoil aonair.

## Acmhainní agus tacaíochtaí don Ghaeilge i scoileanna meán-Bhéarla

Rinne go leor de na rannpháirtithe tagairt don réimse acmhainní atá ar fáil chun tacú le teagasc na Gaeilge. Ina measc siúd bhí acmhainní atá curtha ar fáil ag forais atá faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Óige (m.sh., COGG, Oide, CNCM) chomh maith le hacmhainní atá curtha ar fáil ag eagraíochtaí amhail TG4 agus Foras na Gaeilge. Cé go ndearnadh tagairt ar leith do thaisclanna amhail Scoilnet agus An Tairseach, measadh ar an iomlán gur ghá feachtas feasachta a chur ar bun chun aird a dhíriú ar an réimse acmhainní atá curtha le chéile acu agus gur chóir **mol ar leith a dhearadh d'acmhainní do na scoileanna meán-Bhéarla**. Chuir rannpháirtithe eile dearcadh a bhí sách difriúil in iúl, agus iad ag rá go raibh níos lú acmhainní cuí ann do scoláirí atá ag foghlaim na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla. Bhí rannpháirtithe áirithe ag iarraidh go gcuirfí go mór leis an maoiniú a chuirtear ar fáil d'eagraíochtaí/scéimeanna a thugann tacaíocht don Ghaeilge i scoileanna meán-Bhéarla.

## Meastóireacht

Measadh go raibh ról le himirt ag na próisis éagsúla a bhaineann leis an meastóireacht maidir le cur chun cinn na Gaeilge. Chuir roinnt de na rannpháirtithe in iúl go raibh an mheastóireacht sheachtrach a dhéanann Cigirí na Roinne ina cuidiú maidir le hinfheictheacht na teanga a ardú, go háirithe nuair a chuireann na cigirí béim ar an nGaeilge ina gcuid tuairiscí scríofa agus nuair a dhéanann siad cumarsáid trí mheán na Gaeilge leis an scoil. Chuir siad in iúl go mbíonn claonadh ann breis airde a dhíriú ar na gnéithe den churaclam a leagann na cigirí béim orthu nuair a bhíonn cinntí ionscoile á ndéanamh. Mhol rannpháirtithe eile go bhféadfadh na cigirí breis béime a chur ar ról atá saincomhairleach agus tacúil trí chomhairle a chur ar fail maidir le hacmhainní agus trí mhúnlú a dhéanamh ar cheachtanna. Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil an tacaíocht seo ar fáil trí na seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí faoi láthair agus nach bhfuil ról ag an gCigireacht sa soláthar seo. Chuirfeadh a leithéid de chur chuige muinín sna múinteoirí a bhfuil breis tacaíochta ag teastáil uathu maidir lena gcuir chuige i leith na Gaeilge. Dhírigh na rannpháirtithe aird ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag Féinmheastóireacht Scoile (FMS) maidir le pobail scoile uile a thabhairt le chéile chun comhsprioc a bhaint amach.

## Páirt a thabhairt do thuismitheoirí, do chaomhnóirí agus don phobal i gcoitinne

*Níor mhór úsáid na Gaeilge a leathnú sa teaghlach agus sa phobal i gcoitinne le go mbreathnófaí ar an nGaeilge mar theanga bheo; ní tharlóidh sé sin mura gcuirfear bearta réamhghníomhacha i bhfeidhm.*

Ba mhinic gur léirigh na rannpháirtithe an tuairim **go mbíonn tionchar nach beag ag tuismitheoirí/caomhnóirí** ar dhearcadh na scoláirí i leith na Gaeilge, agus dá bhrí sin, nár mhór díriú orthu go sonrach in aon straitéis úr don Ghaeilge sna scoileanna meán-Bhéarla. Ghlac siad leis go bhféadfadh na heispéiris a bhí ag tuismitheoirí/caomhnóirí agus iad féin ar scoil drochthionchar a imirt ar a n-ionchais i leith na Gaeilge. Chuir siad in iúl freisin gur minic nach gcuireann tuismitheoirí/caomhnóirí an spéis chéanna i ngnóthachtáil a gcuid páistí sa Ghaeilge is a chuireann siad i ngnóthachtáil na bpáistí sna hábhair eile, nó go bhféadfaidís a bheith ag cur go gníomhach i gcoinne fhoghlaim na Gaeilge, i gcásanna áirithe. É sin ráite, tugadh le fios gur féidir tionchar láidir a bheith ag tuismitheoirí, mar ghrúpa, nuair a thacaíonn siad le feachtas scoile. Moladh rudaí éagsúla a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí, lena n-áirítear teachtaireachtaí baile agus scoile a bheith ar fáil trí Ghaeilge/ar bhonn dátheangach; imeachtaí scoile uile a reáchtáil trí Ghaeilge; ceachtanna iar-scoile teanga a reáchtáil sa phobal; tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí chun *ciorcail chomhrá* a chur ar bun; eolas a roinnt go hoscailte maidir leis an bhfáth a múintear teanga agus a ndéantar measúnú ar an bhfoghlaim sin in aon scoil ar leith, mar aon leis an gcaoi a ndéantar é sin; agus eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir leis na buntáistí a bhaineann le foghlaim na teanga (féach ar an mír roimhe seo). Mar a luadh cheana, measadh gur chóir feachtas feasachta a chur ar bun ar bhonn náisiúnta chun tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí agus le rannpháirtíocht an phobail i gcoitinne. Bhí rannpháirtithe áirithe den tuairim nár mhór iarracht ar leith a dhéanamh ceist na Gaeilge a ardú le tuismitheoirí nach mbíonn sé éasca teagmháil a dhéanamh leo de ghnáth. Chuir siad in iúl freisin gur ghá go mbeadh na tuismitheoirí sin níos feiceálaí sa phróiseas comhairliúcháin reatha.

Luadh go minic an ról atá ag an **bpobal i gcoitinne** maidir le tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge, agus rinne na rannpháirtithe tagairt don ghá atá le smaointeoireacht chomhleanúnach idir eagraíochtaí pobail éagsúla, lena n-áirítear clubanna áitiúla CLG, leabharlanna agus gnólachtaí áitiúla. Mheas na rannpháirtithe go gcuirfeadh sé sin ar chumas na scoláirí an Ghaeilge a fheiceáil agus a úsáid taobh amuigh de bhallaí na scoile. Moladh freisin clubanna óige Gaeilge a chur ar bun. D'fhéadfaí gníomh tacaíochta a bhunú ar *chiorcail*

*chomhrá* a úsáid chun pobal de chainteoirí Gaeilge a chruthú, pobal a d'fhéadfadh dul i dteagmháil le scoláirí Gaeilge laistigh den scoil agus taobh amuigh di. Moladh gur ghá *Oifigeach Gaeilge* áitiúil a earcú chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhainfeadh le rannpháirtíocht an phobail uile a eagrú.

## Ionchuimsitheacht a chinntiú

*De réir na rannpháirtithe, níor mhór iarracht ghníomhach a dhéanamh féachaint chuige go mbeadh rochtain ag gach uile dhuine ar an nGaeilge. Ba chóir cúrsaí a bhaineann leis an Dearadh Uilíoch, le díolúintí ón nGaeilge agus le hionadaíocht in eispéiris/acmhainní Gaeilge a chur san áireamh.*

De réir rannpháirtithe airithe níor mhór cúrsaí a athrú ó bhonn ar mhaithe le féachaint chuige go gcuirfí dearcthaí daoine éagsúla agus dearcthaí pobail éagsúla san áireamh nuair a bheadh an Ghaeilge á cur chun cinn. Chuir na rannpháirtithe in iúl go dtarlaíonn sé níos minice na laethanta seo gurb í an Ghaeilge an tríú teanga (nó níos mó) a bhíonn á foghlaim ag scoláirí i scoileanna meán-Bhéarla, rud a chiallaíonn gur gá breis airde a dhíriú ar **chuir chuige ilteangacha** i leith foghlaim teanga. Chuir siad in iúl freisin go bhféadfadh easpa feasachta i leith cultúir éagsúla deacrachtaí a chruthú maidir le cur chun cinn na Gaeilge sa phobal ina iomláine. Luadh an easpa ilchineálachta a bhaineann le téacsleabhair nó le hacmhainní áirithe, mar shampla. Anuas air sin, is féidir eisiamh mar aon le níos lú éagsúlachta i ngairm na múinteoireachta a bheith mar thoradh ar an tuiscint mhícheart atá ann nach mbaineann an Ghaeilge le pobail mhionlaigh/mhionlaithe áirithe. Luaigh na rannpháirtithe freisin gur ghá Lucht Siúil na hÉireann a chur san áireamh, agus go háirithe aitheantas a thabhairt dá bhféiniúlacht ilteangach agus féachaint chuige nach bhfágfaí ar lár iad gan chúis, i ngeall ar dhúshláin litearthachta. Thug rannpháirtithe eile le fios go bhféadfadh sé a bheith dúshlánach ag scoláirí disléicseacha dhá chód scríofa teanga atá éagsúil lena chéile a fhoghlaim ag an am céanna.

Chuir go leor de na rannpháirtithe in iúl gur ghá níos mó a dhéanamh maidir le **solúbthacht agus ionchuimsitheacht** a chinntiú i **dtaca leis na cuir chuige i leith theagasc na Gaeilge**. Luaigh siad an easpa tacaíochta foghlama atá ar fáil don Ghaeilge, go háirithe i gcomparáid lena bhfuil ar fáil don Bhéarla agus don Mhatamaitic. Luadh freisin, áfach, nach féidir na tosaíochtaí sin a bhaint amach i ngeall an soláthar múinteoireachta atá ann don oideachas speisialta faoi láthair. Luadh freisin go mbíonn sé dúshlánach an tacaíocht foghlama a sceidealú ar shlí nach mbeadh sé i gcónaí ag teacht salach ar cheachtanna Gaeilge. Mhol na rannphháirtithe gur chóir i bhfad níos mó airde a thabhairt ar dhifreáil sna ceachtanna Gaeilge, agus luadh an leas a d'fhéadfaí a bhaint as an gcur chuige DUF. Ba chóir go gcinnteodh an

DUF go mbeadh solúbthacht ann do gach uile pháiste maidir le spriocanna oiriúnacha a bhaint amach i leith fhoghlaim na Gaeilge.

Cé go bhfuil sé lasmuigh de raon feidhme an chomhairliúcháin reatha, chuir na rannpháirtithe réimse dearcthaí in iúl maidir le **díolúintí ón nGaeilge**. Bhí cuid acu go láidir den tuairim go raibh stádas na teanga sa chóras oideachais á maolú i ngeall ar an méadú a bhí tar éis teacht ar líon na ndíolúintí ón nGaeilge. Shíl siad freisin nach raibh roinnt tuismitheoirí ar an eolas maidir leis na himpleachtaí fadtéarmacha a bhain leis an gcinneadh gan staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge. Bhí sé ina ábhar imní ag cuid de na rannpháirtithe gur shocraigh scoláirí áirithe a raibh díolúintí ón nGaeilge faighte acu staidéar a dhéanamh ar Nuatheangacha Iasachta eile. Bhí cuid acu den tuairim go raibh gá le cur chuige saincheaptha, i.e., go bhféadfaí díolúine a thabhairt do scoláirí ón léitheoireacht/scríbhneoireacht ach go mbeadh an teanga labhartha fós le foghlaim acu. Tharraing rannpháirtithe eile aird ar an imní a mhúsclaítear i scoláirí aonair agus i dteaghlach na scoláirí sin freisin i ngeall ar an tuairisciú a dhéantar ar dhíolúintí sna meáin na laethanta seo; chuir siad in iúl nach nglacfaí lena leithéid de thuairisciú i dtaca le míchumais fhisiciúla agus gurb annamh a thugtar díolúintí nuair nach mbíonn gá leo. Ar bhonn praiticiúil, measadh go raibh an dúshlán a bhaineann le clár ama a leagan amach do ranganna tacaíochta/ranganna speisialta ag an iar-bhunleibhéal ar cheann de na cúiseanna a chuir leis an ardú i líon na díolúintí.

Chuir rannpháirtithe áirithe in iúl go raibh sé tábhachtach go mbeadh ionadaíocht sa chomhairliúchán ag **guthanna agus tuairimí éagsúla** i dtaca le teagasc na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla. Chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh sé fíorthábhachtach go deo go gcuirfí san áireamh guth na dtuismitheoirí agus na mball den phobal nach mbíonn baint acu le heagraíochtaí ar leith agus nach bhfuil ionadaíocht acu san ócáid chomhairliúchán seo dá bharr.

Cuirtear i láthair sna fo-ailt seo a leanas na torthaí a bhaineann le gach ceann de na ceisteanna taighde.

## Seisiún a hAon: Meon agus úsáid

### Achoimre ar na príomhthéamaí a bhaineann leis an anailís ar an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara

**Tábla a 5** *Cad atá ag éirí go maith leis chun tacú le dearcthaí dearfacha a chothú i leith na Gaeilge agus le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn i scoileanna meán-Bhéarla?*

**An Ghaeilge lasmuigh den cheacht Gaeilge**

- Nuair a bhíonn cur chuige scoile uile ann i leith úsáid na Gaeilge, a dtacaíonn ceannaireacht na scoile agus na múinteoirí leis, agus nuair a bhíonn cultúr agus dearcadh atá dearfach i leith na Gaeilge sna scoileanna dá bharr
- Nuair a úsáidtear Gaeilge neamhfhoirmiúil mar mhodh cumarsáide i gcaitheamh an lae agus nuair a dhéantar normalú ar úsáid na teanga lasmuigh den cheacht
- Nuair a mhúintear ábhair eile nó gnéithe d'ábhair eile trí Ghaeilge
- Nuair a chuirtear béim ar an teanga labhartha laistigh den cheacht Gaeilge agus lasmuigh de
- Nuair a bhíonn an Ghaeilge feiceálach sa scoil, m.sh., comharthaí, teidil daoine
- Nuair a reáchtáiltear imeachtaí scoile trí Ghaeilge, m.sh., díospóireachtaí, drámaí, Seachtain na Gaeilge, comórtas bácála
- Turais chun na Gaeltachta agus nuair a chuirtear scoláireachtaí ar fáil
- Clubanna Gaeilge agus coistí Gaeilge sna scoileanna

**Ról na múinteoirí aonair**

- Bíonn dea-thionchar láidir aige ar chúrsaí nuair a bhíonn dearcadh dearfach i leith na Gaeilge ag múinteoirí, nuair a úsáideann siad an teanga ar bhonn gníomhach agus nuair a spreagann siad na scoláirí chun an Ghaeilge a úsáid.

**Oideolaíochtaí teanga**

- Nuair a chuirtear béim ar an teanga labhartha seachas róbhéim ar na téacsleabhair
- Nuair a chuirtear cuir chuige atá spraíúil, páistelárnach agus gníomhach i bhfeidhm ag leibhéal na bunscoile
- Dánta, amhráin agus cluichí teanga, go háirithe ag leibhéal na bunscoile
- Nuair a mhúintear ábhair eile trí Ghaeilge

**Tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile**

- Scéimeanna tacaíochta: go háirithe, an scéim Gaelbhratach

- Acmhainní: TG4, acmhainní a chuir COGG, Gaeloideachas agus an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA) le chéile, roinnt den ábhar idirghníomhach atá curtha ar fáil ag na comhlachtaí foilsitheoireachta
- Cúrsaí do mhúinteoirí, m.sh., cúrsa samhraidh COGG, cúrsaí de chuid Ghaelchultúir, cúrsaí de chuid Chumann Múinteoirí Éireann

**Naisc le tuismitheoirí agus leis an bpobal i gcoitinne**

- Nuair a bhunaítear naisc le tuismitheoirí agus nuair a bhíonn dearcadh dearfach i leith na Gaeilge ag tuismitheoirí
- Naisc le meáin shóisialta Ghaeilge, naisc leis an nGaeilge sa chultúr reatha

**Tábla a 6** *Cad iad na dúshláin a bhaineann le dearcthaí dearfacha a chothú i leith na Gaeilge agus le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn i scoileanna meán-Bhéarla?*

**Cumas, muinín agus dearcthaí na múinteoirí**

- Léiríodh imní faoi chumas agus muinín na múinteoirí sna scoileanna meán-Bhéarla agus faoi dhearcthaí na múinteoirí i leith na Gaeilge, i gcásanna áirithe.

**Soláthar múinteoirí**

- Déanann go leor múinteoirí a bhfuil dúshuim acu sa Ghaeilge cinneadh dul ag múineadh i scoileanna T1.
- Tá deacrachtaí ag baint le soláthar múinteoirí.

**Curaclam agus measúnú**

- Cúltionchar chóras na scrúduithe suimitheacha agus na foghlama de ghlanmheabhair ag an iar-bhunleibhéal, rud atá díobhálach maidir le forbairt na teanga labhartha
- Níl aon bhéaltriail Ghaeilge sa tSraith Shóisearach.
- Róbhéim ar an litríocht ag an iar-bhunleibhéal, rud atá díobhálach maidir le forbairt na teanga labhartha
- Rachaidh an laghdú ar an am teagaisc don Ghaeilge ag leibhéal na bunscoile chun dochair don teanga.
- Athrú sna cuir chuige ag leibhéal na bunscoile agus ag an iar-bhunleibhéal, ó chur chuige ina gcuirtear béim níos mó ar an gcumarsáid ag leibhéal na bunscoile go cur

chuige ina gcuirtear béim ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht ag an iar-bhunleibhéal

**Oideolaíochtaí teanga**

- Nuair a chuirtear róbhéim ar na téacsleabhair agus nuair nach gcuirtear go leor béime ar an nGaeilge labhartha
- Nuair nach ndéantar fónaic agus scileanna díchódaithe sa Ghaeilge a mhúineadh ar bhonn foirmiúil
- Róbhéim ar stór focal a theagasc seachas ar struchtúir abairte
- Tús áite a thabhairt don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht Ghaeilge seachas don teanga labhartha

**Tacaíochtaí**

- Easpa feasachta maidir le roinnt de na hacmhainní atá ar fáil
- Gá le tacaíochtaí atá dírithe go sonrach ar scoileanna meán-Bhéarla

**An Ghaeilge lasmuigh den cheacht Gaeilge**

- Cuireann sé isteach ar an spéis a chuirtear sa teanga agus ar úsáid na teanga freisin nuair nach mbíonn mórán deiseanna ann chun an teanga a úsáid lasmuigh den rang.
- Nuair nach mbíonn an Ghaeilge feiceálach sa scoil, bíonn baol ann nach mbraithfidh na scoláirí gur teanga bheo í an Ghaeilge.

**Nasc a bhunú le tuismitheoirí agus leis an bpobal i gcoitinne**

- Nuair a bhíonn dearcthaí diúltacha ag na tuismitheoirí/caomhnóirí, nó nuair a bhíonn siad ar nós cuma liom faoi chúrsaí, cuireann sé sin isteach ar fhoghlaim na scoláirí.
- Cuireann sé isteach ar úsáid na Gaeilge agus ar dhearcthaí i leith na Gaeilge sna scoileanna nuair nach ann don Ghaeilge lasmuigh den scoil.

**Ionchuimsiú**

- Cothaíonn díolúintí an tuiscint gur teanga sách casta í an Ghaeilge agus nach bhfuil sé oiriúnach do gach duine an Ghaeilge a fhoghlaim.
- Tá breis soláthair agus breis tacaíochta ag teastáil ó scoláirí a bhfuil RSO acu maidir le foghlaim na Gaeilge.
- Tá breis soláthair agus breis tacaíochta ag teastáil ó scoláirí nuathagtha maidir le foghlaim na Gaeilge.

- Tá breis tacaíochta ag teastáil chun tacú le grúpaí mionlaithe an Ghaeilge a fhoghlaim.
- Ní sheasann roinnt de na téacsleabhair/acmhainní atá in úsáid le hilchineálacht chultúrtha, m.sh., ní léirítear cultúir éagsúla iontu.
- Tá dúshláin ag baint le difreálú mar gheall ar an réimse cumais sa Ghaeilge.

**Fís don Ghaeilge**

- Níl fís chomhordaithe ann don Ghaeilge ag gach leibhéal den chóras oideachais agus níl na curaclaim éagsúla ailínithe lena chéile. Ba chóir guthanna éagsúla a chur san áireamh agus tuairimí a lorg uathu faoi seo.

## Seisiún a Dó: Comhtháthú agus comhordú

**Tábla a 7** *Cad iad na rudaí a bhfuil ag éirí go maith leo maidir le comhtháthú agus comhordú a dhéanamh ar na hiarrachtaí a dhéantar chun tacú leis an nGaeilge i scoileanna meán-Bhéarla agus ar na hacmhainní atá ann dó sin?*

**Seirbhís tacaíochta agus comhoibriú idir seirbhísí tacaíochta**

- Oide – go háirithe an Gaelaonad in Oide
- An Gréasán do Mhúinteoirí Gaeilge
- An Roinn Oideachais agus Óige,  Oide agus COGG ag comhoibriú le chéile m.sh., forbairt ghairmiúil i leith FCÁT
- An Roinn Oideachais agus Óige agus Foras na Gaeilge

**Scéimeanna tacaíochta**

- Tugadh moladh ar leith don scéim Gaelbhratach
- Seachtain na Gaeilge
- Gaeilge 24
- Cúrsaí Gaeltachta
- Scoláireachtaí Gaeltachta - Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge
- Nasc le CLG: Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonnacha
- Seó bóthair ag Conradh na Gaeilge, Gluaiseacht
- Slógadh - Díospóireachtaí
- Scéim leabharlainne - Mo mhála beag
- Naisc idir scoileanna - Conradh na Gaeilge

**Acmhainní**

- Ó COGG: An Tairseach, *Padlets*
- Foghlaim TG4, Scoilnet
- Acmhainní atá curtha ar fáil ag an scéim Gaelbhratach, CCEA, CLG
- Acmhainní FCÁT trí Ghaeilge don Chorpoideachas

**Cleachtais ionscoile**

- Cruinnithe Athbhreithniú ar an bhFoghlaim agus Measúnú Ábhair (AFMÁ) ag an iar-bhunleibhéal
- Acmhainní á gcomhroinnt ag múinteoirí sna scoileanna – fillteáin chomhroinnte
- Nuair a bhíonn cur chuige ar bhonn scoile uile i bhfeidhm, a thacaíonn an cheannaireacht leis
- Nuair a dhéantar comhordú ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh - Coiste na Gaeilge
- Nuair a mhúintear roinnt ábhar trí Ghaeilge
- Nuair a bhíonn spriocanna intomhaiste i gceist

**Tábla a 8** *Cad iad na rudaí nach bhfuil ag éirí go maith leo maidir le comhtháthú agus comhordú a dhéanamh ar na hiarrachtaí a dhéantar chun tacú leis an nGaeilge i scoileanna meán-Bhéarla agus ar acmhainní atá ann dó sin?*

**Fís don Ghaeilge**

- Tá gá le polasaithe agus fís atá comhtháite, naisc idir scoileanna.

**Leanúnachas sa chóras oideachais**

- Nuair a bhíonn easpa dul chun cinn i gceist sa bhunscoil, m.sh., nuair a dhéantar athrá ar théamaí an churaclaim
- An bhearna a mheastar a bheith ann idir rang a sé agus an chéad bhliain san iar-bhunscoil
- Easpa leanúnachais maidir le scileanna teanga – níl nasc idir na cúrsaí agus Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha/ An Fráma Tagartha Comónta Eorpach  (FTCE).
- Tá na múinteoirí faoi bhrú ag athruithe sa churaclam a dtógann sé am iad a chur i ngníomh.

**Gá le béim níos mó a chur ar an teanga labhartha**

- Teagasc atá dírithe ar na téacsleabhair agus scrúduithe litrithe ag leibhéal na bunscoile, rudaí a théann chun dochair do scileanna labhartha na Gaeilge
- Tá moladh an-láidir ann go gcuirfí béaltriail Ghaeilge ar fáil sa tSraith Shóisearach – ní leor na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRB).
- Imní faoin tsraith pictiúr ag an iar-bhunleibhéal

**Acmhainní**

- Braitear go láidir nach bhfuil daoine ar an eolas maidir leis na hacmhainní atá ar fáil agus maidir leis an tslí ar féidir rochtain a fháil orthu.
- Gá le breis acmhainní do scoileanna meán-Bhéarla; seans nach n-oireann na hacmhainní atá ann do na scoileanna T1 dóibh.

**Tacaíochtaí**

- Seans nach bhfuil múinteoirí ar an eolas faoi na cúrsaí atá ar fáil
- Tá na freagrachtaí deighilte idir eagraíochtaí éagsúla – tá gá le cur chuige comhordaithe agus le feasacht maidir le cé air a bhfuil freagrachtaí ar leith
- Tá freagracht i leith na Gaeilge roinnte idir an Roinn Oideachais agus Óige (ROÓ) agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta.

**Ionchuimsiú**

- Tá sé ina ábhar imní go gcuirtear tacaíocht foghlama ar fáil i scoileanna áirithe ag an am céanna is a bhíonn an Ghaeilge á teagasc
- Ní chuirtear múinteoirí speisialta oideachais (MOS) ar fáil don Ghaeilge
- Easpa treoirlínte maidir le múinteoireacht speisialta oideachais (MOS) i leith theagasc na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla.
- Díolúintí ón nGaeilge agus an clúdach sna meáin chumarsáide a bhaineann leo: níor mhór na rudaí atá ag déanamh imní do scoláirí/tuismitheoirí a chur san áireamh; níor mhór breis machnaimh a dhéanamh ar na modhanna ab fhearr le cinntiú go gcuirfí gach uile fhoghlaimeoir san áireamh
- Tá téacsleabhair ann nach bhfuil oiriúnach toisc nach bhfuil éagsúlacht á léiriú i gceist iontu nó toisc nach léirítear iontu ach luachanna/cultúir ar leith.
- Ba chóir sochaí atá ilchineálach a bheith léirithe sna hacmhainní atá ar fáil
- Gá le hoideachas múinteoirí chun oideolaíochtaí ionchuimsitheacha agus teagasc ilteangach a chur chun cinn

**Múinteoirí**

- Tá soláthar múinteoirí ina shaincheist – tá nasc ag teastáil idir an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) agus na scoileanna
- Nuair a cuireadh an curaclam i bhfeidhm sna scoileanna, ní bhfuair múinteoirí sna scoileanna meán-Bhéarla tacaíocht ghairmiúil i dtaca le teagasc na Gaeilge
- Tá gá le ceangal níos fearr idir cúrsaí oideachais do mhúinteoirí agus na scoileanna
- Is gá níos mó ullmhúcháin a dhéanamh i dtaca le pleanáil múinteoirí a bheadh nasctha leis na curaclaim
- Féadann cumas teanga múinteoirí a bheith ina ábhar imní, mar aon lena gcumas chun an Ghaeilge a theagasc mar dhara teanga – gan leibhéal cumais ar leith ag teastáil ag pointe fágála na gcúrsaí oideachais do mhúinteoirí

**Maoiniú**

- Gá le maoiniú do scéimeanna tacaíochta, m.sh., an scéim Gaelbhratach agus eagraíochtaí tacaíochta, m.sh., An Gréasán

# CUID C

# *Moltaí ó na Cruinnithe Déthaobhacha / Iltaobhacha leis na Páirtithe Leasmhara Náisiúnta*

# Cuid C: Cruinnithe comhairliúcháin déthaobhacha/iltaobhacha sa Roinn Oideachais agus Óige

Sa mhír seo, tugtar achoimre ar na príomhphointí a chuir na hionadaithe ó réimse eagraíochtaí in iúl ag na cruinnithe déthaobhacha/iltaobhacha a reáchtáladh sa Roinn Oideachais agus Óige i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine, 2025. Le linn gach ceann de na cruinnithe sin, chuir baill den AGSMB torthaí na sraitheanna scoilbhunaithe den chomhairliúchán (féach Tuarascáil 2, Burke et al., 2025) os comhair ionadaithe ó na heagraíochtaí éagsúla. Thapaigh na hionadaithe an deis ansin lena gcuid léargas, ionchur agus moltaí a chur in iúl. Tabhair faoi deara go ndearnadh taifead ar gach rud a moladh/a dúradh ag gach cruinniú. Ní mór a thabhairt faoi deara nach ionann seo agus a rá gur aontaigh gach duine a bhí i láthair ag gach aon chruinniú leis na moltaí atá tuairiscithe anseo. Tugtar achoimre ghinearálta ar dtús, agus ansin cuirtear moltaí gach aon ghrúpa i láthair san ord inar tionóladh na cruinnithe sa Roinn Oideachais agus Óige. Rinneadh taifead ar an méid ar fad a bhí le rá i bhfoirm moltaí, agus cuireadh i ngrúpaí iad faoi théamaí gaolmhara.

## Achoimre ar na príomh-mholtaí a rinne na páirtithe leasmhara

Tugtar achoimre anseo ar na príomh-mholtaí a rinne na páirtithe leasmhara:

### Pleanáil straitéiseach do theagasc na Gaeilge agus fís ina leith

- Cuir polasaí straitéiseach agus forbraíoch i leith na Gaeilge ar fáil, ina léirítear fís shoiléir agus chomhleanúnach maidir le teagasc agus foghlaim na Gaeilge ag leibhéil uile an oideachais.
- Ailínigh polasaí uileghabhálach i leith theagasc agus fhoghlaim na Gaeilge leis an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) chun tacú le forbhreithniú agus ionchuimsiú.
- Déan feachtas feasachta a reáchtáil chun na buntáistí a d'fhéadfadh *gach* scoláire a bhaint as foghlaim na Gaeilge a chur in iúl, lena n-áirítear buntáistí cultúrtha, cognaíocha, teanga, soch-chultúrtha agus fostaíochta.

**Cuir an méid is mó deiseanna agus is féidir ar fáil do na scoláirí ar fad chun an Ghaeilge a úsáid**

- Cuir níos mó deiseanna ar fáil do na scoláirí ar fad chun an Ghaeilge a úsáid ar bhealach atá bríoch agus gníomhach.
- Déan cinnte de go mbíonn go leor den am teagaisc leagtha amach le haghaidh ceachtanna Gaeilge; bain úsáid as an nGaeilge neamhfhoirmiúil i ngach uile rang agus múin ábhair eile nó codanna d'ábhair eile trí Ghaeilge (FCÁT).
- Déan cinnte de go mbíonn cur chuige scoile uile i leith na Gaeilge i bhfeidhm i ngach uile scoil agus go dtacaíonn ceannaireacht agus bainistíocht na scoile leis sin.
- Déan úsáid na Gaeilge mar mhodh neamhfhoirmiúil cumarsáide a spreagadh i ngach scoil, méadaigh an rannpháirteachas sna himeachtaí scoile trí Ghaeilge agus déan forbairt ar an meon dearfach a bhaineann le Seachtain na Gaeilge i gcaitheamh na bliana.
- Bain úsáid as ceannaireacht roinnte sna scoileanna chun róil freagrachta a thabhairt do mhúinteoirí i leith chur chun cinn na Gaeilge ar fud na scoile; cuimhnigh ar *sheaimpíní Gaeilge* a thabhairt isteach i ngach scoil.
- Tacaigh le rannpháirteachas i scéimeanna tacaíochta don Ghaeilge – an scéim Gaelbhratach, Gaeilge 24.
- Cothaigh timpeallacht foghlama atá leathan agus dearfach maidir le húsáid na Gaeilge i ngach scoil. Chuige sin, déan timpeallacht ábhair i bprionta a chruthú agus bíodh an Ghaeilge feiceálach ar bhonn atá ionchuimsitheach i leith gach uile dhuine a bhaineann le pobal na scoile, lena n-áirítear an fhoireann neamhtheagaisc agus tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Déan nasc idir foghlaim na Gaeilge ar scoil agus rannpháirteachas na dtuismitheoirí sa Ghaeilge sa bhaile.
- Méadaigh na deiseanna a chuirtear ar fáil do scoláirí chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil – cuir leis na deiseanna atá ag scoláirí cheana chun dul go dtí an Ghaeltacht; bunaigh nasc le himeachtaí pobail, spóirt agus cultúrtha a reáchtáiltear trí Ghaeilge; déan nasc le scoileanna eile; tacaigh le heagraíochtaí óige a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.
- Cuir an méid is mó deiseanna agus is féidir ar fáil ag an tríú leibhéal chun an Ghaeilge a úsáid nuair a bhíonn réimse leathan gníomhaíochtaí ar siúl.

### Labhairt na teanga and cuir chuige ghníomhacha

- Tabhair tús áite d'fhorbairt chumas cumarsáide na scoláirí sa Ghaeilge ag gach leibhéal den chóras oideachais.
- Déan cinnte de go dtacaítear leis na scoláirí ar fad an Ghaeilge a labhairt i gceachtanna Gaeilge
- Úsáid oideolaíochtaí idirghníomhacha chun an Ghaeilge a theagasc agus cuimhnigh ar an méid is féidir a fhoghlaim maidir le teagasc na dteangacha eile agus ar an tslí ar féidir an t-eolas sin a chur i bhfeidhm ar theagasc na Gaeilge; bain úsáid as amhráin, dánta, cluichí agus tascanna gníomhacha a thacaíonn le húsáid na teanga.
- Seachain an teagasc atá dírithe ar na téacsleabhair agus ina áit sin cuir deiseanna ar fáil do na scoláirí: éisteacht leis an nGaeilge; an Ghaeilge a labhairt; dul i ngleic le léitheoireacht agus scríbhneoireacht na Gaeilge; agus dul i ngleic leis an nGaeilge ar bhealach bríoch.
- Cuir deiseanna ar fáil do na scoláirí chun dul i ngleic le réimse téacsanna agus seánraí ar bhealach bríoch a shaibhríonn foghlaim na teanga dóibh.

### Ionchuimsiú and rochtain

- Déan athbhreithniú ar an gcóras a bhaineann le díolúintí ón nGaeilge.
- Bain úsáid as na prionsabail a bhaineann leis an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) le cinntiú go mbíonn go leor conairí agus modhanna freagartha ann do gach scoláire atá ag foghlaim na Gaeilge.
- Bíodh cur chuige atá bunaithe ar láidreachtaí i bhfeidhm, cur chuige a chinnteoidh go mbeidh rath éigin ar fhoghlaim gach scoláire agus go mbeidh tacaíocht ar fáil do gach scoláire maidir le foghlaim na Gaeilge.
- Cuir tacaíocht foghlama sa Ghaeilge ar fáil do scoláirí.
- Cuir tacaíocht ar fáil do dhaltaí nuathagtha ag leibhéal na bunscoile agus bíodh soláthar ann don Ghaeilge do scoláirí nuathagtha ag an iar-bhunleibhéal.
- Déan machnamh ar an soláthar atá ann don Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal agus ar an tslí a bhféadfaí difreálú a chur i bhfeidhm air ionas go dtacófaí le gach scoláire – cuir cúrsa ar fáil do scoláirí nuathagtha; déan machnamh ar chúrsa bonnleibhéil a chur ar fáil sa tSraith Shóisearach; déan athmhachnamh ar a bhfuil ar fáil ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí– mar shampla, d'fhéadfaí cúrsaí a bheith ar fáil ag leibhéil éagsúla (bonnleibhéal, gnáthleibhéal, ardleibhéal agus sárleibhéal); nó d'fheadfaí

cúrsa a chur ar fáil a bheadh bunaithe ar an nGaeilge fheidhmeach agus cúrsa eile a chur ar fáil a bheadh bunaithe ar litríocht na Gaeilge.

- Cuir clár struchtúrtha ar fáil do theagasc scileanna litearthachta trí Ghaeilge; déan cinnte de go múintear do pháistí conas focail Ghaeilge a dhíchódú agus a litriú.
- Déan nasc idir an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú agus an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) chun tacú le cur chuige ionchuimsitheach i leith theagasc na Gaeilge.
- Cuir béaltriail Ghaeilge ar fáil sa tSraith Shóisearach.
- Déan acmhainní a fhorbairt a bhfuil grúpaí mionlaigh agus ilchineálacht chultúrtha ionadaíoch iontu chun go mbeidh na hacmhainní sin cultúrfhreagrach.

### Measúnú

- Ailínigh an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) chun tacú le dul chun cinn, trédhearcacht agus ionchuimsiú.
- Bain leas as an measúnú chun cúltionchar dearfach a chruthú, trí bhéim a leagan ar chumas cumarsáide sa Ghaeilge.
- Cuir béaltriail Ghaeilge ar fáil sa tSraith Shóisearach agus déan athbhreithniú ar an mbéaltriail Ghaeilge sa tSraith Shinsearach.
- Déan machnamh ar thrialacha caighdeánaithe sa Ghaeilge a reáchtáil ag leibhéal na bunscoile.

### Oideachas múinteoirí

- Cuir forbairt ghairmiúil agus deiseanna maidir leis an bhfoghlaim ghairmiúil ar fáil do mhúinteoirí chun a gcumas Gaeilge agus an mhuinín atá acu as a gcuid Gaeilge a fhorbairt.
- Déan machnamh ar chúrsaí atá maoinithe, ar cháilíochtaí breise agus ar chúrsaí Gaeltachta atá maoinithe a chur ar fáil do mhúinteoirí.
- Cuir leis na tacaíochtaí atá ar fáil don Ghaeilge san oideachas tosaigh múinteoirí – cuir deiseanna ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint sóisialú trí Ghaeilge ar bhonn rialta.
- Déan mionscrúdú ar an méid ama a thugtar don Ghaeilge sna cláir don oideachas tosaigh múinteoirí.
- Déan cinnte de go ndéanann múinteoirí faoi oiliúint staidéar ar an gcaoi a n-oibríonn an Ghaeilge (fóineolaíocht, ortagrafaíocht, moirfeolaíocht, comhréir, srl.)
- Déan cinnte de go mbíonn go leor múinteoirí ar fáil chun an Ghaeilge a theagasc.

- Cuir breis tacaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí a bhain amach a gcuid cáilíochtaí thar lear.
- Déan nasc idir an cleachtas a mheastar a bheith ina dhea-chleachtas in oideachas múinteoirí i dtaca le teagasc agus foghlaim na Gaeilge agus an cleachtas atá sna scoileanna, go háirithe nuair a bhíonn tacaíocht á tabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint le linn na socrúchán scoile.

### Tacaíochtaí agus acmhainní

- Cuir feachtas feasachta ar bun maidir leis an nGaeilge i scoileanna meán-Bhéarla agus na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge.
- Bain úsáid as go leor ardán chun cumarsáid a dhéanamh le pobail scoile.
- Déan stór acmhainní a fhorbairt lena n-áirítear eiseamláirí den dea-chleachtas; cuir treoir ar fáil maidir leis an gcaoi ar chóir úsáid a bhaint as na hacmhainní éagsúla atá ann agus cuir feachtas feasachta ar bun maidir leis na hacmhainní atá ar fáil.
- Déan cinnte de gurb iad saineolaithe sa réimse cuí a fhorbraíonn na hacmhainní.
- Cuir clár struchtúrtha ar fáil chun scileanna litearthachta na bpáistí a fhorbairt sa Ghaeilge i scoileanna meán-Bhéarla.
- Cuir tacaíochtaí breise ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí ionas go mbeidh siad in ann a bheith páirteach i bhfoghlaim a gcuid páistí, beag beann ar an gcur amach atá acu ar an nGaeilge; déan machnamh ar acmhainní digiteacha, amhail leabhair dhigiteacha agus aipeanna, a chur ar fáil; cuir tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas maidir le foghlaim a gcuid páistí ar scoil; cuir ranganna Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí.
- Déan na scéimeanna tacaíochta don Ghaeilge a bhfuil ag éirí leo a leathnú ionas go mbeidh rochtain ag breis scoileanna orthu.
- Déan breis acmhainní digiteacha don Ghaeilge a fhorbairt, mar shampla, acmhainní chun tacú leis an bhfoghlaim dhigiteach atá cluiche-bhunaithe agus leis an bhfoghlaim ríomhchuidithe teanga; déan machnamh ar an gcaoi a bhféadfaí IS (intleacht shaorga) agus RF (réaltacht fhíorúil) a úsáid chun foghlaim na Gaeilge a chur chun cinn; cuir leis an bhfeasacht maidir leis na hacmhainní atá ann faoi láthair; déan cinnte de go mbíonn go leor maoinithe ann chun acmhainní a fhorbairt.
- Cuir scoláireachtaí chun na Gaeltachta ar fáil; déan cinnte de go mbíonn na cúrsaí Gaeltachta ionchuimsitheach maidir le scoláirí a bhfuil cúlraí éagsúla cultúrtha acu; déan machnamh ar roghanna eile seachas tréimhsí sa Ghaeltacht nuair nach n-

oirfeadh a leithéid do theaghlaigh áirithe; cuir leis na deiseanna atá ann, go háirithe do scoláirí i scoileanna DEIS, chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí Gaeltachta.

- Déan cinnte de go seasann na hacmhainní a úsáidtear agus a chruthaítear do theagasc agus foghlaim na Gaeilge leis an ilchineálacht chultúrtha in Éirinn, agus go léirítear grúpaí mionlaigh iontu.
- Cuir breis cúrsaí ar fáil trí Ghaeilge ag an tríú leibhéal.
- Cuir comhoibriú ar bun idir na Ranna Stáit a bhfuil baint acu le teagasc agus foghlaim na Gaeilge, go háirithe an Roinn Oideachais agus Óige, agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta.

## Eagraíochtaí bainistíochta scoile (1)

**Feachtas feasachta**

- Cuir na buntáistí cultúrtha a bhaineann le foghlaim na Gaeilge, mar aon leis an ‘úsáideacht’ a bhaineann leis an bhfoghlaim sin, in iúl go forleathan.
- Cuir tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas maidir leis na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge ó thaobh na fostaíochta de.
- Déan nasc idir na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus féiniúlacht Ghaelach gach páiste a shaibhriú.

**Cultúr na scoile agus cur chuige scoile uile**

- Cothaigh cultúr scoile atá dearfach i leith na Gaeilge agus a dtacaíonn an Bord Bainistíochta agus ceannaireacht na scoile go sonrach leis.
- Bíodh an Ghaeilge neamhfhoirmiúil in úsáid ag gach ball de phobal na scoile ar bhonn scoile uile.
- Cuir béim ar úsáid ghníomhach na teanga agus ar an gcumarsáid trí Ghaeilge.
- Bíodh na tuismitheoirí, an Bord Bainistíochta, agus gach ball den fhoireann teagaisc agus den fhoireann neamhtheagaisc rannpáirteach in úsáid na Gaeilge.

**Ionchuimsiú**

- Déan cinnte de go léirítear cultúir éagsúla sna téacsleabhair.
- Déan machnamh ar a oiriúnaí is atá tréimhsí Gaeltachta do scoláirí a bhfuil creidimh ilchineálacha acu, mar shampla, maidir le bia halal agus ionaid urnaí a bheith ar fáil.

- Cuimhnigh nach mbeadh an tréimhse sa Ghaeltacht oiriúnach do gach teaghlach ar bhonn cultúrtha, agus déan machnamh ar an tslí a bhféadfaí na deiseanna a bhíonn ar fáil le linn na dtréimhsí Gaeltachta a chur ar fáil ar bhealaí eile.

**Soláthar múinteoirí**

- Téigh i ngleic leis an mbearna sa soláthar múinteoirí.
- Déan cinnte de go mbíonn go leor múinteoirí ann chun an Ghaeilge a theagasc.

**Teagasc na Gaeilge**

- Dírigh aird ar úsáid na Gaeilge agus ar an gcumarsáid trí Ghaeilge, seachas róbhéim a chur ar chruinneas gramadaí.
- Dírigh aird ar chumas Gaeilge na bpáistí a fheabhsú seachas a bheith ag teagasc de réir an téacsleabhair.

**Béaltriail Ghaeilge sa tSraith Shóisearach**

- Tabhair Béaltriail Ghaeilge isteach sa tSraith Shóisearach agus tabhair tosaíocht don Ghaeilge labhartha chun na scoláirí a spreagadh chun an Ghaeilge a fhoghlaim.

**Díolúintí**

- Cuir deireadh le córas na ndíolúintí agus dírigh aird ar thacaíocht a thabhairt do gach páiste chun an Ghaeilge a fhoghlaim.

**Comhuainiú**

- Bí ar an eolas maidir le comhuainiú na dtionscnamh éagsúla; cuimhnigh ar an togra a bhaineann le tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge sna scoileanna meán-Bhéarla a nascadh leis an bhFóram Oideachais Bunscoile.

## Eagraíochtaí bainistíochta scoile (2)

**Cur chuige scoile uile**

- Déan cultúr dearfach a chruthú agus déan úsáid na Gaeilge ar fud na scoile a normalú.
- Bíodh plean scoile uile ann don Ghaeilge agus bíodh Comhairle na Scoláirí páirteach sa phlean sin.
- Bíodh na tuismitheoirí agus gach ball de phobal na scoile páirteach ann agus cuir tacaíochtaí ar fáil do thuismitheoirí ar mhaith leo an Ghaeilge a fhoghlaim.
- Déan machnamh ar chritéir/spriocanna a leagan amach do na scoileanna, amhail an Scéim Aitheantais do Scoileanna Gaeltachta.
- Déan machnamh ar threoir a eisiúint maidir le comharthaí dátheangacha i ngach scoil.

- Déan cinnte de go mbíonn áit ar leith le haghaidh leabhair Ghaeilge sa leabharlann scoile.
- Dírigh aird ar na cúiseanna a bhfoghlaimítear an Ghaeilge.
- Cuir breis deiseanna agus ardán ar fáil do pháistí chun an Ghaeilge a úsáid, mar shampla, imeachtaí spóirt, Slógadh, na Gaeil Óga.
- Bronn pointí bónais nuair a dhéantar tionscnaimh nó scrúduithe ionscoile trí Ghaeilge.

**Soláthar múinteoirí**

- Dírigh aird ar an gcaoi a bhféadfaí múinteoirí a choinneáil sa chóras agus déan machnamh ar an bhfáth a bhfuil an ghairm á fágáil acu, mar shampla toisc iad a bheith míshásta leis na hathruithe sa churaclam.

**Forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí**

- Cuir deiseanna ar fáil do mhúinteoirí chun a gcuid Gaeilge a fheabhsú, mar shampla, trí fhreastal ar chúrsaí de chuid COGG nó ar chúrsaí Gaeltachta.
- Tacaigh le múinteoirí chun dea-chleachtas a chomhroinnt agus chun múinteoirí eile a spreagadh.
- Cuir breis tacaíochta ar fáil do mhúinteoirí a bhain a gcuid cáilíochtaí amach thar lear.
- Déan machnamh ar Theastas i dTeagasc na Gaeilge a thairiscint chun aitheantas a thabhairt d'ardscileanna i dteagasc na Gaeilge.
- Déan machnamh ar an méid a d'fhéadfaí a fhoghlaim ó theagasc na Nuatheangacha Iasachta (MFL) agus a bheadh ábhartha d'fhoghlaim na Gaeilge.

**Acmhainní**

- Cuir mol ar fáil ina bhféadfaí teacht ar na hacmhainní ar fad atá ann.
- Cuir breis maoinithe ar fáil do COGG chun tacú le forbairt acmhainní.

**Béaltriail Ghaeilge sa tSraith Shóisearach**

- Tabhair Béaltriail Ghaeilge isteach sa tSraith Shóisearach.
- Cuir breis béime ar chúrsaí éisteachta sa tSraith Shóisearach.

**Béaltriail Ghaeilge sa tSraith Shinsearach**

- Déan athbhreithniú ar an mbéaltriail Ghaeilge a bhaineann leis an tSraith Shinsearach faoi láthair le cinntiú gur ar an gcumarsáid atá an bhéim seachas ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair.

**Díolúintí**

- Déan athbhreithniú ar chóras na ndíolúintí, córas a cheaptar a bheith lochtach.

**Fís don Ghaeilge**

- Cuir tacaíocht atá soiléir agus struchtúrtha ar fáil don Ghaeilge ag leibhéal an rialtais agus ag leibhéal na Roinne Oideachais agus Óige.
- Déan nasc idir foghlaim na Gaeilge ar scoil agus deiseanna chun an teanga a úsáid lasmuigh den scoil.
- Tabhair tosaíocht do theagasc agus foghlaim na Gaeilge.
- Tacaigh le fás an oideachais trí mheán na Gaeilge, rud a chruthóidh líon mór cainteoirí Gaeilge a thacóidh leis an nGaeilge san oideachas meán-Bhéarla amach anseo.
- Cuir tacaíocht láidir rialtais ar fáil don Ghaeilge trí fhoghlaim ó dhlínsí eile (m.sh., Tír na mBascach).

**An Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE)**

- Déan nasc idir foghlaim na Gaeilge agus an FTCE ón mbunscoil ar aghaidh.
- Déan cinnte de go mbíonn rath ar fhoghlaim na scoláirí; chabhródh nasc idir an Ghaeilge agus an FTCE leis seo.

## Eagraíochtaí ionadaíochta na bpríomhoidí

**Feiceálacht**

- Bíodh próifíl fheiceálach ag an nGaeilge (m.sh., déan cinnte de go mbíonn an Ghaeilge le feiceáil ag imeachtaí a bhaineann le cúrsaí oideachais agus go mbíonn an Ghaeilge in úsáid ag na himeachtaí sin).

**Dearcthaí dearfacha**

- Déan cinnte de go spreagtar meon dearfach i leith na Gaeilge agus go dtuigeann na scoláirí dá réir gur gnách botúin a dhéanamh nuair a bhíonn teanga á foghlaim.

**Cuir chuige tharraingteacha**

- Déan machnamh ar a bhfuil le foghlaim ón gcaoi a múintear na Nuatheangacha Iasachta.
- Cuir leis an leas atá á baint as an bhFoghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT) ag leibhéal na bunscoile.
- Déan machnamh ar na féidearthachtaí atá ann do chuir chuige atá cluiche-bhunaithe/spraoi-bhunaithe i leith theagasc na Gaeilge.

- Cuir leis na deiseanna atá ann chun an Ghaeilge a fhoghlaim trí ghníomhaíochtaí amhail gníomhaíochtaí spóirt.

**Díolúintí**

- Déan iniúchadh ar an gcaoi a mbronntar díolúintí ón nGaeilge faoi láthair, agus go háirithe ar an tuiscint go mbíonn siad i gcónaí ag teastáil ó pháistí a n-aithnítear go bhfuil riachtanais bhreise acu.

**Spreagadh a thabhairt don Ghaeilge**

- Déan machnamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le córais luaíochta/comórtais maidir le húsáid na Gaeilge a spreagadh ar scoil agus lasmuigh den scoil.
- Déan cinnte de go dtapaítear na deiseanna a bhaineann le himeachtaí amhail Seachtain na Gaeilge i gcaitheamh na bliana ar fad.

**Scoileanna/pobail a nascadh le chéile**

- Déan machnamh ar na féidearthachtaí atá ann chun daltaí bunscoile agus scoláirí iar-bhunscoile a thabhairt le chéile trí mheán na Gaeilge, m.sh. peil trí Ghaeilge a imirt leis na scoláirí idirbhliana sa cheantar áitiúil.
- Déan machnamh ar na féidearthachtaí atá ann do scoileanna T1 (scoileanna lán-Ghaeilge/scoileanna Gaeltachta) agus scoileanna T2 (scoileanna meán-Bhéarla) chun teagmháil a dhéanamh lena chéile agus chun a bheith ag obair le chéile.

**Oideachas tosaigh múinteoirí (OTM)**

- Déan cinnte de go mbíonn go leor tacaíochta ann do mhúinteoirí faoi oiliúint chun go mbeidh siad in ann muinín a fhorbairt maidir le bheith ag teagasc trí Ghaeilge agus déan cinnte de freisin go mbíonn sé sin ar fad ag teacht leis an gcleachtas sa ghnáthsheomra ranga; déan cinnte de go dtacaíonn feitheoireacht ar shocrúchán scoile le muinín na múinteoirí faoi oiliúint an teanga a theagasc.
- Déan athbhreithniú ar an bpróiseas/measúnú atá i bhfeidhm do mhúinteoirí a bhain a gcuid cáilíochtaí amach thar lear chun teastas sa Ghaeilge a fháil le cinntiú go ndéantar cumas teanga a chúiteamh; déan cinnte de nach féidir an próiseas/measúnú sin a chur i gcrích trí chuir chuige atá bunaithe ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair.

**Soláthar múinteoirí**

- Téigh i ngleic leis an nganntanas múinteoirí lánchháilithe atá ann ag an iar-bhunleibhéal.

**Forbairt ghairmiúil/tacaíochtaí do mhúinteoirí**

- Déan cinnte de go mbíonn go leor deiseanna ag múinteoirí chun an Ghaeilge a úsáid ar bhonn rialta.
- Déan iniúchadh ar an gcur chuige a bhaineann leis an litriú Gaeilge a theagasc ag leibhéal na bunscoile mar gheall ar na dúshláin a chruthaíonn cuir chuige thraidisiúnta amhail an scrúdú litrithe ar an Aoine d'fhoghlaimeoirí.
- Cuir deiseanna ar fáil do mhúinteoirí chun dea-chleachtas i leith theagasc na Gaeilge a chomhroinnt (m.sh., *Teachmeets*).

**Cúrsaí ama agus cúrsaí curaclaim**

- Déan soiléiriú ar an méid ama ar chóir a chaitheamh ar ghnéithe éagsúla de churaclam na bunscoile.
- Déan soiléiriú ar an gcaoi ar féidir leas a bhaint as na contanaim dul chun cinn chun bonn eolais a chur faoin measúnú.

**Béaltrialacha**

- Cuir béaltriail ar fáil sa tSraith Shóisearach.

**Rannpháirtíocht tuismitheoirí**

- Cuir acmhainní ar fáil do thuismitheoirí chun cabhrú leo tacú lena gcuid páistí an Ghaeilge a fhoghlaim.

## Soláthróirí oideachas tosaigh múinteoirí (leibhéal na bunscoile)

**Déan an teanga agus an litearthacht a fhorbairt i bpáirt le chéile**

- Déan cinnte de go ndéantar an teanga agus forbairt na litearthachta a chomhtháthú, i.e., nach dtarlaíonn sé nach ndéantar forbairt iomlán ar litearthacht sa Ghaeilge; déan cinnte de go nasctar forbairt na litearthachta le cumas cumarsáide ar bhealach fóinteach.

**Feasacht teanga**

- Déan cinnte de go ndéantar feasacht teanga i leith na Gaeilge agus i leith an Bhéarla araon (agus feasacht i leith teangacha eile freisin) a chomhtháthú le modúil in OTM.
- Cuir tuiscint ar an gcaoi a n-oibríonn an teanga chun cinn.

**Forbairt ghairmiúil**

- Cuir in iúl go soiléir cad leis a bhfuiltear ag súil maidir le teagmháil leis an nGaeilge tar éis na céime OTM.
- Déan machnamh ar fhoghlaim ghairmiúil leanúnach i leith na Gaeilge a chur ar fáil i ndiaidh na céime OTM a bhaint amach (m.sh., gach 2/3 bliana).

**Úsáid na Gaeilge sna hinstitiúidí ardoideachais (HEIs)**

- Cuir tacaíocht/pearsanra ar fáil chun go bhféadfaí 'mol' don Ghaeilge a bhunú i ngach Institiúid Ardoideachais (HEI).
- Cuir tacaíocht ar fáil chun FCÁT a úsáid le haghaidh theagasc na Gaeilge ar chúrsaí a bhaineann le hoideachas tosaigh múinteoirí (OTM).
- Déan cinnte de go dtugtar tacaíocht do na hInstitiúidí Ardoideachais (HEIs) chun modúil Ghaeilge a chur ar fáil i ngach bliain den chlár don OTM.

**Teagasc trí mheán na sprioctheanga**

- Cothaigh tuiscint chomhpháirteach ar theagasc na Gaeilge trí Ghaeilge idir múinteoirí faoi oiliúint, múinteoirí atá sa chóras agus Institiúidí Ardoideachais (HEIs)/scoileanna ar mhaithe le heispéireas na mac léinn ar na socrúcháin scoile a éascú.

**Soláthar múinteoirí**

- Téigh i ngleic leis na deacrachtaí a bhaineann le soláthar múinteoirí.

**Dul chun cinn**

- Leag amach na hionchais/tagarmharcanna a bhaineann le foghlaim na teanga ag pointí áirithe den chóras scoile go soiléir.

**Tréimhse foghlama sa Ghaeltacht**

- Déan machnamh ar bhealaí chun riachtanais na múinteoirí faoi oiliúint a mheaitseáil leis an soláthar cuí le linn na Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht, i.e., bíodh an soláthar difreáilte de réir riachtanais na bhfoghlaimeoirí.

## Soláthróirí oideachais tosaigh múinteoirí (Iar-bhunleibhéil)

**Tacaíochtaí agus acmhainní do mhúinteoirí**

- Bíodh samplaí cleachtais (i.e., físeáin de mhúinteoirí agus iad ag teagasc na Gaeilge) ar fáil trí Oide.

- Cuir breis acmhainní/tacaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint chun uasoiliúint a dhéanamh sa Ghaeilge.
- Cuir aon áit amháin ar fáil a mbeadh teacht ar na acmhainní/tacaíochtaí ar fad atá ann maidir le teagasc na Gaeilge ag an iar-bhunleibhéal.
- Cuir tacaíocht/forbairt ghairmiúil atá spriocdhírithe ar fáil do mhúinteoirí iar-bhunscoile nuacháilithe.

**Ionduchtú**

- Déan machnamh ar ionduchtú atá dírithe go sonrach ar an nGaeilge a chur ar fáil mar chuid den phróiseas a bhaineann le Droichead.

**Teagasc trí mheán na sprioctheanga**

- Déan teagasc na Gaeilge trí mheán na Gaeilge a shoiléiriú do na hInstitiúidí Ardoideachais/scoileanna agus cothaigh leanúnachas eatarthu ina leith.

**An Ghaeltacht**

- Cuir breis tacaíochta airgeadais ar fáil do mhúinteoirí iar-bhunscoile faoi oiliúint chun dul chun na Gaeltachta.

**Cuir chuige tharraingteacha**

- Foghlaim ón gcaoi a ndéantar Nuatheangacha Iasachta a theagasc.
- Bíodh gníomhaíochtaí a bhaineann le Seachtain na Gaeilge ar siúl i gcaitheamh na bliana freisin.

**Cúrsaí ama**

- Déan cinnte de go gcuirtear go leor ama agus tacaíochtaí ar fáil ar na cláir comhleanúnacha don oideachas tosaigh múinteoirí chun cumas agus muinín a fhorbairt maidir leis an teanga agus maidir le heolas oideolaíoch freisin.

**An bhéaltriail**

- Déan athiniúchadh ar an tslí a ndéantar béaltriail Ghaeilge na hArdteistiméireachta a mheasúnú; foghlaim ó na Nuatheangacha Iasachta.

## Ceardchumainn na múinteoirí

**Feachtas cumarsáide/feasachta**

- Cuir feachtas cumarsáide/feasachta ar bun maidir leis na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an bhfoghlaim sin.

- Dírigh aird ar na luachanna intreacha a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus leis na deiseanna breise fostaíochta a bhaineann léi.
- Déan cinnte de go gcuirtear na forais ábhartha ar an eolas maidir leis an gcomhairliúchán i leith na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla.
- Déan machnamh ar uainiú na cumarsáide leis na scoileanna mar tá na scoileanna ag plé le han-chuid tionscnamh faoi láthair.
- Bain úsáid as iliomad ardán chun cumarsáid a dhéanamh leis na scoileanna agus leis na múinteoirí araon.
- Cuimhnigh ar úsáid a bhaint as na hardáin éagsúla atá ag ceardchumainn na múinteoirí – nuachtlitreacha, mar shampla – chun dul i dteagmháil le múinteoirí agus chun iad a chur ar an eolas faoi na deiseanna atá ann maidir leis an bhforbairt ghairmiúil.

**Ag tacú le múinteoirí**

- Tacaigh le múinteoirí chun muinín a fhorbairt i leith na Gaeilge agus chun a gcumas Gaeilge a fhorbairt agus bíodh sé sin ar fad ina chuid lárnach den fhorbairt/fhoghlaim ghairmiúil.
- Dírigh aird ar an úsáid a bhaineann múinteoirí as teanga na cumarsáide seachas róbhéim a chur ar chruinneas gramadaí.
- Déan machnamh ar fhorbairt a dhéanamh ar na cúrsaí samhraidh Gaeltachta atá ar fáil faoi láthair a bhfuil ag éirí go maith leo.
- Bain an oiread is mó tairbhe agus is féidir as na féidearthachtaí a bhaineann le cúrsaí samhraidh chun tacú le múinteoirí. Déan machnamh ar na scileanna ba chóir a bheith ag éascaitheoirí na gcúrsaí sin.
- Cuir breis acmhainní ar fáil mar aon le físeáin ina léirítear eiseamláirí dea-chleachtais.
- Déan breis múinteoirí a earcú ó na ceantair Ghaeltachta – d'fhéadfadh sé sin a bheith lasmuigh den chuóta.
- Tacaigh le múinteoirí a chaithfidh cáilíocht sa Ghaeilge a bhaint amach.
- Ba chóir go mbeadh Scrúdú Cáilíochta na Gaeilge inrochtana agus ba chóir go mbeadh maoiniú ar fáil dó; d'fhéadfadh sé a bheith ar fáil trí na hIonaid Oideachais.

**Naisc idir na coláistí/na hinstitiúidí oideachais agus na scoileanna**

- Ba chóir naisc a bhunú idir na Coláistí Oideachais agus na scoileanna ionas go mbeidh na scoileanna in ann tacú leis na mic léinn le linn na socrúchán scoile.
- Ba chóir scoileanna a chur ar an eolas faoin dea-chleachtas maidir le teagasc na Gaeilge.

**Liúntais do mhúinteoirí**

- Tabhair ar ais an liúntas don teagasc trí Ghaeilge.
- Déan machnamh ar chreidmheas incriminteach a thabhairt do mhúinteoirí iar-bhunscoile a chaith tréimhse ag múineadh thar lear.

**Díolúintí**

- Déan leasú ar chóras na ndíolúintí ar mhaithe le féachaint chuige go mbeadh bealaí éagsúla ann chun rochtain a fháil ar an gcuraclam.
- In ionad foghlaimeoirí áirithe a fhágáil ar lár, bain úsáid as an difreálú chun an teagasc agus an fhoghlaim a chur in oiriúint dá gcuid riachtanas.

**Béaltriail Ghaeilge sa tSraith Shóisearach**

- Tabhair béaltriail Ghaeilge isteach sa tSraith Shóisearach ionas go mbeidh meas ar an nGaeilge labhartha.

## Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do thuismitheoirí agus don aos óg (1)

**Fís don Ghaeilge**

- Bíodh fís shoiléir agus chomhordaithe ann don Ghaeilge, ón réamhscoil ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal.
- Déan nasc idir foghlaim na Gaeilge agus an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE)

**An Ghaeilge ag an tríú leibhéal**

- Cuir níos mó cúrsaí tríú leibhéil ar fáil trí Ghaeilge agus bíodh nasc idir na cúrsaí sin agus deiseanna breise fostaíochta.
- Bíodh an Ghaeilge fite fuaite i saol na hollscoile.
- Cuir deiseanna ar fáil do scoláirí chun an Ghaeilge a úsáid le linn gach gníomhaíochta, i ngach uile chlub agus i ngach uile chumann, seachas sa Chumann Gaelach amháin.

**An Ghaeilge lasmuigh den scoil**

- Cuir níos mó scoláireachtaí Gaeltachta ar fáil.
- Bain leas as grúpaí óige chun tacú le húsáid na Gaeilge go cumarsáideach.

**Díolúintí**

- Díolúine ó scrúdú ba chóir a bheith ann, seachas díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge.

**Tacaíochtaí do mhúinteoirí**

- Cuir níos mó tacaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí chun a gcumas Gaeilge agus a muinín i leith na Gaeilge a fhorbairt.

## Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do thuismitheoirí agus don aos óg (2)

**Tabhair tús áite don Ghaeilge labhartha**

- Tabhair tús áite don Ghaeilge labhartha agus cuir béim uirthi (cailltear muinín nuair is ar an léitheoireacht/scríbhneoireacht a chuirtear an bhéim den chuid is mó).
- Déan machnamh ar dhá chúrsa a bhunú: ceann amháin ina ndíreofaí ar an teanga agus ar an gcumarsáid, agus ceann eile ina ndíreofaí ar an litríocht.

**Tacaigh le tionscnaimh phobalbhunaithe agus le tionscnaimh don óige**

- Tacaigh leis na tionscnaimh rathúla atá ann a dhíríonn ar rannpháirtíocht an phobail agus a chuireann an Ghaeilge chun cinn lasmuigh den scoil, m.sh. Muineachán le Gaeilge.
- Cuir acmhainní/maoiniú agus tacaíochtaí ar leith ar fáil le cinntiú go mbeidh eagraíochtaí óige in ann seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.

**Tacaíocht/Foghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí**

- Cuir tacaíochtaí ar fáil le cinntiú go mbeidh cumas Gaeilge gach uile mhúinteora – idir mhúinteoirí bunscoile agus múinteoirí iar-bhunscoile – ar ardchaighdeán agus go mbeidh Gaeilge an-chruinn acu go léir freisin.

**Déan athbhreithniú ar na cuir chuige atá ann i leith na mbéaltrialacha**

- Bíodh béaltriail sa tSraith Shóisearach.
- Leasaigh Béaltriail na hArdteistiméireachta ionas go spreagfar daoine chun béim a chur ar chumas cumarsáide sa teanga seachas ar rudaí a chur de ghlanmheabhair agus ionas go ndéanfar measúnú ar an inniúlacht teanga cumarsáide sin.

**An Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE)**

- Bíodh na hionchais a bhaineann le pointí áirithe den chóras oideachais ailínithe leis na tagarmharcanna a bhaineann leis an FTCE.

**Cuir chuige tharraingteacha i leith an teagaisc**

- Cuir tacaíocht ar fáil chun ábhair agus gníomhaíochtaí eile (m.sh. gníomhaíochtaí spóirt) a mhúineadh/a reáchtáil trí Ghaeilge sna bunscoileanna (FCÁT).

**Díolúintí**

- Fág faoi chúram na Roinne Oideachais agus Óige díolúine a thabhairt, de réir mar a dhéantaí roimhe seo, seachas an tasc sin a fhágáil faoi chúram an Phríomhoide.

## Na ranna Gaeilge sna hollscoileanna éagsúla

**Déan an dea-chleachtas a chomhroinnt**

- Cuir breis deiseanna ar fáil do mhúinteoirí chun dea-chleachtas a chomhroinnt, mar shampla, trí chomhdhálacha a bheadh dírithe go sonrach ar theagasc agus foghlaim na Gaeilge.
- Aimsigh samplaí den dea-chleachtas agus tóg ar an dea-chleachtas sin.

**Buntáistí a bhaineann leis an litríocht**

- Cuir béim ar na buntáistí a bhaineann le húsáid a bhaint as réimse téacsanna agus seánraí, lena n-áirítear amhráin agus filíocht, chun staidéar a dhéanamh ar litríocht na Gaeilge, agus déan forbairt ar na buntáistí sin.
- Bain úsáid as réimse seánraí chun tacú le spéis na bhfoghlaimeoirí i bhfoghlaim na Gaeilge agus chun cur leis an ionchur teanga atá ar fáil dóibh.
- Bain úsáid as an litríocht chun teanga na scoláirí a shaibhriú agus chun cruinneas gramadaí a chur chun cinn.
- Déan naisc fhollasacha idir an teanga sna téacsanna/sa litríocht agus scileanna ginchumais (scileanna labhartha agus scileanna scríbhneoireachta) na Gaeilge.

**Forbairt acmhainní**

- Forbair acmhainní struchtúrtha tarraingteacha chun fónaic na Gaeilge a theagasc; bíodh na hacmhainní sin deartha ag daoine a bhfuil an saineolas acu ar fhorbairt curaclaim agus ar chúrsaí fóineolaíochta.
- Infheistigh in acmhainní Gaeilge agus déan cinnte de go mbíonn na hacmhainní sin inchomparáide leis na hacmhainní atá ar fáil chun fónaic an Bhéarla a theagasc.

**Daoine a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil/ollscoil**

- Bíodh úsáid na Gaeilge ceangailte le cumarsáid trí Ghaeilge.
- Bain úsáid as imeachtaí sóisialta, clubanna drámaíochta, turais chun na Gaeltachta, srl., chun daoine a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid.

- Cuimhnigh ar chóras páirtíochta a chur i bhfeidhm chun mic léinn sna blianta deireanacha den chéim a chur i mbeirteanna le mic léinn atá sa chéad bhliain chun tacú leo freastal ar imeachtaí trí Ghaeilge.
- Déan nasc idir an Ghaeilge agus clubanna spóirt agus bunaigh limistéir Ghaeilge lasmuigh den scoil.
- Déan machnamh ar chostas na gcúrsaí Gaeltachta.

**Feachtas feasachta cumarsáide**

- Cuir feachtas feasachta ar bun maidir leis na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an bhfoghlaim sin.
- Déan cinnte de go gcuirtear gach duine san áireamh nuair a phléitear na cúiseanna cultúrtha a bhaineann le foghlaim na Gaeilge.
- Bíodh tacaíocht ar fáil do gach uile fhoghlaimeoir chun an Ghaeilge a fhoghlaim, seachas foghlaimeoirí áirithe a fhágáil as an áireamh.
- Déan difreálú ar an teagasc, ar an bhfoghlaim agus ar an measúnú ar mhaithe le féachaint chuige go ndéanfar freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus go gcuirfear gach uile fhoghlaimeoir san áireamh.
- Tabhair aitheantas do na leibhéil éagsúla chumais a bhaineann leis na scileanna éagsúla.
- Bain úsáid as an teagasc, as an bhfoghlaim agus as an measúnú chun scileanna labhartha na Gaeilge a chur chun cinn.
- Déan cinnte de go dtacaítear le foghlaimeoirí an Ghaeilge a fhoghlaim, seachas iad a fhágáil ar lár trí chóras na ndíolúintí.

**Eolas faoi na tacaíochtaí atá ar fáil**

- Déan cinnte de go mbíonn na páirtithe cuí ar an eolas maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil, m.sh., an seimeastar sa Ghaeltacht do scoláirí iar-bhunleibhéil, a bhfuil tacaíocht ar fáil dó ón Roinn Forbartha Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta.

## Na heagrais Ghaeilge

**Fís shoiléir agus chomhordaithe don Ghaeilge ag gach leibhéal den chóras oideachais.**

- Bunaigh fís agus polasaí, atá comhordaithe agus soiléir, don Ghaeilge ag gach leibhéal den chóras oideachais, an t-oideachas sna luathbhlianta san áireamh.
- Bíodh polasaí agus fís atá soiléir ann chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge; ba chóir sainghrúpa a bhunú láithreach chun an cuspóir seo a chur i gcrích.

**An Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE)**

- Cuir sainghrúpa ar bun le linn na tréimhse dhá bhliain a bhaineann leis an bplean gnímh don Ghaeilge le bheith ag obair ar chur chuige comhordaithe i leith theagasc agus foghlaim na Gaeilge a thabhairt isteach, a bheadh bunaithe ar an FTCE. Bheadh sé seo ag teacht le Clár reatha an Rialtais agus ba chóir é a dhéanamh láithreach mar chuid den Phlean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna Meán-Bhéarla; d'fhéadfaí an polasaí (lena n-áireofaí gníomhartha, amlíne agus acmhainní) a dhréachtú, agus seal a chaitheamh ar chomhairliúchán agus ar thaighde freisin, laistigh den tréimhse sin; d'fhéadfaí curaclaim athbhreithnithe a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin agus forbairt ghairmiúil a chur ar fáil do mhúinteoirí; bheadh páirtithe leasmhara éagsúla freagrach as an bpolasaí a chur i ngníomh.
- Ailínigh teagasc agus foghlaim na Gaeilge leis an FTCE ar mhaithe le cuspóirí foghlama atá trédhearcach agus soiléir a leagan amach d'fhoghlaimeoirí agus cur chuige i leith theagasc agus foghlaim na Gaeilge a chuireann gach uile fhoghlaimeoir san áireamh a chur chun cinn.

**An t-am a leagtar amach do theagasc agus foghlaim na Gaeilge ag leibhéal na bunscoile**

- Déan cinnte de go dtugtar go leor ama don Ghaeilge ionas go mbeidh sé ar chumas na ndaltaí an teanga a shealbhú dé réir an dea-chleachtais a nglactar leis ar bhonn idirnáisiúnta i dtaca le teagasc na dteangacha mionlaigh. Déan athbhreithniú ar an laghdú ar an am atá dáilte ar theagasc na Gaeilge ag leibhéal na bunscoile.

**Díolúintí**

- Déan cinnte de go dtacaítear le gach uile fhoghlaimeoir an Ghaeilge a fhoghlaim agus go dtugtar aitheantas do na scileanna teanga ar fad.
- Úsáid an FTCE mar threoirphlean mar d'fhéadfadh sé sin tacú le gach foghlaimeoir an Ghaeilge a fhoghlaim.
- Cuir deireadh le córas na ndíolúintí mar atá sé faoi láthair a chothaíonn meon diúltach i leith fhoghlaim na Gaeilge.

**Béaltriail Ghaeilge sa tSraith Shóisearach**

- Cuir béaltriail Ghaeilge ar fáil sa tSraith Shóisearach chun scoláirí a spreagadh chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus chun aitheantas a thabhairt do Ghaeilge labhartha na scoláirí.

**Tacaíocht foghlama don Ghaeilge**

- Bíodh tacaíocht foghlama ar fáil don Ghaeilge, de réir mar a bhíonn ar fáil don Bhéarla agus don Mhatamaitic.
- Spreag gach uile fhoghlaimeoir chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus tabhair tacaíocht dóibh chun é sin a dhéanamh.

**T1/T2 sa tSraith Shóisearach**

- Déan cinnte de go mbíonn baint ag saineolaithe teanga leis na hathruithe curaclaim ar fad a dhéantar.
- Déan athbhreithniú ar ghnéithe den tsonraíocht reatha T1/T2 a shíltear a bheith ag cur scoláirí T1 faoi mhíbhuntáiste.

**Trialacha caighdeánaithe measúnaithe**

- Déan machnamh ar thrialacha caighdeánaithe sa Ghaeilge a dhéanamh éigeantach ag leibhéal na bunscoile ar mhaithe le tacú le teagasc agus foghlaim na teanga agus le stádas na teanga.

**Soláthar idirdhealaithe**

- Cuir breis roghanna ar fáil maidir le foghlaim na Gaeilge chun tacú le foghlaimeoirí ilchineálacha dul i ngleic leis an nGaeilge agus chun go mbeadh rath orthu san fhoghlaim sin.
- Déan machnamh ar chúrsa a bheadh bunaithe ar an nGaeilge Fheidhmeach a thabhairt isteach agus ar chúrsa ar leith a bheadh bunaithe ar litríocht na Gaeilge.
- Déan machnamh ar cheithre leibhéal a thabhairt isteach don Ghaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile (mar shampla, bonnleibhéal, gnáthleibhéal, ardleibhéal, agus sárleibhéal, b'fhéidir) agus ar phointí bónais a thabhairt isteach don 'sárleibhéal'.
- Cuir béim ar an nGaeilge mar theanga bheo seachas mar ábhar scoile.

**Tacaigh leis na múinteoirí**

- Tacaigh leis na múinteoirí maidir lena gcumas agus a muinín i leith úsáid na Gaeilge agus cuir oideolaíochta éifeachtúla chun cinn. Cuir dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge chun cinn san oideachas tosaigh do mhúinteoirí.
- Cuir leis an socrúchán Gaeltachta mar tá tábhacht ag baint leis sin.

**Scéimeanna tacaíochta don Ghaeilge**

- Déan cinnte de go mbíonn go leor maoinithe ar fáil do na scéimeanna tacaíochta atá ann faoi láthair m.sh. Léargas, Gaelbhratach. Cuir breis daoine ar an eolas maidir leis na scéimeanna tacaíochta atá ann, mar shampla, na scoláireachtaí Gaeltachta.

**An Ghaeilge mar chuid de chur chuige feasachta teanga**

- Déan cinnte de go mbíonn an Ghaeilge ina cuid lárnach de chuir chuige feasachta teanga, mar shampla, teagasc na Nuatheangacha Iasachta (MFL).

## Eagraíochtaí a phléann le cúrsaí ionchuimsithe/riachtanais bhreise

**Litearthacht sa Ghaeilge**

- Cuir treoir bhreise ar fáil maidir le teagasc litriú na Gaeilge agus maidir le teagasc fhónaic na Gaeilge ar mhaithe le féachaint chuige go múinfear ortagrafaíocht na Gaeilge agus eolas códbhunaithe a bhaineann leis an nGaeilge ar bhonn córasach.
- Cuir clár léitheoireachta Gaeilge atá struchtúrtha agus in-díchódaithe ar fáil agus bíodh sé ag teacht leis an scóip agus leis an ord a bhaineann le clár struchtúrtha fónaice.
- Forbair clár fónaice atá córasach agus struchtúrtha, atá bunaithe ar na prionsabail a bhaineann leis an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF), agus a úsáideann IS/an teicneolaíocht chun tacú le múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí.
- Cuir acmhainní ar fáil atá réidh le húsáid chun tacú le teagasc fhónaic na Gaeilge.
- Cuir treoir bhreise ar fáil do scoileanna/múinteoirí le cinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoin dochar a d’fhéadfadh scrúduithe litrithe a dhéanamh d’fholláine na scoláirí, go háirithe scoláirí atá néara-éagsúil, agus go mbeidh siad ar an eolas freisin faoi na héifeachtaí diúltacha a bhaineann leo i gcoitinne.

**Ionchuimsiú agus Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF)**

- Úsáid na prionsabail ar a bhfuil an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim bunaithe le cinntiú go mbíonn go leor conairí agus modhanna freagartha ann do gach uile scoláire (scoláirí néara-éagsúla san áireamh) agus iad ag foghlaim na Gaeilge.
- Cuir treoir bhreise agus acmhainní breise ar fáil do theagasc ionchuimsitheach na Gaeilge ag Leibhéal 1 (Tacaíocht Scoile Uile agus Tacaíocht Ranga) agus ag Leibhéal 2 (Tacaíocht Scoile do Dhaltaí Áirithe) den Leanúntas Tacaíochta, lena n-áirítear tacaíocht foghlama ar leith don Ghaeilge.
- Déan machnamh ar an mbealach is fearr a bhféadfaí atmaisféar ranga a fhorbairt a bheadh sábháilte agus ionchuimsitheach ar mhaithe le muinín a chothú i leith na Gaeilge agus scoláirí a spreagadh chun a ndícheall a dhéanamh, botúin a dhéanamh, srl.

- Déan cinnte de go mbíonn meon dearfach ann i leith theagasc agus foghlaim na Gaeilge; cuir in iúl go soiléir go bhfuil sé ceart go leor botún a dhéanamh.

**Tacaíochtaí d'fhoireann na scoile**

- Cuir tacaíochtaí breise ar fáil do Chúntóirí Riachtanas Speisialta (CRS)/Feighlithe/Rúnaithe ionas go mbeidh siad in ann dul i ngleic le foghlaim na Gaeilge ar bhonn gairmiúil, mar bhaill de phobal na scoile.

**Sainmhúinteoirí**

- Déan machnamh ar shainmhúinteoirí Gaeilge a thabhairt isteach, mar go bhféadfadh sé seo rochtain ní ba mhó ar an gairm mhúinteoireachta a chothú do mhúinteoirí nach gcáilítear trí na cónairí traidisiúnta iad.

## Seirbhísí tacaíochta na Roinne do mhúinteoirí

**Fís agus leanúnachas**

- Bíodh polasaí uileghabhálach ann i leith na Gaeilge, ón réamhscoil ar aghaidh go dtí an t-ardoideachas, agus bíodh baint aige sin le cúrsaí curaclaim agus le cúrsaí measúnaithe araon.
- Bíodh fís agus plean atá comhtháite ann don Ghaeilge – plean a théann i ngleic le cúrsaí curaclaim agus le cúrsaí measúnaithe ag gach leibhéal den chóras oideachais.
- Déan anailís ar na riachtanais atá ann ar mhaithe le tacú le pleanáil don Ghaeilge amach anseo laistigh den chóras oideachais agus lasmuigh de.
- Cuir sainghrúpa ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí foghlama agus na hionchais atá ann don Ghaeilge sa chóras oideachas ina iomláine, cúrsaí curaclaim agus cúrsaí measúnaithe ina measc; ba chóir don ghrúpa sin machnamh a dhéanamh ar an gcóras a ailíniú leis an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE).
- Déan cinnte de go leagtar amach go soiléir san fhís/polasaí i leith na Gaeilge conas is féidir tacú leis an nGaeilge lasmuigh den scoil agus go gcuirtear in iúl go soiléir ann an fáth a bhfoghlaimítear an Ghaeilge agus an ról atá ag an bhfoghlaim sin.

**Tabhairt tús áite don chumarsáid**

- Dírigh breis airde ar an gcumas cumarsáide, seachas róbhéim a chur ar an litríocht.
- Agus curaclaim á ndearadh agus á gcur i bhfeidhm, déan cinnte de go mbaintear an chothromaíocht chuí amach idir BICS (Bunscileanna Cumarsáide Idirphearsanta) agus CALP (Inniúlacht ar an Teanga Chognaíoch agus Acadúil).

**Dearcthaí dearfacha**

- Tabhair aghaidh ar an tuiscint go bhféadfadh náire nó eagla a bheith ag baint le húsáid na Gaeilge.

**Cuir chuige tharraingteacha**

- Foghlaim ó na dea-eispéiris a bhaineann leis an gcuraclam do na Nuatheangacha Iasachta (NTI) agus ón bhfócas atá sna curaclaim sin; tá sé tuairiscithe ag scoláirí go bhfuil ag éirí níos fearr leo agus iad ag foghlaim teangacha amhail an Ghearmáinis agus an Fhraincis agus go mbaineann siad níos mó suilt as an bhfoghlaim sin freisin.
- Déan cinnte de go mbíonn deiseanna spraíúla agus tarraingteacha ar fáil chun an Ghaeilge a fhoghlaim – mar shampla, clubanna óige, Seó Bóthair Chonradh na Gaeilge.

**Scrúduithe agus measúnú**

- Úsáid próiseas deartha droim ar ais le cinntiú go mbeidh na sonraíochtaí curaclaim ailínithe go dlúth leis na tascanna measúnaithe cuí.
- Déan cinnte de go ndéantar scileanna cumarsáide sa Ghaeilge a chúiteamh mar ba chóir sna scrúduithe.
- Cuir béaltriail ar fáil sa tSraith Shóisearach.
- Déan athmhacnamh ar an úsáid a bhaintear as Sraith Pictiúr ag leibhéal na hArdteistiméireachta.
- Déan iniúchadh ar an gcaoi a ndéantar measúnú ar an nGaeilge ag leibhéal na bunscoile, agus ar an gcaoi a ndéantar é sin a thuairisciú, cuir san áireamh na féidearthachtaí atá ann chun úsáid níos leithne a bhaint as trialacha caighdeánaithe don Ghaeilge.

**An Ghaeltacht**

- Téigh i ngleic leis an easnamh maoinithe atá ann maidir leis na scoláireachtaí Gaeltachta; méadaigh feasacht ar na tacaíochtaí atá ar fáil.
- Déan machnamh ar bhealaí a bhféadfaí eispéiris amhail tréimhsí Gaeltachta a reáchtáil laistigh den scoil do scoláirí nach bhféadfadh freastal ar chúrsa Gaeltachta/nach rachadh chun na Gaeltachta.
- Déan machnamh ar shlite a bhféadfaí scoláireachtaí Gaeltachta a chur ar fáil do scoláirí atá ag freastal ar scoileanna nach scoileanna DEIS iad ach a bhfuil tacaíocht airgeadais ag teastáil uathu.

**Tacaíochtaí do mhúinteoirí**

- Cuir níos mó deiseanna ar fáil do mhúinteoirí chun a gcuid scileanna Gaeilge a fhorbairt agus a chleachtadh i dtimpeallachtaí atá fáilteach agus neamhbhagrach.
- Téigh i ngleic leis an easpa eolais atá ann i leith chumas Gaeilge na múinteoirí féin ionas go bhféadfaí forbairt ghairmiúil a phleanáil agus a chur ar fáil amach anseo.
- Déan machnamh ar na spreagthaí atá ann do mhúinteoirí iar-bhunscoile chun páirt a ghlacadh san fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) (amhail na Laethanta Saoire Pearsanta Breise ag leibhéal na bunscoile).
- Cuir ar chumas na múinteoirí feidhmiú mar rólchuspaí agus dea-shampla a thabhairt maidir le húsáid na Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais.

**An curaclam**

- Cuir litríocht Ghaeilge atá oiriúnach ar fáil do scoláirí.
- Déan iniúchadh ar na cineálacha téacsanna a ndéantar staidéar orthu don Ardteistiméireacht, ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal, agus ar na leibhéil deacrachta atá i gceist.
- Déan machnamh ar Ghaeilge ag an mbonnleibhéal a thabhairt ar ais sa tSraith Shóisearach ionas go mbeidh gach uile scoláire á chur san áireamh.

## Seirbhísí Gaeilge do dhaoine óga

**Oideachas tosaigh múinteoirí**

- Ós rud é go bhfuil imní á léiriú maidir le cumas Gaeilge na múinteoirí faoi oiliúint, déan iniúchadh ar an méid ama a thugtar don Ghaeilge sna cláir don oideachas tosaigh do mhúinteoirí.
- Déan machnamh ar bhéaltriail Ghaeilge ar leith a thabhairt ar ais chun áit a fháil ar chúrsa don Oideachas Tosaigh Múinteoirí ag leibhéal na bunscoile; cuir breis tacaíochta/cúrsaí ar fáil dóibh siúd nach mbíonn an caighdeán cuí acu.

**Tacaíochtaí Gaeltachta**

- Cuir breis tacaíochta ar fáil do mhúinteoirí chun freastal ar chúrsaí Gaeltachta ar mhaithe le cur lena gcumas Gaeilge agus leis an muinín atá acu ina leith.
- Cuir leis an méid ama a chaitheann múinteoirí faoi oiliúint ar an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht.
- Déan iniúchadh ar an tslí a mbronntar scoláireachtaí Gaeltachta ar scoláirí sna scoileanna DEIS ar mhaithe le cinntiú nach mbeidh easpa mhaoinithe ina bac orthu

agus ar mhaithe le féachaint chuige go mbeidh níos mó eolais ar fáil faoi na tacaíochtaí atá ann.

- Déan cinnte de go mbronnfaí na scoláireachtaí Gaeltachta ar scoláirí a bhfuil spéis acu sa teanga; bíodh ról lárnach ag na múinteoirí Gaeilge maidir leis na scoláirí a mbronnfar scoláireachtaí orthu a roghnú.
- Déan iniúchadh ar an tslí a gceadaíonn an Roinn cúrsaí gearrthéarmacha Gaeltachta ar mhaithe le féachaint chuige gur féidir tréimhsí 3-5 lá a chaitheamh sa Ghaeltacht (m.sh., do bhunscoileanna, scoileanna DEIS).
- Meall scoláirí idirbhliana chun tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht in ionad a bheith ag dul thar lear nó chomh maith le bheith ag dul thar lear.

**Tacaíochtaí d'eagraíochtaí óige**

- Cuir maoiniú ar fáil chun ábhair/acmhainní trí Ghaeilge a sholáthar do dhaoine óga; cabhraigh leis na heagraíochtaí éagsúla óige a bheith ag comhoibriú lena chéile.
- Cuir tacaíocht/maoiniú ar fáil do scéimeanna a chuireann ceannaireacht óige chun cinn i dtaca le húsáid na Gaeilge, m.sh., clubanna Gaeilge a bhfuil daoine óga i gceannas orthu.
- Déan cinnte de go mbíonn maoiniú cothrom ar fáil d'eagraíochtaí óige a dhíríonn ar an nGaeilge.
- Déan infheistiú i scéimeanna a chuireann tacaíocht ar fáil chun cinnirí Gaeilge sa phobal a fhorbairt.
- Cuir breis tacaíochtaí ar fáil d'eagraíochtaí chun iarratasóirí a bhfuil Gaeilge acu a earcú, m.sh., cúrsaí tríú leibhéal a dhíríonn ar obair óige trí Ghaeilge.

**An méid ama a thugtar don Ghaeilge**

- Déan iniúchadh ar an gcaoi a bhféadfadh an laghdú ama atá beartaithe don Ghaeilge ag leibhéal na bunscoile teacht salach ar na hardaidhmeanna a bhaineann leis an bPlean Gnímh, i.e., déan athbhreithniú ar an socrú a rinneadh chun an t-am atá dáilte ar an nGaeilge a laghdú ag leibhéal na bunscoile.

**Díolúintí**

- Bain an fhreagracht a bhaineann le bronnadh na díolúintí ó na príomhoidí ar mhaithe le coimhlint a sheachaint le tuismitheoirí ar bhonn áitiúil.

**Cuir chuige tharraingteacha**

- Déan iniúchadh ar an tslí a dteagasctar na Nuatheangacha Iasachta agus foghlaim ón gcur chuige sin.

- Bíodh an bhéim ar chuir chuige atá taitneamhach agus spraíúil, agus bíodh sé le tuiscint gur teanga bheo í an Ghaeilge.

**Ceannaireacht Scoile**

- Tabhair aitheantas don ról lárnach a bhíonn ag príomhoidí scoile maidir le heagraíochtaí/clubanna óige a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid (agus maidir le cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne).

## Saineolaithe ar theagasc na Gaeilge

**Tabhair breis ama do theagasc na Gaeilge, cuir breis deiseanna ar fáil chun an teanga a úsáid agus bí ag gluaiseacht i dtreo an pháirt-tumtha**

- Déan cinnte de go mbíonn go leor ama ag páistí agus ag daoine óga chun scileanna teanga agus scileanna litearthachta a fhorbairt le linn dóibh a bheith ar scoil.
- Bíodh teagmháil níos mó leis an nGaeilge i ngach uile scoil; ná laghdaigh an méid ama a thugtar don Ghaeilge; ós rud é go bhfuil teorainn leis an méid ama atá ar fáil ar scoil, tabhair tús áite don am a thugtar do theagasc agus foghlaim na Gaeilge.
- Déan machnamh ar ghluaiseacht i dtreo cláir pháirt-tumtha.
- Bíodh béim ar an nGaeilge neamhfhoirmiúil i ngach uile scoil.

**Tacaigh le múinteoirí**

- Tacaigh le múinteoirí chun muinín a chothú i leith na Gaeilge.
- Tabhair tús áite san oideachas tosaigh do mhúinteoirí do mhuinín a chothú i leith na Gaeilge.
- Cuir deiseanna ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint casadh ar a chéile trí Ghaeilge ionas go mbeidh dea-chuimhní acu ar an teanga.
- Tabhair tosaíocht don uasoiliuint sa Ghaeilge trí am a thabhairt do mhúinteoirí páirt a ghlacadh san fhoghlaim ghairmiúil i rith am scoile.
- Déan machnamh ar ‘ambasadóirí’ don Ghaeilge a chur ar fáil i ngach scoil; d’fhéadfaí múinteoir amháin nó beirt mhúinteoirí a chur san áireamh i ngach scoil don ról sin, a dtabharfaí aitheantas dó.
- Bain leas as na hionaid oideachais chun tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí ar bhonn réigiúnach agus ar bhonn áitiúil; d’fhéadfaí naisc a bhunú idir na hionaid oideachais agus an ceantar Gaeltachta is gaire freisin.
- Déan machnamh ar shlite a bhféadfaí dea-chleachtas a chomhroinnt.

**Ag tacú le rannpháirteachas na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí**

- Tacaigh le rannpháirteachas tuismitheoirí/caomhnóirí i bhfoghlaim Ghaeilge a gcuid páistí; d’fhéadfaí é sin a éascú ar bhealaí éagsúla, m.sh., leabhair dhigiteacha Ghaeilge a úsáid, breathnú ar theilifís Ghaeilge, éisteacht le dánta/amhráin, agus roinnt Gaeilge a úsáid sa bhaile.
- Bain úsáid as acmhainní digiteacha chun tacú le tuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu.
- Cuir eolas ar fáil do thuismitheoirí maidir leis na buntáistí a bhaineann leis an dátheangachas/ilteangachas agus maidir leis an tslí ar féidir leo tacú le foghlaim a gcuid páistí.
- Cuir acmhainní oiriúnacha Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí/do chaomhnóirí ar mhaithe le nasc dearfach baile is scoile a fhorbairt.
- Déan cinnte de go mbíonn na gníomhaíochtaí baile ar fad don Ghaeilge taitneamhach.

**Cuir breis deiseanna ar fáil chun an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil**

- Bunaigh naisc idir foghlaim na Gaeilge ar scoil agus úsáid na Gaeilge sa cheantar áitiúil.
- Cuir maoiniú ar fáil d’oifigigh Ghaeilge i ngach uile bhaile mór chun úsáid na Gaeilge a phleanáil agus a chomhordú i measc an phobail ar bhealach comhtháite.
- Bunaigh naisc leis an nGaeltacht; d’fhéadfaí leas a bhaint as turais lae, go fiú.

**Fís don Ghaeilge**

- Bíodh fís shoiléir don Ghaeilge sa chóras oideachais ina iomláine.
- Déan machnamh ar naisc a bhunú leis an Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE) agus le TEG.
- Déan ionchais, caighdeáin foghlama agus cuspóirí a shoiléiriú.

**Measúnú**

- Déan machnamh ar bhealaí chun teagasc litríocht na Gaeilge ag an iar-bhunleibhéal a nascadh le forbairt na teanga labhartha.
- Bain úsáid as an measúnú suimitheach chun tacú le forbairt na teanga labhartha.

**Inspreagadh**

- Déan cinnte de go gcuirtear béim ar Stair na Gaeilge mar chuid d’fhoghlaim na Gaeilge.
- Cuir béim ar na cúiseanna cultúrtha a bhfoghlaimítear an Ghaeilge.

**Bíodh tacaíocht ar fáil chun scileanna litearthachta a fhorbairt sa Ghaeilge**

- Déan cinnte de go mbaintear leas as an léitheoireacht agus as an scríbhneoireacht chun tacú le forbairt teanga na bpáistí ar bhealach atá comhtháite.
- Déan scileanna litearthachta Gaeilge a theagasc ar bhealach córasach ionas go gcuirfear ar chumas na bpáistí fónaic na Gaeilge a léirfhoghlaim agus ionas go bhfoghlaimeoidh siad conas focail Ghaeilge a dhíchódú.
- Bain úsáid as réimse téacsanna in ionad a bheith ag brath go huile is go hiomlán ar na téacsleabhair le haghaidh ábhar léitheoireachta.
- Roghnaigh réimse téacsanna ag an leibhéal cuí chun cur leis an ionchur Gaeilge; chun cur leis an stór focal; chun cur leis an eolas ar fhónaic, ar an ngramadach agus ar chomhréir; chun teanga na bhfoghlaimeoirí a shaibhriú; agus chun inspreagadh na bhfoghlaimeoirí a fhorbairt níos mó.
- Dírigh aird ar thraschur scileanna ó theanga go chéile agus spreag na foghlaimeoirí le díriú ar phatrúin teangeolaíochta na bhfocal agus le fiosrú a dhéanamh ar phatrúin thar theangacha.
- Cuir clár struchtúrtha léitheoireachta ar fáil do theagasc na léitheoireachta Gaeilge sna scoileanna meán-Bhéarla, mar aon le hacmhainní tacaíochta do mhúinteoirí.
- Déan cinnte de go bhfaigheann gach páiste blaiseadh de thimpeallacht ina bhfuil áit lárnach ag ábhar Gaeilge i bprionta agus go mbíonn go leor deiseanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta acu i réimse seánraí i nGaeilge.
- Bíodh deiseanna ag na páistí sna ranganna sóisearacha páirt a ghlacadh sa léitheoireacht i gcomhpháirt.
- Spreag na páistí chun téacsanna oiriúnacha a léamh arís is arís eile chun líofacht léitheoireachta a chothú.
- Déan machnamh ar níos mó leabhar digiteacha agus téacsanna dátheangacha/ilteangacha a chur ar fáil a d'fhéadfadh tacú leis na tuismitheoirí a bheith páirteach sa léitheoireacht Ghaeilge.
- Déan machnamh ar shlite a bhféadfadh tuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu páirt ghníomhach a ghlacadh i bhfoghlaim a bpáiste, mar shampla, leabhar digiteach a léamh le chéile nó breathnú ar chlár teilifíse i nGaeilge.
- Bíodh béim ar ortagrafaíocht na Gaeilge agus ar fhorbairt scileanna litearthachta na Gaeilge sna cáilíochtaí a bhaineann le hoideachas múinteoirí.
- Bain úsáid as réimse téacsanna a bhaineann le seánraí éagsúla chun tacú le hionchur Gaeilge na múinteoirí.

## Saineolaithe ar oideachas múinteoirí

**Gaeilge neamhfhoirmiúil**

- Déan cinnte de go gcuirtear béim ar leith ar an ngnáth-Ghaeilge labhartha a úsáidtear ar bhonn laethúil (gnáthchaint an lae); cuir an scafláil chuí ar fáil (m.sh., cairteacha/taispeántais) do na páistí chun ligean dóibh go leor struchtúir abairte a ghineadh ón mbunstruchtúr céanna (m.sh., an bhfuil cead agam ______?)

**Foghlaim ghairmiúil**

- Tacaigh leis na múinteoirí cumas Gaeilge a bhaint amach agus féinmhuinín a fhorbairt i leith na Gaeilge atá acu féin.
- Cuir deiseanna foghlama gairmiúla ar fáil do mhúinteoirí chun tacú leo tuiscint a fháil ar struchtúr teangeolaíochta na Gaeilge agus ar fhoirm theangeolaíochta na Gaeilge (m.sh., struchtúir ghramadaí na Gaeilge).
- Scaip eolas cruinn maidir le dea-chleachtas a bhaineann le teagasc agus foghlaim na Gaeilge; cuir tacaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí maidir leis an mbealach is féidir leas a bhaint as acmhainní úsáideacha atá ar fáil trí Ghaeilge.

**Cuir chuige agus acmhainní tarraingteacha**

- Bain feidhm as modhanna teagaisc a spreagann na foghlaimeoirí chun an teanga a úsáid ar bhonn idirghníomhach (m.sh., gearrthóga físe, rapanna) chun na foghlaimeoirí go léir a spreagadh le bheith páirteach agus chun cur lena bhféinmhuinín.
- Déan machnamh ar na nithe is féidir a fhoghlaim ó na cuir chuige a úsáidtear i leith theagasc na Nuatheangacha Iasachta.
- Úsáid an litríocht chun comhrá a spreagadh – m.sh.., rólimirt, rapanna, gearrthóga físe – in ionad a bheith ag foghlaim rudaí de ghlanmheabhair.
- Bain úsáid as an teicneolaíocht agus as acmhainní digiteacha chun tacú le teagasc na Gaeilge (m.sh.. abair.ie; gaois.ie).
- Cuimhnigh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as leabhair a bhfuil ábhar scaflála ag dul leo (m.sh., gníomhaíochtaí roimh an léitheoireacht/le linn na léitheoireachta/ i ndiaidh na léitheoireachta) chun tacú le forbairt na teanga.

**Déan féinmhuinín a fhorbairt**

- Déan cinnte de go gcuireann an chaoi a ndéantar an Ghaeilge a theagasc le féinmhuinín na bhfoghlaimeoirí agus go spreagtar na múinteoirí agus na scoláirí chun tacú lena chéile san fhoghlaim.

- Déan cinnte de go mbíonn dearcadh oscailte ann i leith na Gaeilge agus nach mbíonn eagla ar na scoláirí botúin a dhéanamh ná dearmad a dhéanamh ar rud a bhí foghlamtha acu cheana (rud a bhaineann le sealbhú teanga i gcoitinne).
- Cuir in iúl do na scoláirí gur chóir dóibh a bheith bródúil as an nGaeilge agus astu siúd a thacaigh leis an nGaeilge. Spreagann bród suim, spreagann suim foghlaim, spreagann foghlaim líofacht.
- Déan cinnte de go gcothaítear cultúr dearfach i leith úsáid na Gaeilge.

**Ionchur teanga**

- Déan cinnte de go mbaintear úsáid as an ionchur teanga cuí nuair a bhíonn an Ghaeilge á teagasc. Ba chóir gan cloí le focail aonair a úsáid agus ba chóir fanacht amach ó stór focal gan chomhthéacs a fhoghlaim de ghlanmheabhair; chabhródh sé seo le haschur teanga na bpáistí a fhorbairt.
- Bíodh an bhéim ar an nGaeilge labhartha.
- Cuir in iúl do na foghlaimeoirí an chaoi a mbíonn tionchar ag an nGaeilge ar Bhéarla na hÉireann.
- Déan cinnte de go ndéantar an Ghaeilge a theagasc go rialta gach uile lá, más féidir, ag leibhéal na bunscoile/na hiar-bhunscoile.

**Dul chun cinn agus aistriú**

- Déan cinnte de go ndéantar dul chun cinn, ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de, de réir mar a théann an dalta ar aghaidh ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil.
- Déan cinnte de go ndéantar eiseamláirí teanga a theagasc agus a fhorbairt ó rang go rang ag leibhéal na bunscoile.
- Déan cinnte de go ndéantar forbairt ar na hacmhainní/scéimeanna agus ar na pleananna ar bhonn scoile uile ó rang go rang agus ó bhliain go bliain.
- Bain úsáid as na modhanna measúnaithe cuí chun taifead a choinneáil den Ghaeilge a foghlaimíodh (seachas gan ach taifead a choinneáil den Ghaeilge a múineadh).

**Ionchuimsiú**

- Úsáid an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim mar chreat chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge ar bhonn ionchuimsitheach.
- Bí réadúil faoin tionchar a bhíonn ag an máthairtheanga (m.sh., Béarla) ar fhoghlaim an dara teanga agus ar fhoghlaim teangacha eile ina dhiaidh sin.

## Saineolaithe ar chúrsaí measúnaithe

**Déan an teanga agus an litearthacht a fhorbairt taobh le taobh**

- Déan cinnte de go nglactar leis go mbíonn an teanga agus forbairt na litearthachta fite fuaite ina chéile (m.sh., an chaoi a gcuireann an léitheoireacht leis an stór focal.)

**Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí**

- Déan cinnte de go mbíonn acmhainní/scéimeanna ar fáil chun ligean do na tuismitheoirí a bheith páirteach i bhfoghlaim na Gaeilge in éineacht lena gcuid páistí; déan cinnte de go mbíonn comhordú agus rannpháirtíocht i gceist.
- Dírigh ar bhuanna na bhfoghlaimeoirí; ar mhaithe lena gcuid féinmhuiníne a fhorbairt. Cuir i gcuimhne do na páistí/daoine fásta an méid Gaeilge atá sealbhaithe acu.
- Cuimhnigh ar bhealaí ar féidir obair bhaile a úsáid chun tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir leis an nGaeilge atá á foghlaim ag a gcuid páistí.

**Cuir chuige tharraingteacha**

- Bain úsáid as an amhránaíocht mar oideolaíocht chun tacú le foghlaim na Gaeilge.
- Déan machnamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí amhail RF agus IS chun tacú le foghlaim na Gaeilge.

**Measúnú a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim**

- Déan cinnte de go dtrasnaíonn teagasc agus foghlaim na Gaeilge go húsáid na teanga taobh amuigh de shuíomhanna foirmiúla foghlama.
- Déan cinnte de go n-aithnítear an éagsúlacht sa teanga/stór focal a bheifí ag súil leis sa luathshealbhú teanga sna modhanna measúnaithe a úsáidtear (go háirithe nuair is teanga mhionlaigh atá i gceist).
- Déan cinnte de go n-úsáidtear modhanna freagracha measúnaithe leis luathfhoghlaimeoirí, modhanna a thabharfadh misneach dóibh seachas a chuirfeadh lagmhisneach orthu.
- Cuir tuairim an mhúinteora san áireamh nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar fhoghlaim na luathfhoghlaimeoirí, m.sh., bain úsáid as ráitis amhail 'Is féidir liom…'

**Béaltrialacha**

- Cuir athruithe i bhfeidhm ar bhéaltriail na hArdteistiméireachta ionas nach molfaí an fhoghlaim de ghlanmheabhair; déan cinnte de nach n-airíonn  cainteoirí dúchais go

gcaithfidh siad abairtí a fhoghlaim de ghlanmheabhair chun marc ard a ghnóthú sa bhéaltriail.

- Cuir athruithe i bhfeidhm ar an gcineál cur chuige a bhaineann leis an tSraith Pictiúr ionas nach mbeidh siad ullmhaithe agus curtha de ghlanmheabhair ag na scoláirí roimh ré.

**An Fráma Tagartha Comónta Eorpach (FTCE)**

- Bain lánúsáid as an FTCE chun cuidiú leis na scoláirí súil a choinneáil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh acu ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge de.
- Reáchtáil scéim phíolótach chun na leibhéil chumais FTCE a bhaineann foghlaimeoirí amach ag leibhéil éagsúla den chóras oideachais a mhapáil (m.sh., ag deireadh na tréimhse bunscoile/na Sraithe Sóisearaí/na hArdteistiméireachta/na céime/na tréimhse a bhaineann leis an oideachas tosaigh múinteoirí) agus aimsigh na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim teanga mar aon leis na príomhthosaíochtaí don chóras.
- Chun tacú le dul chun cinn, cuir na modhanna measúnaithe agus na modhanna teagaisc/foghlama a bhaineann leis an FTCE (i.e. cur chuige dírithe ar ghníomh) i bhfeidhm ar an gcóras; bíodh an measúnú mar thúsphointe agus ansin déan mapáil droim ar ais ar chuir chuige éagsúla i leith an teagaisc agus i leith na foghlama.

**Taighde**

- Bíodh amlíne atá réadúil agus comhaontaithe i gceist maidir le taighde ar bith a dhéantar ar theagasc/foghlaim na Gaeilge. Seachain sprioc ama atá róghearr nuair a iarrtar ar thaighdeoirí san hinstitiúidí ardoideachais tairiscintí a chur isteach nó páirt a ghlacadh i dtaighde.

## Eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do ghrúpaí mionlaigh

**Bíodh an fhís agus an polasaí ailínithe le chéile**

- Déan an Plean Gnímh don Ghaeilge a ailíniú le tacaíochtaí agus polasaithe eile a bhaineann leis an gcóras, m.sh., an Straitéis Náisiúnta um Ionchuimsiú Phobal an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh, ar mhaithe le leanúnachas agus freagrúlacht a chinntiú.

**Tuiscint a léiriú ar fhoghlaimeoirí ó ghrúpaí mionlaigh agus ar ionadaíocht na ngrúpaí**

- Nuair a bhítear ag tacú le daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad maidir le teagasc agus foghlaim na Gaeilge ná dearmad na constaicí agus na dúshláin a eascraíonn as an trasnachas (m.sh. cuimhnigh ar dhuine aonair ar de ghrúpa mionlaigh eitneach iad agus a bhfuil míchumas orthu freisin).

- Déan iarracht leanúnach féachaint chuige go mbíonn na téacsanna agus na hacmhainní teagaisc ar fad a úsáidtear cultúrfhreagrach agus go léirítear grúpaí mionlaigh mar ba chóir sna hacmhainní a fheiceann daoine óga.
- Déan gach uile iarracht dul i dteagmháil leis na pobail mhionlaigh; mar shampla, úsáid gréasáin agus eagraíochtaí ionadaíochta.
- Cuir in iúl go soiléir go bhfuil an Ghaeilge ar cheann de na teangacha iomadúla a bhaineann leis an bpobal teanga ilghnéitheach atá againn; déan cinnte de go dtugtar aitheantas do theanga na dTaistealaithe (Caintis) agus do theangacha baile eile.

**Ionchais arda**

- Tacaigh leis na múinteoirí ionas go mbeidh ionchais arda acu maidir le *gach uile* fhoghlaimeoir sa seomra ranga (ionchais arda maidir leis an nGaeilge, san áireamh).
- Ná ceap gur chóir dul i muinín na ndíolúintí láithreach mar phríomhthaca do pháistí/dhaoine óga a mbíonn deacrachtaí acu maidir le foghlaim na Gaeilge.

**Tacaíochtaí breise**

- Cuir breis tacaíocht foghlama ar fáil don Ghaeilge (de réir mar a dhéantar don Bhéarla) mar is teanga bhreise í an Ghaeilge ag go leor daoine óga, díreach mar is teanga bhreise acu an Béarla, agus d'fhéadfadh foghlaim na Gaeilge a bheith ar cheann de na dúshláin a gcaithfidh páistí dul i ngleic leo ar scoil.
